

# Seanscéalta ó Fhear Manach

## Scéalta dorcha ó acha'n taobh den chontae

Séamas Mac Annaidh & Carlo Gébler

Léaráidí le James Killian





Seanscéalta ó Fhear Manach  
Scéalta dorcha ó acha'n  
taobh den chontae

le

Séamas Mac Annaidh & Carlo Gébler

Léaráidí le James Killian

Arna chéadfhoilsiú in 2019 ag Comhairle Ceantair Fhear Manach  
& na hÓmaí

2 Townhall Street, Enniskillen, Co. Fermanagh BT74 7BA

[www.fermanaghomagham.com](http://www.fermanaghomagham.com)

Cóipcheart an téacs © 2019 Séamas Mac Annaidh  
agus Carlo Gébler

Cóipcheart Léaráidí © 2019 James Killian

Cóipcheart an leagain amach © 2019 Comhairle Ceantair Fhear  
Manach agus na hÓmaí

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ar  
aon mhodh ná slí – bíodh sin grafach, leictreonach, nó meicniúil,  
lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipthaifeadeadh nó  
córais stórála nó aisghabhála faisnéise – gan cead a fháil roimh ré  
i bhfoirm scríofa ó na foilsitheoirí.

ISBN 978-0-9540727-1-1

Arna chlóbhualadh agus arna cheangal ag iDesign Print, Unit 19a  
Gortrush Industrial Estate, Omagh, BT78 5EJ

*Chuig muintir Fhear Manach agus ar a son*



|                                                   |     |
|---------------------------------------------------|-----|
| Réamhrá.....                                      | ix  |
| Nóta faoi na réamhráite atá roimh gach scéal..... | xii |
|                                                   |     |
| 1 Úlla Órga Loch Éirne.....                       | 01  |
| 2 Fírinne agus Bréaga.....                        | 15  |
| 3 Liús Loch Éirne.....                            | 25  |
| 4 An Fáinne.....                                  | 33  |
| 5 Dé Luain, Dé Máirt.....                         | 39  |
| 6 An Ropaire Ocrach.....                          | 45  |
| 7 Guí an tSeanmhná.....                           | 51  |
| 8 An Bhanaltra Cíche.....                         | 55  |
| 9 An Mac Tíre agus a Eireaball.....               | 61  |
| 10 An Cat.....                                    | 65  |
| 11 An Céad Punt Taistil.....                      | 73  |
| 12 Iasc an duine.....                             | 79  |
| 13 Rí na gCearrbhach.....                         | 81  |
| 14 Sleepy Pendoodle.....                          | 91  |
| 15 Mallacht Naomh Íde.....                        | 101 |
| 16 Mar a d'inis an Cat .....                      | 107 |
| 17 An Sean-Bhlaincéad.....                        | 111 |
| 18 Sliabh Dá Chon.....                            | 117 |
| 19 An tAilibí.....                                | 121 |
| 20 Mag Uidhir agus an Diabhal.....                | 131 |
| 21 Críoch an Talaimh.....                         | 135 |

*“Is fearr ceird ná oidhreacht*

*Ní sháróidh rud ar bith scéal*

*An té a mbíonn scéal leis glacann sé ar shiúl  
dhá scéal”*

RACIAL PROVERBS, CHAMPION,  
LONDAIN 2Ú HEAGRÁN, 1950, LEATHANACH 61.



# Réamhrá

Ar 4 Meán Fómhair 1607, go pointe áirithe mar gheall ar bhrú ón rialtas ar a gcearta tiarnais, agus go pointe áirithe mar gheall go raibh eagla orthu go bhfuarthas amach faoin chomhcheilg a bhí ar bun acu féin agus ag an Spáinn, d'imigh ar bhord loinge na Gaeil ba chumhachtaí i gCúige Uladh, mar a bhí, Aodh Ó Néill, iarla Thír Eoghain, Ruairí Ó Dónaill, iarla Thír Chonaill agus Cúchonnacht Mag Uidhir, tiarna Fhear Manach. D'fhág siad Ráth Maoláin lena lucht leanúna agus sheol siad chun na mór-roinne gan fillleadh riamh arís ar Éirinn.

D'fhág imeacht na dtaoiseach Gaelach go rabhthas in ann lonnaitheoirí Albanacha agus Sasanacha a phlandáil i gCúige Uladh, daoine a bhí dílis do choróin Shasana, agus (cuid riachtanach den chlár choilínithe) Cúige Uladh a shíriú.

San am a raibh tús leis na heachtraí sin, sa cheantar ar tugadh Contae Fhear Manach air ina dhiaidh sin, ba í an Ghaeilge an teanga ba láidre. D'athraigh sin, ar ndóigh, nó thug na plándálaithe teanga eile leo chomh maith le córas eile sóisialta agus polaitíochta (threisigh an teanga sin) a ghlac áit an chórais a bhí ann roimhe.

Sna céadta bliain ina dhiaidh sin i gContae Fhear Manach (de réir a chéile a tharla an próiseas seo) tháinig meath ar an Ghaeilge de réir mar a thiontaigh Gaeilgeoirí diaidh ar ndiaidh ar an Bhéarla nó bhí eolas ar an Bhéarla de dhíth le dul chun cinn socheacnamíoch a dhéanamh, agus chomh maith leis an phróiseas teanga d'imigh an cultúr agus an cleachtas sóisialta a bhain leis an teanga de réir a chéile. Faoin fhichiú haois ba é an Béarla an teanga ba láidre i gContae Fhear Manach.

Mar sin féin, cé gur cailleadh an Ghaeilge agus na luachanna a bhí léi agus gur bogadh go dtí an Béarla, níor cheart a mhaíomh go raibh cleachtas sóisialta agus cultúir na nGael (ón tréimhse iarphlandála den chuid is mó) go hiomlán díbeartha faoin fhichiú céad. Ní raibh. I gcuimhne na ndaoine agus sa traidisiún (idir thraidisiún béil agus traidisiún an cheoil) mhair sé go fóill.

## 2

Bunaíodh Coimisiún Béaloideasa Éireann (CBÉ) i Saorstát Éireann a bhí ann san am agus ba é an cuspóir a bhí leis ábhair bhéaloideasa na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge a bhailiú agus a rangú. Sna luathbhlianta bhí an Coimisiún ní ba ghníomhaí sa tSaorstát ná i dTuaisceart Éireann a bhí ina chuid den Ríocht Aontaithe. Tagann an chuid is mó d'ábhar Fhear Manach Choimisiún Béaloideasa Éireann ó na 1940idí, na 1950idí agus na 1960idí, tá an chuid is mó de i mBéarla agus tá fréamhacha ag an chuid is mó de sa tréimhse i ndiaidh na plandála.

I gcartlann CBÉ faoi láthair, táimid ag meas, na mílte leathanach d'ábhar a bhaineann le Fear Manach (as corradh le leathmhíliúin leathanach, dála an scéil) agus is as sin a bhain muid an chuid is mó (ní gach rud, an chuid is mó) de na scéalta (a athscríobhadh ina dhiaidh sin) atá sa leabhar seo. Is i mBéarla atá an chuid is mó den ábhar arb as Fear Manach é agus mar sin do na scéalta Gaeilge d'úsáid muid den chuid is mó scéalta a bhfuil a macasamhail ann i nGaeilge a chluintear in áiteanna eile in Éirinn; mar sin de is féidir glacadh leis na leaganacha atá anseo mar athchóirithe agus ní mar aistriúcháin. Níl scéal ar bith ann faoi dhó; ní bhfaighidh tú aistriúchan ar bith go Béarla ar an ábhar Gaeilge ná a mhalairt. Ina áit sin is leabhar scéalta é seo, cuid acu i nGaeilge, cuid acu i mBéarla. Do na léitheoirí atá ag iarraidh níos mó eolais ar fhoinsé an ábhair, tá na sonraí sin sa réamhrá roimh gach scéal. Tá gach réamhrá i mBéarla.

## 3

D'fhonn an leabhar seo a scríobh léigh muid – ba dheas linn a rá gur léigh muid é uilig ach déarfaimid gur léigh muid an chuid is mó – léigh muid an chuid is mó d'ábhar Chontae Fhear Manach atá ag Coimisiún Béaloideasa Éireann. Fuarthas an chuid is mó den ábhar ó dhaoine a raibh dearcadh Caitliceach acu agus ar an ábhar sin léiríodh dúinn i mbunús an ábhair (bíodh sin ar dhóigheanna casta agus dóigheanna nach raibh dúil leo) an fhirinne ghonta maidir leis an phobal seo i ndiaidh na plandála go raibh coinníollacha

eacnamaíochta agus sóisialta iontach srianta agus go raibh an saol thar a bheith crua. Ach ar ndóigh, cén dóigh a mbeadh a mhalairt ann? Nuair nach bhfuil fáil agat ar mhaoín, cumhacht, caipitil, talamh, cearta agus stádas, agus is amhlaidh a bhí an scéal ag an phobal Chaitliceach, léireofar sin gan amhras go soiléir i ngach rud a nochtann tú, go háirithe rud ar bith a bhaineann le cultúr nó le béaloideas.

## 4

Ní hé cuspóir an leabhair seo aird a dhíriú ar an stair bhrónach atá againn. Is é an fáth ar scríobhadh an leabhar seo ná rogha de scoth an ábhair béaloideas a bhaineann le Fear Manach a chur i láthair (beagnach ar dhóigh impresario) tá an chuid is mó de i gCoimisiún Béaloideas Éireann. Agus tá súil againn i ndiaidh dóibh an leabhar seo a léamh go bhfaighidh léitheoirí tuiscint éigin ar an dóigh a raibh traidisiún na háite agus na buanna ar leith a bhí aige agus go n-aontóidh siad linne gur fiú é go ndéanfar níos mó ceiliúrtha air ná a rinneadh go dtí seo.

Séamas Mac Annaidh & Carlo Gébler

## Nóta faoi na réamhráite roimh gach scéal

Nuair is téacs foilsithe an fhoinse, tugtar sonraí an téacs.

Más rud é gur tháinig an t-ábhar foinse do scéal ó Choimisiún Béaloideasa Éireann (CBÉ) agus gur bailíodh ar an ghnáthdhóigh é (i.e., bhailigh bailitheoir sa ghort é ó fhoinse) sa chás sin, do gach teideal, gheobhaidh an léitheoir na rudaí a leanas:

- (1) uimhir chomhaid Choimisiún Béaloideasa Éireann
- (2) uimhir an leathanaigh
- (3) ainm an bhailitheora
- (4) ainm an duine a thug an scéal agus an áit arb as an duine
- (5) an dáta ar bailíodh an bunábhar.

Os a choinne sin, más rud é gur díograiseoir a thug an t-ábhar don Choimisiún, do gach teideal gheobhaidh léitheoirí na rudaí a leanas:

- (1) uimhir Choimisiún Béaloideasa Éireann
- (2) uimhir an leathanaigh
- (3) uimhir an scríbhneora
- (4) an dáta ar cuireadh an t-ábhar isteach.

Chomh maith leis na sonraí faoin stair, sna nótaí seo tá tuairimí faoi na scéalta féin.







# Úlla Órga Loch Éirne

The Golden Apples of Lough Erne, from *The Story of Conn-Eda or The Golden Apples of Lough Erne*, trans. from the original Irish by Nicholas O’Kearney, J Russell Smith, London, 1855.

*A strange, nearly incoherent tale about autonomy and control that follows the story of a hero whose life is ordered by others though he doesn’t know it, and that meshes familiar tropes (a wicked stepmother, a perilous quest, and helpful part-human, part-animal creature) with archaic, bloody, sacrificial material that harks back perhaps to an ancient horse cult. The reveal at the end, from the brother of the Fírbolg king, which overthrows the reader’s and Conn-Eda’s understanding of everything that’s happened up to this point, reminds me of similar moments in modern dystopian fiction when hidden causes and purposes are illuminated and the hero realises that though he had always thought he has agency, in fact he has none. In my version I have scrupulously maintained the original’s eccentricities and inventions but tidied up the end a bit.*

I bhfad ó shin in iarthar na hÉireann bhí áit ann a bhí líon lán d'iasc, bhí na coillte lán géim agus an talamh féaraigh chomh méith go bhfágfadh an beostoc an talamh thart orthu ar maos ina gcuid bainne i ndiaidh dóibh an féar a ithe. Dhoirtfeadh sé amach astu i bhfaiteadh na súl agus spréifeadh sé ar fud an talaimh. Bhí taistealaí ag dul tríd an cheantar san am agus nuair a chonaic sé na slodáin bhána de bhainne i ngach áit ar thug sé a shúil is é an t-ainm a thug sé ar an cheantar sin 'Oileán sona an iarthair' mar gheall ar an rud a bhí le feiceáil aige.

San am ar baisteadh an t-ainm seo ar an áit ba é Conn an rí agus ba í Eda a bhanríon, banphrionsa de chuid na Breataine. D'éirigh sí torrach agus, de réir an nóis, rinne na draoithe ríoga scrúdú uirthi.

"Ta tú ag iompar gasúir," arsa an t-ard-draoi nuair a bhí a ngnoithe déanta acu, "agus ós rud é go dtabharfa' sé leis ina phearsa scoith na mbuanna atá ag an dá thuismitheoir, molann muid go mbeidh ainm an dá thuismitheoir aige.

Rugadh an gasúr agus bhaist na thuismitheoirí Conn-Eda air.

Níor rugadh páiste ar bith eile don bhanríon Eda agus fuair sí bás cúpla bliain ina dhiaidh sin. Chaoin Conn a bhanríon ar feadh bliana agus lae agus ansin lean sé an chomhairle a tugadh dó, phós sé iníon an ard-draoi.

Ar dtús bhí mac ag dara bean Choinn leis, ansin roinnt páistí ina dhiaidh. Tharla lá, ní nach ionadh, gur smaoinigh an bhanríon ar an tsaol a bheadh i ndán dá cuid páistí. "Nuair a gheobhas Conn bás is é Conn-Edna a bheas ina rí," ar sise léi féin, "agus ní bheidh tábhacht ar bith le mo mhac ná tábhacht lena chuid deartháireacha agus deirfiúracha. Bhuel, caithfidh mise an scéal sin a athrú."

Thosaigh an bhanríon a spré scéalta clúmhilleacha faoi Chonn-Eda, í ag smaoineamh nuair a chluinfeadh Conn sin go gcaithfeadh sé a mhac amach agus go roghnódh sé a mac féin mar chomharba aige.

Mar sin féin, níor tháinig as an chlúmhilleadh an toradh a raibh sí ag dúil leis.

"Níl iontu acu bréaga," arsa Conn, nuair a chuala sé a chéaduaire



iad, “a chum amadán inteacht atá ag iarraidh deighilt a chur idir mise agus Conn-Eda.”

Bhí bá ag an bhanríon le duine de sheirbhísigh Choinn – ar tháille bheag d’inis sé di gach rud a dúirt Conn – agus dá réir sin thug an boc sin tuairisc di ar an chaint chéanna. Ní róshásta a bhí an bhanríon leis sin.

“Nuair nach bhfuil ag éirí le mo chuid béadán,” ar sise, “caithfidh mé triail a bhaint as an bhandraíodóir.”

Go luath ar maidin an lá arna mhárach thug sí féin agus a lucht coimhdeachta cuairt ar an bhandraíodóir ina cábán.

“Ta mé ag iarraidh go mbogfar mo leasmhac amach as an ríocht seo,” ar sise ag míniú a scéil, “agus go gcuirfear mo mhac féin ina áit.”

“Ní chuideochaidh mise leat,” arsa an bandraíodóir, “go n-inseocha’ tú domh cad é an luach saothair a bheas agam.”

“Cad é ’tá tú a iarraidh?” arsa an bhanríon.

“I dtús báire,” arsa an bandraíodóir, “líonfa’ tú le holann an ciorcal a dhéanfas mise le mo sciathán, agus ansin líonfa’ tú le cruithneacht dhearg an poll a dhéanfas mise le mo mhaide.”

“Olann agus cruithneacht atá tú a iarraidh,” arsa an bhanríon, “olann agus cruithneacht a gheobhas tú, a oiread agus is féidir leat a láimhseáil.”

Chuaigh an bandraíodóir go dtí doras a cábáin, leag a lámh ar a corróg, agus sháigh amach a huillinn le ciorcal a dhéanamh.

“Ligfidh do chuid giollaí,” ar sise, “olann isteach ar mo sciathán go raibh mo chábán líonta suas go dtí’n díon.”

Fuarthas lán cairteanna d’olann agus a luaithe a bhí a cábán lán go doras thug an bandraíodóir lucht coimhdeachta na banríona chuig cábán a dearthár. Dhreap sí suas ar an díon agus rinne sí poll sa tuí lena maide.

“Doirteadh do ghiollaí cruithneacht dhearg fríd an pholl seo,” arsa an bandraíodóir, “agus ná stopadh siad go mbuaile an chruithneacht leis an taobh thíos den tuí.”

Fuarthas lán cairteacha de chruithneacht agus líonadh go doras cábán a dearthár.

“Anois,” arsa an bhanríon nuair nárbh fhéidir a oiread agus gráinne eile a chur isteach ann, “ó tharlaigh go bhfuil luach do shaothair agat, inis domhsa cad é mar a gheobhas mise an rud atá mé a iarraidh.”

Tharraing an bandraíodóir chuici foireann fichille.

“Seo’n rud a dhéanfas tú. Tabhair thusa leat an fhoireann seo agus gabh chuig Conn-Eda agus abair seo, ‘Na-nach n-imreocha’ tú cluiche fichille liom agus cibé duine a bhainfeas an cluiche féadann sé a choinníoll nó a gheasa a chur ar an duine a chaillfeas?’ Ní bheidh sé ábalta do dhúshlán a dhiúltú, agus ní bheidh sé ábalta an chéad chluiche a bhaint, ach oiread, chan leis an fhoireann seo. Ach níl rud ar bith cinnte ach go mbainfidh tú an chéad chluiche sin, coinnigh cuimhne air sin.

“Ansin, agus an cluiche bainte agat, léagfa’ tú síos na téarmaí seo. Taobh istigh de bhliain agus lá caithfidh sé na trí ull órga, an capall dubh agus, an cú, Samar, atá ag rí na bhFear Bolg a fháil duit. Tá an rí ina chónaí ar ghrinneall Loch Éirne. Má theipeann ar Chonn-Eda iad sin a thabhairt ar ais, agus ná bíodh imní ort nó teipfidh air, ansin beidh sé ar deoraíocht a fhad is ’mhairfeas sé, agus más rud é go dtig sé ar ais anseo, fiú ar feadh lá amháin, bainfear a chloigeann de. Is cuma, mar sin, cé acu a roghnós Conn-Eda an deoraíocht nó an bás, ní bheidh sé ina rí. Ní féidir leis a bheith ina rí. Ní bheidh sé anseo. Ach fós féin caithfidh rí a bheith ann agus ós rud é nach bhfuil an dara duine ann, is é do mhac a bheas mar rí. Beidh do mhac ina rí.”

Tháinig an bhanríon ar Chonn-Eda agus thug sí a dhúshlán. “Cluiche fichille,” ar sise, “agus tá sé de cheart ag an bhuaiteoir a choinníoll nó a gheasa a chur an chaillteoir.” Ghlac Conn-Eda leis sin. D’imir siad agus chuir an bhanríon an cluiche air, go díreach mar a thuar an bandraíodóir.

Anois ní raibh le déanamh ag an bhanríon ach na geasa a fhógairt agus bheadh an chinniúint ag Conn-Eda cinntithe. Bhí a oiread sin driopáis uirthi an leasmhac a chur faoina smacht, gur dhearmad sí an rud a dúirt an bandraíodóir léi – nach dtiocfadh léi a ghealladh ach go mbainfeadh an bhanríon an chéad chluiche –

agus thug sí dúshlán Choinn-Eda an dara cluiche a imirt agus í den bharúil go mbrúfadh sí go hiomlán faoi chois é. D'imir siad an dara cluiche agus bhain an leasmhac an iarraidh sin.

“Á,” arsa an prionsa, “ó tharlaigh gur bhain tú’n chéad chluiche féadann tú do choinníollsa a leagan síos ar dtús.”

“Caithfidh tú,” ar sise, “taobh istigh de bhliain agus lá, na trí úll órga, an capall dubh agus an cú, Samer, atá ag rí na bhFear Bolg a thabhairt chugam. Tá an rí sin ina chónaí ar ghrinneall Loch Éirne. Má theipeann ort beidh tú ar deoraíocht a fhad is ’mhairfeas tú agus má philleann tú ar ais anseo, fiú ar feadh lá amháin bainfear do chloigeann díot.”

“Bhuel,” arsa an prionsa, “anois mo shealsa. An bhfeiceann tú an túr sin?”

Dhírigh sé a mhéar ar an túr, a bhí de dheas don áit a raibh siad féin, agus é ag gobadh isteach sa spéir. Bhí díon a raibh gob ina dheireadh mar cheann air.

“Go dtí go bpillfidh mise,” ar seisean, “suífidh tusa ar an ghob ag an bharr agus ní íosfa’ tú ach gráinní de chruithneacht dhearg a bhfaighidh tú greim orthu leis an bhiorán sin i do chuid gruaige. Agus mura bpillfidh mise i ndiaidh bliana agus lae, beidh cead agatsa theacht anuas.”

“Ó, ná bíodh imní ort, beidh mise síos,” arsa an bhanríon léi féin,”mar go dteipfidh ortsa. Na-nach sin an rud a dúirt an bandraíodóir?”

Fuarthas dréimire agus choimhéad Conn-Edna gur dhreap an bhanríon, faoina róbaí dearga, go barr an túir agus gur shuigh sí ar an ghob. Leis sin thug sé a chúl léi. Chaithfeadh sé anois tús a chur lena thóraíocht ach rinne sé amach i dtús báire sular chuir sé chun bealaigh go n-iarrfadh sé comhairle a leasa ar an draoi, Fionn, an cara ab fhearr a bhí aige.

Chuaigh sé go teach Fhinn agus ligeadh isteach é.

“Tá tú faoi ghruaim,” arsa Fionn, nuair a chonaic sé an ghruaim air. “Cad é ’tá cearr?”

D’aithris Conn-Eda an scéal uilig faoin chluiche fichille agus na geasa a leagadh air, agus cluas le héisteacht ar Fhionn, é ag

claonadh a chinn agus ag brú a liopaí ar a chéile rud a thabharfadh le fios nach raibh iontas ar bith air faoin rud a bhí sé a chluinstin.

Nuair a bhí Conn-Eda réidh lena chuid cainte shíl sé go ndéarfadh Fionn rud éigin ach ní dúirt.

“Nach bhfuil comhairle ar bith agat domh?” arsa Conn-Eda.

“Chan anois díreach,” arsa Fionn. “Ach amárach, racha’ mé i gcomhairle le mo dhia agus nuair a phillfeas mé beidh comhairle agam duit.”

D’imigh an draoi leis le bánú an lae. Tháinig sé ar ais tráthnóna agus d’iarr sé ar Chonn-Eda teacht amach.

“Tchím,” ar seisean, “go bhfuil tú ceangaile ag geasa, rud a ceapadh le deireadh a chur leat. Níl duine ar bith ar an domhan cláir a mholfadh don bhanríon na geasa sin a chur ach bandraíodóir áirithe as Loch Coirib agus ar ndóighe is ise deirfiúr rí na bhFear Bolg as Loch Éirne.

“Níl rud ar bith faoin spéir,” ar seisean, “is féidir liomsa ná leis an dia dá dtugaim adhradh a dhéanamh le cuidiú leat. Le go bhfaighidh tú an cuidiú atá ’e dhíth ort caithfidh tú dul chun cainte leis an té udaí a bhfuil a fhios aige gach rud a bhí ann, gach rud atá ann faoi láthair, agus gach rud a bheas ann feasta – an t-éan sin a bhfuil cloigeann fir air. Ní leat féin a thiocfas tú air, ar ndóigh. Caithfear do thabhairt chuige agus thall ansin tá an rud a dhéanfas sin...”

Chroith an draoi a lámh ar chapall beag mosach a raibh droim ar déanamh bogha aige. Bhí an capall ceangailte de chuaille a bhí de dheas dóibh.

“A luaithe a bhéarfas sé thú a fhad leis an éan a bhfuil cloigeann fir air, agus is cinnte go dtabharfaidh, tabhair an rud seo dó agus inseocha’ tú do scéal dó. Ansin cuideocha’ sé leat.”

Bhrúigh Fionn cloch dhubh isteach i mbos Choinn-Eda. Thug an prionsa buíochas dá chara agus chuaigh in airde ar an chapall.

“Fág uait na srianta,” arsa an capall.

D’fhág Conn-Eda uaidh na srianta agus d’iompair an capall beag é – seacht n-oíche agus seacht lá a ghlac sé – go béal uaimhe ina raibh éan an chloiginn fir air ina shuí.

“Cad é ‘thug tú chugam?” arsa éan an chloiginn fir air de ghuth ard. Thaispeáin Conn-Eda an chloch.

“Caith í agus ansin inis domh an rud atá le hinse agat domh.”

Theilg Conn-Eda an chloch isteach i mbéal na huaimhe gur inis sé a scéal, ón chluiche fichille go dtí na geasa agus go dtí an comhrá le Fionn. Nuair a bhí Conn-Eda réidh lena scéal chrom éan an chloiginn fir agus lena theanga fhada dhearg thóg sé an chloch dhubh isteach ina bhéal. Leis sin, d’eitil éan an chloiginn fir go barr na binne os cionn na huaighe agus lig sé don chloch titim isteach i log, an áit a mbíodh a rudaí luachmhara i dtaisce aige.

“An bhfeiceann tú an chloch chothrom sin ar thaobh do láimhe deise?” arsa éan an chloiginn fir ag glaoch anuas.

Chonaic Conn-Eda í.

“Thíos fúithi gheobha’ tú liathróid iarainn agus cupa iarainn. Tabhair leat iad. Inseochaidh do chapall duit cad é ‘tá le déanamh agat ‘na dhiaidh sin.”

Spréigh éan an chloiginn fir a chuid sciathán agus d’imigh as radharc isteach sna scamail. Thuirling Conn-Eda den chapall agus thóg ar shiúl an chloch. Is ansin a bhí an cupa agus an liathróid. Thug sé leis iad agus chuaigh ar mhuin an chapail arís.

“Cuir a’ liathróid isteach sa chupa agus caith í,” arsa an capall beag.

Rinne Conn-Eda mar a iarradh air. Bhuaile an liathróid an talamh, roll sí cúpla troigh agus stop sí. Shiúil an capall go fadálach ina diaidh agus de réir mar a bhí sé ag tarraingt ní ba chongaraí don liathróid iarainn, thosaigh sí a rolladh léi dá deoin féin agus í ag tabhairt eolas an bhealaigh dóibh, agus threoraigh sé iad ar feadh seacht lá agus seacht n-oíche eile, an bealach uilig go Loch Éirne, áit ar imigh sí as radharc isteach sa loch agus fágadh Conn-Eda agus an capall beag ar an chladach ag stánadh ar dhromchla an uisce dhorcha ar dhath na móna.

“Sín do lámh isteach i mo chluais, “an ceann ar thaobh na láimhe clé.”

Shín Conn-Eda a lámh isteach. Ceart go leor bhí rud éigin istigh ansin. Tharraing sé leis agus amach le buidéal beag a raibh

stopallán ina scóig agus cliabh caolaigh.

“Ná caill iad sin, beidh siad ’e dhíth ort,” arsa an capall beag. “Anois an chuid atá doiligh.”

Thug an capall beag céim síos an bruach agus isteach i Loch Éirne agus choinnigh sé leis ag siúl ansin, é ag siúl níos doimhne agus níos doimhne, go dtí go raibh sé féin agus Conn-Eda go hiomlán faoin uisce agus an dromchla i bhfad os a gcionn. Os a gcomhair a bhí an liathróid iarainn a roll isteach roimhe sin agus a luaithe a tháinig siad de dheas di thosaigh sí a rolladh arís dá deoin féin ag tabhairt eolas an bhealaigh mar a rinne sí ar an talamh thirim. Lean an capall beag í, agus Conn-Eda ar a dhroim, an bealach uilig trasna an locha agus an bealach uilig suas go bonnra an bhalla cloiche go domhain faoi uisce, an balla a bhí ag an chladach thall.

“Tá an taobh eile bainte amach againn,” arsa Conn-Eda. D’amharc sé suas go bhfaca sé trí nathair ollmhóra, cé nár róléir dó iad mar go raibh sé á bhfeiceáil trí uisce, iad ina suí ar bharr an bhalla cloiche.

“Foscail an cliabh,” arsa an capall beag. Tá feoil ann – trí phíosa. Tabhair amach iad. Nuair a bhéarfas mise léim suas caith thusa píosa feola isteach i mbeal gach nathrach.”

A luaithe a bhí na píosaí feola réidh ag Conn-Eda thug an capall beag léim amach as an uisce agus isteach san aer. Thóg na nathracha ar an bhalla a gcinn agus d’oscail a ngialla, iad réidh le buille a bhualadh. A haon, a dó, a trí ... theilg Conn-Eda píosa feola isteach i ngach béal bándearg. Dhruid na gialla agus lig na nathracha anuas a gcinn agus d’éitil an capall beag thar a gcinn gur thuirling sé ar an taobh thall den bhalla, áit a bhfuair siad an liathróid iarainn ag fanacht leo arís. Thosaigh sé a rolladh dá deoin féin agus shiúil an capall beag ina dhiaidh.

Anois, de réir mar a bhí siad ag siúl bhí sé ag iarraidh ní ba theo agus d’éirigh an t-aer ní ba smúitiúla, agus i bhfad uathu bhí sliabh le feiceáil acu a raibh lasracha agus píosaí de ghuail theo ag stealladh anuas óna bharr.

“Coinnigh do ghreim,” arsa an capall.

D'éitil an capall suas trí aer bruite, chuaigh sé thar bhéal deargthe an tsléibhe, agus tháinig sé anuas ar an talamh ar an taobh eile, giota beag ar shiúl ón liathróid arís. Chuaigh sé a rolladh arís agus lean an capall í ó aer a bhí te, go dtí aer bogthe agus ansin aer fionnuar.

“Tú beo ar fad?” aras an capall.

“Tá,” a d’fhreagair an prionsa, “ach go bhfuil mé bruite.”

Dhéanfaidh an t-ungadh sa bhuidéal bheag do chuid dónna a leigheas.”

Bhain an prionsa an stopallán den bhuidéal agus lig do chuid den leacht throm olúil a bhí sa bhuidéal sileadh ar a spuaiceanna. D’imigh siad go hiomlán agus bhí a chraiceann chomh slán agus a bhí sé sular dódh é. Bhog an liathróid léi. Lean an capall. Bhí cathair amach rompu, faoi bhallaí arda agus geata a raibh tús ar gach taobh de a raibh lasracha ag stealladh astu.

“Anois an chuid is deacra cinnte.” arsa an capall beag. “Cuir do lámh isteach i mo chluas dheas go bhfaighe tú scian. Bain amach í agus bain díom mo sheithe. Cuir sin umat mar a dhéanfa le clóca agus bhéarfaidh sin isteach ar an gheata thú agus a luaithe atá sin déanta, thig leat a bheith isteach’s amach chomh minic agus is maith leat agus comhlíonfa’ tú do gheasa.

“Le mo sheithe a chúiteamh dom, áfach, ba mhaith liom seo: nuair a bheas mé feannta agat, ná fág an méid atá fágtha díom mar lón ag an éanlaith. Croith an méid atá fágtha sa bhuidéal ar mo chorp agus cuir sa chré mé.”

“Ní dhéanfa’ mé an rud atá tú a iarraidh,” arsa an prionsa. “Ní fheannfa’ me thú.”

“Ach gan mo sheithe ní bheidh tú ábalta dul isteach sa chathair,” arsa an capall beag, “agus mura dtig leat dul isteach feallfa’ tú ar na geasa s’agat agus beidh ort dul ar deoraíocht. Ar mhaith leat sin? Ar ndóighe, níor mhaith. Mar sin, níl an dara rogha agat. Caithfidh tú mo chomhairle a dhéanamh.”

“An raibh a fhios agat ó bhuail muid an bóthar,” arsa Conn-Edna, “go mbeadh orm tú a fheannadh sa deireadh?”

“Bhí’s,” arsa an capall beag.

“Agus an raibh a fhios ag Fionn nuair a chuir sé ar shiúl muid?”  
“Ó bhí,” arsa an capall beag. “Nach cinnte go raibh.”

Nuair a d’aithin an prionsa nach raibh an dara rogha aige ach beart a dhéanamh de réir mar a iarradh air shin sé a lámh isteach i gcluas dheas an chapail bhig agus thosaigh a bhrath roimhe. Tháinig sé ar an scian agus scaoil sé saor í.

Agus nuair a bhí an scian amuigh aige thosaigh sí a bhogadh. Bhí méara Choinn-Edna thart ar chos na scine i gcónaí, rud a d’fhág gurbh í an scian a bhí ag treorú na láimhe s’aige in áit an lámh s’aige a bheith ag bogadh na scine.

Sháigh an scian a bior isteach go domhain i muineál an ainmhí go ndearna sí gearradh trasna ar an sceadamán agus as sin steall fuil an chapail bhig – fuil a bhí te, dearg agus tiubh.

Leis sin, thit an capall beag i laige faoin phrionsa, chuaigh a lúbarnaíl ag a chosa agus ansin shíothlaigh sé. Níor stad an scian i lámh Choinn-Edna, áfach. Gheit sí agus thochail sí isteach sa chonablach, agus í i gcónaí ag stiúradh lámh Choinn-Edna, ghearr sí líne dhomhain chúramach an bealach thart ar chorp an chapail agus ansin lena bior bhain sí an tseithe go hiomlán di.

Nuair a chonaic Conn-Edna go raibh an tseithe gearrtha go hiomlán ar shiúl agus a fhios aige gurbh é seo a bhealach isteach sa chathair, tharraing sé í thart air ach go ndearna sé dearmad gur gheall sé an méid a bhí fágtha sa bhuidéal leighis a chroitheadh ar chorp an chapail bhig agus é a chur sa chré.

D’imigh sé leis. Shiúil sé trasna an mhachaire. Shiúil sé isteach ar na geataí agus isteach leis sa chathair. Is ansin a chuimhnigh sé.

“Ó a Dhia,” ar seisean, “tá dearmad déanta agam an rud a gheall mé don chapall bheag a dhéanfainn.”

D’fhill sé ar an chnapán fhuilteach de mhatáin agus féitheacha, de chnámhá agus féitheoga. Bhí scaoth d’fhiacha dubha ag piocadh den chorp. Chaith sé uaidh an tseithe, ruaig sé na héin, bhain an stopallán den bhuidéal agus dhoirt sé a raibh fágtha istigh ar an chonablach. Thosaigh an fheoil a ghiosáil agus ag caitheamh toit uaidhi agus a phreabadh. Ní raibh a fhios aige an raibh sí ag dul a leá agus a imeacht as radharc ach ina áit sin chlaochlaigh sí



agus rinneadh fear de a raibh craiceann agus gruaig air.

“Cad é an rud tusa?” a d’fhiafraigh an prionsa.

“Nár chóir duit, ‘Cé thusa?’ a rá” arsa an fear a bhí anois os comhair a dhá shúil. “Is mise deartháir rí na bhFear Bolg agus is í an bandraíodóir ár ndeirfiúr, agus tamall de bhlianta ó shin rinneadh capall beag díom, an capall a d’iompair thusa go dtí an áit seo. Ba é Fionn a rinn’ sin agus nuair a chuaigh tú a iarraidh comhairle air b’éigean dó mé a ligint uaidh. Bhris tusa an chuid sin de na geasa. Ach, ní bhfaighinn ar ais mo chorp daonna ach ab é gur ghearr tú mo sceadamán agus gur fheann tú mo chorp. Go raibh maith agat as sin.”

“Má deir tú é,” arsa Conn-Eda, cé nach ndúirt sé sin ach ar mhaithe le rud éigin a rá. Ní raibh sé cinnte ar chreid sé ina chroí istigh cuid ar bith dá raibh sé a chluinstin.

“Na bíodh imní ort, níl focal bréige ann,” arsa an fear, amhail is go raibh intinn Choinn-Edna léite aige. “Bhí an rud seo uilig beartaithe. Ba í mo dheirfiúr, an bandraíodóir, a thús. Nuair a tháinig an bandraíodóir, do leasmháthair, a fhad léi, chonaic sí go raibh deis aici mé a ligint saor. Mar sin, chuir sí’n bhanríon ar obair, mhol sí an cluiche fichille agus an chuid eile, agus chuir an bhanríon tusa ar obair, agus ansin chuaigh tusa i gcomhairle le Fionn, rud a thuig mo dheirfiúr a tharlódh, agus faoi dheireadh, seo muid agus tá mé saor. Tá mé ar ais mar a bhí mé, a bhuí leatsa. Ach ab é sin bheinn fós i mo chapall.

“Anois, ó tharlaigh go bhfuil tú ceangailte ag coinníollacha na banríona, racha’ muid isteach sa chathair agus bhéarfa’ mo dheartháir duit an rud a tháinig tú a iarraidh.”

Thóg deartháir rí na bhFear Bolg an tseithe agus chuir í thart air féin mar a bheadh clóca ann. Leis sin, isteach sa chathair leis le Conn-Eda. Bhí áthas an domhain ar a dheartháir, an rí, a dheartháir a fháil ar ais agus is air a bhí an lúcháir fáilte a chur roimh an chuairoteoir a thug an deartháir leis fosta. Thosaigh an ceiliúradh ina dhiaidh sin a mhair míonna fada agus ansin thuig Conn-Eda go gcaithfeadh sé an baile a bhaint amach sula mbeadh bliain agus lá thart, sin nó bheadh na geasa sáraithe aige. Chuir sé

in iúl go gcaithfeadh sé imeacht. Bhronn rí na bhFear Bolg ar an chuairteoir na trí úll dhearga, an capall agus Samer, a chú.

“Ar do bhealach ar ais ní heagal duit an sliabh atá le thine, ná na nathracha atá ag siosarnaigh, ná an turas faoi uisce ar ghrinneall an locha,” arsa an rí. “Bhéarfaidh’n capall s’agam slán sábháilte chun an bhaile thú agus chomh maith leis sin, bhéarfa’ sé ar ais thú i gceann bliana agus i gceann gach bliana ina dhiaidh sin, más sin a’ rud atá tú a iarraidh.”

Rinne Conn-Eda an turas chun an bhaile gan taisme. De réir mar a bhí sé ag tarraingt ar bhábhún a athar bhí a leasmháthair le feiceáil ina suí ar ghob an túir, a cuid róbaí stróicthe agus caite uaithi i ndiaidh bliana faoin spéir.

“Tá mé fá uair an chloig de bhliain agus lá,” arsa Conn-Eda de scairt uirthi nuair a bhí sé chomh cóngarach is go gcluinfedh sí é.

Nuair a chonaic an bhanríon Conn-Eda thíos fúithi agus nuair a chuala sí a chuid cainte bhí a fhios aici gur theip ar an scéim s’aici. Bheadh Conn-Eda ina rí. Níorbh fhiú di leanstan ar aghaidh.

Léim sí den túr gur bhuail sí an talamh de phrab agus go bhfuair sí bás de dheas don áit a raibh Conn-Eda ina sheasamh. Níor adhlacadh a corp: is amhlaidh a dódh é agus a scaipeadh na luaithe agus ina dhiaidh sin, cuireadh a hathair, an draoi, ar deoraíocht i gcuideachta a cuid páistí. Níor bhuail an prionsa agus a sheanchara Fionn le chéile ina dhiaidh sin ná níor labhair siad le chéile arís.

Chuir Conn-Eda na trí úll órga sa ghairdín s’aige, agus d’fhás crann mór ar an bhomaite agus sna blianta ina dhiaidh sin thug sé an iliomad toradh. Le himeacht ama fuair a athair bás, tugadh an choróin dó féin agus baisteadh ainm úr ar an tír s’aige, Tír Uí Chinnéide, dúiche Choinn-Eda.







# Fírinne agus Bréaga

*This is a version of a story told in Fermanagh over one hundred years ago. It was written down in the 1940s for the Irish Folklore Commission by Liam Ó Briain who was born between Cashel and Garrison and worked as a National School teacher in Tullaghan, Co. Leitrim. He had heard it as a child told by Bessy Clarke, an old neighbour in Scribbagh, who died in Enniskillen Workhouse in 1924. 'We all intended to have poor Bessy buried in Garrison and be at her funeral but trouble came in the North and a lot of folk were on their keeping' [i.e. on the run].*

*NFC 1014:172 (1944)*

Fadó, fadó bhí beirt fhear ina gcónaí i sráidbhaile bocht in iarthar na tíre. Bhí siad beo bocht agus ní raibh obair ar bith ar fáil san áit arbh as dóibh. Mar sin de chinn siad ar ghabháil amach sa saol mór féachaint an bhféadfaidís aon airgead a shaothrú.

Anois, an beirt seo, bhí siad an-chosúil lena chéile ach amháin sa mhéid seo – bhí fear acu i gcónaí ag insint bréaga agus an fear eile bhuel, ní fhéadfadh sé bréag a insint fiú dá mbeadh a shaol ag brath air. Agus bhí sé seo ina chnámh spáirne eatarthu.

Mar sin de nuair a shocraigh siad ar ghabháil amach sa saol mór bhí fear na mbréag ag insint don fhear eile nach ndéanfadh

sé aon mhaith gan cúpla bréag a insint. Ach dúirt an fear eile go mba chóir dóibh a bheith ionraic agus an fhírinne a insint i gcónaí.

Bhuel, shiúil siad leo go dtí go dtáinig siad go gabhal sa chasán. 'Anois,' arsa fear na mbréag, 'Beidh le feiceáil.'

'Beidh,' arsa an fear ionraic. 'Agus seo an rud a dhéanfas muid. Nuair a bhéas seacht mbliain istigh tiocfaidh muid ar ais chuig an áit seo agus ansin beidh le feiceáil cad é mar a d'éirigh linn.'

Agus sin an socrú a rinne siad sular scar siad óna chéile. Chuaigh fear acu ar chlé agus an fear eile ar dheis. Agus níorbh fhada go bhfuair fear na mbréag obair. Chonaic sé teach mór feirme, chuaigh sé suas fhad leis agus bhuail sé cnag ar an doras. Dúirt sé le fear a' tí go raibh sé ag cuartú oibre.

'Bhuel tá fear maith capall uaim,' arsa an feirmeoir. 'Agus fear atá maith i mbun an tseirigh.'

Agus d'inis an fear an oiread sin bréaga gur tharraing an feirmeoir isteach é agus thug dinnéar mór dó.

Ach an fear eile níor éirigh chomh maith céanna leis nó nuair a bhuail sé cnag ar dhoras is nuair a tháinig an feirmeoir amach chuige d'inis sé an fhírinne dó.

'An féidir leat bó a bhlí?'

'Ó ní féidir, nó ní raibh againn sa bhaile ach gabhair.'

Ní bhfuair sé post ag an teach sin ná ag aon teach eile agus le titim na hoíche bhí tuirse agus ocras air agus ní raibh an t-airgead aige le lóistin a fháil. Shiúil sé ar aghaidh ag dúil go mb'fhéidir go bhféadfadh sé stopadh i scioból áit éigin ach áit iarghúlta a bhí ann anois is ní raibh teach feirme ar bith le feiceáil. Le claphsholas chonaic foirgneamh i bhfad uaidh agus chuaigh sé sa treo sin. Ach nuair a tháinig sé in aice leis chonaic sé go raibh cuid den díon imithe uaidh is nuair a tháinig sé fhad leis chonaic sé gur sean-séipéal a bhí ann, sean-séipéal tréigthe i lár reilige. Bhí an doras ar leathadh agus chuaigh sé isteach ann agus nuair ba léir dó go raibh an áit folamh luígh sé síos ar cheann de na binsí is thit sé ina chodladh nó bhí sé tuirseach traochta.

Thart fá'n mheánoíche mhúscáil trup éigin é agus bhí eagla a chraicinn air nó bhí an áit dubh dorchá. Ach níorbh fhada go

ndeachaigh a shúile i dtaithí ar an dorchadas agus nuair a d'ardaigh sé a cheann beagáinín chuir an radharc a chonaic sé dubhiontas air. Bhí na céadta cat ann -

An Cat Mara, Catamaran,  
Cat Breac agus Katmandu  
Pangur Bán, Skimbleshanks  
Cat Schrodinger agus Cat Balloo  
Cat an Mhinistéir, Cat Chill Chainnigh  
An Cat a fuair an t-uachtar  
And a cat called Kalamazoo!

Deir na seandaoine go dtarlaíonn sé lá amháin gach seacht mbliain gur féidir le cait labhairt, is go mbíonn comhdháil mhór acu ar an lá sin le himeachtaí na mblianta sin a phlé. Bíodh gur deacair scéal mar seo a chreidbheáil tá fianaise le fáil in iompair na gcat. Ní thagann an chaint go réidh chucu agus ní mór dóibh é a chleachtadh. Mar sin de sula mbíonn comhdháil ar siúil suíonn siad san oíche ar bhalla taobh amuigh den teach agus bíonn siad ag caoineadh agus an sceamhlaigh. Seans mhaith gur chuala tú iad. Sin iad ag cleachtadh na cainte. Bhuel anois, ba é seo an lá sin agus bhí na céadta cat bailithe le chéile sa sean-séipéal tréigthe lena gcás a phlé. Bhí Rí na gCat, cat mór dubh ina shuí ar adhartán deas veilbhite agus bhí sé ag labhairt leis na cait eile.

'Mar is eol daoibh, a chairde chait, tá mise i mo shuí go compordach san áit a bhfuil mé i bpálás rí Shasana. Tá saol an mhadaidh bháin agam, má's ceadmhach domh sin a rá. Tá searbhónta agam a thugann bainne te domh i bhfóchupán airgid ar maidin agus tá searbhónta eile agam a thugann bradán domh ar phláta óir gach tráthnóna. I mbliana, áfach, tharla rud a chuir an compord sin i mbaol. An bhanphrionsa, is déagóir anois í agus bhuail an smaoineamh í go mba mhaith léi capaillín a bheith aici, capaillín le bolg ramhar agus drochfhiacail. Bhuel, fuair sí capaillín agus chuir siad an capaillín sa stábla agus ní raibh sé sásta lena theach nua nó dúirt sé go raibh luchóga agus francaigh ann.

‘Aha,’ arsa an Rí. ‘Sin job anois le haghaidh an chait sin agat nach ndéanann a dhath ar bith ach a aghaidh a nigh. Amach sa stábla leis!’

Agus cuireadh amach mé ach níor fhan mé i bhfad sa stábla leis an chapaillín ghránna. An tráthnóna sin shleamhnaigh mé isteach sa phálás arís agus chuaigh mé isteach sa lardrús, áit a raibh bloc mór ime Kerrygold ar phláta airgid agus rinne mé an t-im a shliocadh le mo ruball agus d’fhág mé cúpla ribe gruaige air agus an oíche sin nuair a chuir an bhanphrionsa an t-im ar an arán rósta s’aici chuaigh na ribí gruaige i bhfostó sa scornach s’aici is thosaigh sí ag casachtaí, is ag casachtaí agus ní raibh sí ábalta fáil réidh leis na ribí ó mo ruball atá sáinnithe ina scornach. Agus anois níl sí ábalta labhairt, is níl sí ábalta ach brachán a ithe agus tá sí chomh lag sin go gcaitheann sí an lá ar fad ina leaba agus luím féin ag bun an leapa agus is breá léi mé a bheith ann nó tá sí cráite ag dochtúirí agus saineolaíthe nach bhfuil aon leigheas acu ar a cás mar níl ach an t-aon leigheas amháin ar na ribí gruaige sa scornach agus is é sin deoch uisce ón tobar sin atá thíos ag bun an reilige taobh amuigh anseo a ól, agus sin rud nach smaointeoidh siad choíche air.’

Chuir na cait uilig in iúil dó gur thaitin an nuacht seo go mór leo.

Luígh an fear ionraic síos arís ar eagla go dtabharfadh na cait faoi deara go raibh sé ina measc is ag éisteacht leo.

Nuair a mhúscáil sé ar maidin bhí sé leis féin.

‘Nach millteánach an tromluí sin a bhí agam aréir! Na cait sin uilig!’

Thóg sé a mhála agus bhuail sé chun bóthair. Ah nuair a bhí sé ag siúl amach chonaic sé go raibh tobar ag bun na reilige, rud nach bhfaca sé an oíche roimhe sa dorchadas. Thuig sé ansin nach raibh sé ag brionglóidí.

Thiontaigh sé agus chuaigh sé caol díreach chuig an tobar ag bun na reilige agus lion sé buidéal beag le huisce agus bhrostaigh sé leis chuig an phálás. Bhuail sé cnag ar an doras agus tháinig saighdiúir amach chuige. D’inis sé don saighdiúir go raibh an



bhanphrionsa go dona tinn ach go raibh deoch a leigheasta ina phóca aige. Ní raibh a fhios ag an saighdiúir go raibh an bhanphrionsa tinn nó coinníodh an scéal ina rún taobh istigh den phálás agus mar sin de níor chreid sé an scéal a bhí a insint ag an fhear bhocht.

‘Ach níor inis mé bréag riamh i mo shaol,’ a dúirt an fear ionraic agus d’inis sé an scéal ar fad don tsaighdiúir. Níor chreid an saighdiúir.

‘Gabh ar aghaidh agus cuir ceist ar bith orm agus inseoidh mé an fhírinne duit má’s féidir liom.’

Faoin am seo bhí roinnt searbhóintí bailithe thart ag éisteacht leis an chomhrá seo agus thosaigh siad uilig ag cur ceistanna air.

‘Deir tú go bhfuil an bhanphrionsa tinn,’ arsa duine acu. ‘Ach cé a d’inis sin duit?’

‘An cat mór dubh é féin.’

Thosaigh siad uilig ag gáire.

‘Agus abair linn mar sin, cad eile a d’inis an cat sin duit?’

‘Dúirt sé liom go dtugann duine agaibh bainne te i bhfóchupán airgid don chat gach maidin.’

Bhí siad uilig ag gáire nuair a chuala siad seo, ach bhí fear amháin acu a d’éirigh dearg san aghaidh.

‘Ó ná habair le mo bhean gur freastalaí cait mé. Síleann sí go ndéanaim bricfeasta an Rí.’

D’aithin an fear ionraic go raibh aird na foirne anois aige.

‘Agus ní amháin sin, ach tá fear eile agaibh a thugann bradán ar phláta óir don chat gach tráthnóna.’

Agus arís eile rinne siad gáire ach bhí fear amháin ina measc a d’éirigh dearg san aghaidh.

‘Ó ná habair le mo mháthair! Shíleann sí go n-oibrím in oifig na gcuntas. Bhrisfeadh sé a croí dá gcluinfadh sí seo.’

Thuig na saighdiúirí agus na searbhóintí go raibh an fear ag insint na fírinne agus scaip an scéal ar fud an pháláis go dtí gur chuala an Rí é.

‘Fear ionraic?’ a dúirt an Rí. ‘Sin duine nár casadh orm riamh san áit seo. Seol isteach chugam é go gcluinfidh mé a scéal.’

Agus seoladh isteach é chuig an seomra ina raibh an bhanphrionsa ina luí. Bhí dochtúirí ó Pháras agus Nua Eabhrach agus Ollscoil na Banríona cruinnithe thart ar leaba an bhanphrionsa is nuair a chonaic siad an fear bocht chucu thosaigh siad ag caitheamh anuas air.

‘Seo fear tuaithe. Ní oideachas air. Níl aon cur amach aige ar chúrsaí leighis.’

‘Tá an ceart ar fad agaibh’ arsa an fear ionraic.

‘Éisteoimís leis cibé ar bith,’ a d’ordaigh an Rí, agus d’inis an fear a scéal. Bhuel bhí an cat ag éisteacht is bhí an banphrionsa ag éisteacht is nuair a thóg an fear an buidéal uisce amach rith an cat isteach faoin vardús agus shín an bhanphrionsa a lámh amach agus sula raibh a fhios ag éinne cad a bhí ag tarlú rug sí greim ar an bhuidéal agus shlog sí síos uisce na reilige.

Thosaigh sí ag casachtaí agus d’éirigh léi na ribí gruaige a chaitheamh amach as a scornach. Bhí lúchair ar an Rí agus bhí na dochtúirí iontach mí-shásta.

‘Mo bhuíochas leat, a dhuine chóir,’ arsa an Rí. ‘Anois caithfidh mé rud éigin a thabhairt duit. Cibé rud is mian leat. Rolls Royce? Caisleán in Albain. Alba féin?’

‘Bhuel leis an fhírinne a rá ba mhaith liom mo bhriceasta a fháil.’

‘Do bhriceasta! Tá tú ag insint na fírinne! Caithfidh tú fanacht anseo.’

Agus thug an Rí post dó sa phálás agus tamall i ndiaidh sin thit an bhanphrionsa i ngrá leis agus pósadh iad cúpla bliain i ndiaidh sin arís. Bhí fear aici a d’inis an fhírinne i gcónaí – an rud is annamh is iontach!

Chuaigh na blianta thart go gasta agus lá amháin d’aithin fear na fírinne go raibh an seacht mbliain istigh agus dúirt sé lena bhean chéile go gcaithfeadh sé gabháil chun buaileadh le fear na mbréag. Agus ní raibh aon imní uirthi nó bhí a fhios aici go raibh sé ag insint na fírinne.

Ar ais leis chuig an áit a raibh sé seacht mbliain roimhe sin agus ní raibh sé i bhfad ina sheasamh ann go dtí go bhfaca sé an

bréagadóir ag teacht.

Bhuel, dar ndóigh, bhí an bréagadóir ag maíomh as na hiontais uilig a bhí feicthe aige, agus cé chomh maith is a d'éirigh leis.

'Fan go gcluine tú! Ní raibh ach leathmhíle siúlta agam nuair a chonaic m heileacaptaer sa spéir, heileacaptair mór loinnireach. Agus thuirling sé sa pháirc go díreach in aice liom. D'oscail an doras agus cé a tháinig amach as ach Donald Trump é féin agus d'iarr seisean orm teacht go California, áit a raibh óstán aige agus chuir sé mé i bhfeighil an óstáin agus casadh bean álainn orm agus pósadh muid agus tá trí pháiste againn agus tá siad chomh cliste sin go bhfuil siad ag freastail ar ollscoil Yale.'

Ach thug an fear ionraic faoi deara go raibh cuma chaite ar a aghaidh, agus ar a bhróga agus bhí a fhios aige go raibh an bréagadóir fós ag insint bréaga.

Ansin d'inis fear na fírinne a scéal féin, agus dá dochreidte is a bhí sé, bhí a fhios ag an bhréagadóir gur scéal fíor a bhí ann mar go dtáinig sé ó bhéal nach dtáinig bréag amach as riamh.

Rinne siad comhghairdeas lena chéile. Dúirt fear na fírinne go rachadh sé ar ais chuig an phálás agus thug sé cuireadh don fhear eile teacht ar ais leis, ach dúirt an bréagadóir go mbeadh an bhean chéile ag fanacht air is go gcaithfeadh sé deifriú abhaile. Scar siad óna chéile, chuaigh duine acu ar chlé agus an duine eile ar dheis.

Ach dar ndóigh bhí an bréagadóir ag insint bréaga. A luaithe is a bhí fear na fírinne imithe as radharc thiontaigh sé ar a shála agus chuaigh sé an treo eile go dtí go dtáinig sé chuig an sean-séipéal agus chuaigh sé i bhfolach ann nó bhí a fhios aige go dtarlaíonn sé lá amháin gach seacht mbliain gur féidir leis na cait labhairt mar a bheadh daoine iontu is go mbíonn comhdháil mhór acu is go mbeadh sé ar siúil an oíche sin sa sean-séipéal. Chuaigh sé i bhfolach agus thit sé ina chodladh.

Mhúscáil sé thart fá'n mheánoíche agus chuala sé guthanna. D'ardaigh sé a chloigeann beagáinín agus chonaic sé na cait, na céadta acu agus ba léi go raibh siad an-tógtha fá rud éigin. Chonaic sé an cat mór dubh, rí na gcat, ach bhí drochchuma air. Bhí sé tanaí agus bhí a chuid fionnaidh ag titim amach.

‘Seacht mbliain ó shin, bhí mé ag insint daoibh fá’n dóigh go bhfuair mé an lámh in uachtar, nó an ruball san im, ar an bhanphrionsa a raibh rún aici mé a chur amach sa stábla leis na francaigh. Bhuel, tharla sé go raibh fear ag éisteacht linn anseo agus d’inis sé an scéal ar fad don bhanphrionsa agus don Rí, agus rinne siad mé a chaitheamh amach ar an bhóthar, is tá mé ar an bhóthar ó shin. Mar sin de, a chairde chait, sula labhraim oiread is focal eile iarraim oraibh an áit seo a chuardach ó bhun go barr is má thagann sibh ar an fhear sin i bhfolach anseo déanaigí é a stróicheadh as a chéile le bhur n-ingní!’

Ar chlos dó an méid seo d’éirigh an bréagadóir ina sheasamh.

‘Éistígí a chairde! Ní mise a bhí ann. Caithfidh sibh mé a chreidbheáil. Tá mé ag insint na fírinne.’

‘Tusa? Ag insint na fírinne?’ a dúirt siad, nó bhí a fhios acu cé a bhí ann, nó bíonn na cait i gcónaí ag éisteacht le daoine.

Agus rith sé amach as an séipéal agus ba é an radharc deireannach a bhfuarthas air, ná é ag teicheadh leis thar an chnoic agus na céadta cat sa tóir air.

Agus is é sin mo scéal, agus má bhíonn aon bhréag ann bíodh!

Agus dearfainn go bhfuil an fear sin imithe ar shlí na fírinne ó shin!









# Líús Loch Éirne

The Lough Erne Pike was collected by Michael J. Murphy from Terry Greene, April 1966. Murphy also got this fantastical tale from Tom O'Rourke (aged 70+), resident of Lisnaskea but a native of Lisbellaw. Murphy was from south Armagh. He was a full-time collector who worked in many different places across the north of Ireland.

The Erne water system dominates County Fermanagh and features heavily in the Fermanagh material held by the NFC. A collection of Fermanagh folk tales would be incomplete if it didn't contain some Erne related material. This was one reason for choosing this story: another was the way in the original material that a simple conceit was followed (as in a farce) to its logical conclusion. One has to admire material that has the courage of its own convictions

This story is one of many ascribed to a real person, Edward 'Ned' Noble (who died in 1950). Noble's stories invariably feature extreme exaggeration deployed for comic purposes, as is the case here at the end with the laundry drying on the bush.  
NFC 1697: 34.

Lá geimhridh chuaigh an sealgaire amach agus a ghunna leis le lachain a mharú ar Loch Éirne Íochtair. Bhí an aimsir mar a d'iarrfadh do bhéal – é tirim, gan smid ghaoithe agus suaimhneach. Ar feadh na maidne agus ardtráthnóna dhírigh sé a aird ar roinnt éan agus scaoil sé mórán urchar, ach níor mharaigh sé a oiread agus éan amháin. A oiread agus éan amháin. Níor chuir sin lá buartha air. Ar laethanta áirithe bhíodh an t-ádh air. Ar laethanta eile ní bhíodh. Agus sin mar a bhí. Níor chuir sin isteach ná amach air. Níor chaill sé misneach in am ar bith.

Am éigin le linn an tráthnóna bhí a chuid gráin caite ag an tsealgaire, cé go raibh púdar fágtha aige. Mar ba ghnách, ní raibh sé buartha. Nár chuma? Níorbh fhada go mbeadh sé ag dul ó sholas agus go mbeadh air stad den scaoileadh ar scor ar bith.

“Tá sé in am agam éirí as,” ar seisean go ciúin.

D'imigh an sealgaire ar an chosán a bhí ag caismirneach le taobh imeall an locha, cosán a thabharfadh chun an bhaile é. Bhí a ghunna trom ar crochadh óna ghualainn dheas le seanstrapa leathair. Bhí an loch a bhí ag síneadh amach roimhe, mín agus dorch. Bhí an spéir díreach os a chionn ina meascán mearaí de scamail a raibh dathanna éagsúla orthu. Ag bun na spéire bhí cuid mhór de sholas bándearg cúrach. Bhí sin ag teacht ón ghrian a bhí ag dul síos i dtreo na gcnoc íseal a bhí i bhfad uaidh.

Sheasaigh an sealgaire gur bhog sé a ghunna foghlaeireachta ó ghualainn amháin go dtí an ghualainn eile. Bhí feagacha ag fás san uisce go díreach os a chomhair. Shamhail sé gur dhuine é féin a sheasódh a choimhead ar an domhan agus mar sin thapaigh sé an deis seo le stopadh san áit seo le breathnú ar na feagacha go cúramach. Bhí a gcuid gas fada agus ar a mbarr bhí bleibíní ollmhóra mosacha a raibh cuma throm orthu. Ba cheart dóibh a bheith ag lúbadh mar go raibh siad chomh hard sin agus go raibh siad chomh trom sin ar a mbarr. Ach ní ag lúbadh a bhí siad. Bhí siad ina seasamh suas go hiomlán díreach san uisce. Bhí siad mar a bheadh priocairí ann. Ar ndóigh, bhí a fhios aige cad chuige. Ní raibh gaoth ar bith ann. A oiread agus smid. An bhfaca sé lá ar bith roimhe a bhí chomh ciúin sin? Ní lena chuimhne.



Chuala sé rud éigin amuigh ar an loch ... splais throm. Cad é a bhí ann? Lacha ag tumadh isteach san uisce? Bhí amhras air nárbh ea. I dtús báire chluinfeadh sé díoscán sciatháin na lachan mar a bheadh leathar ann iad ag bualadh sular thug sí léim isteach ach níor chuala sé sin agus ar a bharr sin ní dhearna lacha splais chomh trom leis an cheann a chuala seisean. Ansin an cineál splaise a bhí ann, ba mhaith an breitheamh é orthu sin. Ar ndóigh, nach raibh sé ina chónaí le taobh an locha seo i rith a shaoil? Ní rud ag tumadh isteach ón aer a bhí cloiste aige ach rud éigin ag teacht amach as an loch agus ansin ag dul isteach arís. Sin an rud a chuala sé. Cad é a bhí ann mar sin? Breac? Bradán. Cibé rud a bhí ann, iasc mór a bhí ann, iasc ollmhór.

Shiúil sé cúpla coiscéim eile. Ní raibh mórán siúil ag an uisce san áit seo agus ar bhrúach an locha bhí crann sceiche a bhí trom le sceachóirí geala dearga. Bhí radharc soiléir aige amach ón áit seo agus ó tharla gur dhuine é a raibh dúil aige seasamh agus stánadh, stad sé gur bhreathnaigh sé an t-uisce. Ar dtús níor léir dó rud ar bith. Ansin, thíos san uisce smúitiúil mhóinteach chonaic sé rud éigin ollmhór ar dhath an airgid ag sleamhnú thart os a chomhair. Cad é a bhí ann? Fuair sé an freagra cúpla bomaite ina dhiaidh sin nuair a léim sé suas san aer cúpla troigh uaidh. Liús ollmhór a bhí ann, é chomh fada agus a bhí sé ard agus cloigeann millteanach mór air agus eití deilgneacha. Stad sé san aer os a chomhair ar feadh bomaite beag agus ansin thit sé siar go trom san uisce. Bhí fuaim leis an splais a bhí go díreach mar a bhí an fhuaim a chuala sé roimhe sin. Bhí an ceart aige mar sin. Is é an rud a chuala sé roimhe an t-iasc iontach mór seo a raibh sé anois ag breathnú air.

“Chuala mé ag léimnigh uair amháin thú,” arsa an sealgaire. “Chonaic mé ag léimnigh uair amháin thú,” arsa an sealgaire. “An mbeidh an tríú léim ann, a Uasail Liús?” arsa an sealgaire.

Sa tanalachta bhí an liús ag preabadh anonn is anall.

“Caithfidh mé a bheith gasta,” arsa an sealgaire, “má tá mé ag dul a bheith réidh má léimeann tú.”

Thóg sé a ghunna foghlaeireachta dá ghualainn, dhoirt sé púdar

síos sa bhairille, sháigh sé go teann é, dhing sé pluga síos ann agus bhuail sé go teann ar a bharr é.

“Anois, cad é ‘scaoilfeas mé?” arsa an sealgaire a chuimhnigh ar an bhomaite sin nach raibh grán ar bith fágtha aige.

“Maise, tá’s agam,” ar seisean, agus chuimhnigh sé go ndúirt seandúine leis uair go ndéanfadh sceachóirí dearga crua cúis in áit gráin in am an ghátair.

“Sceachóirí,” ar seisean.

Shín sé a lámh amach chuig an chrann agus bhí an t-ádhdh air gur tharla go raibh sé ina sheasamh in aice leis, bhain sé na sceachóirí de, ceann i ndiaidh an chinn eile, lig sé dóibh sileadh isteach sa bhairille agus dhing sé pluga eile isteach ar bharr.

San uisce bhí an liús ag bogadh ar fad, a chuid gluaiseachtaí tobann agus taghdach.

Phrímeáil an sealgaire an panna, d’ardaigh sé an gunna chuig a ghualainn, chocáil sé an bhreochloch...

Dar leat go raibh an liús ag fanacht leis an bhomaite seo nó réab sé suas tríd an dromchla agus chaith é féin san aer, a dhroim deilgneach leis an tsealgaire, a bholg bog leis an loch. Bhí sprioc an tsealgaire agus an t-iasc ar an aon líne amháin. Bhrúigh sé ar an trucear. Plab! Nuair a phléasc an grán bhrúigh an frithbhuille an stoc ar ais in éadan a ghualainne. Puth dheataigh ag béal an bhairille. Amach uaidh, bhuail na sceachóirí an sprioc. Bhí a fhios sin ag an tsealgaire nó chonaic sé cuaifeach gainní agus deora beaga bídeacha fola ag scaipeadh san aer. An chéad bhuille a bhuail sé an lá sin. Ansin chuaigh an liús faoin uisce. Splais. Ar feadh bomaite bhí an t-iasc ris faoin dromchla, agus ansin bhí sé ar shiúl, ar shiúl go hiomlán agus níor fhág sé lorg ar bith a thabharfadh le fios go raibh sé i ndiaidh a bheith ansin bomaite roimhe seachas boilgeoga bídeacha lán fola ar snámh ar dhromchla an locha.

Bhain an sealgaire an baile amach. D’inis sé an scéal dá bhean chéile (ba ise an dara bean chéile a bhí aige) agus dá chlann (ba iadsan an dara clann a bhí aige. Chreid siadsan ina gcroí istigh gur scaoil sé leis an liús. D’fhéadfadh siad sin a shamhlú. Ach ní raibh siad cinnte faoina mhéid. Liús a bhí chomh mór leis féin, ba

dheacair a leithéid a shamhlú?

Is minic a d'fhill an sealgaire ar an chrann sceiche mar a bhfuair sé na sceachóirí a scaoil sé leis an liús. Bhí cineál de bharúil aige, agus choinnigh sé an bharúil chéanna cé gur shíl sé go raibh sí seafóideach, go mb'fhéidir go bhfillfeadh an liús ar an áit ar leonadh é agus go bhfaigheadh sé faill spléachadh eile a fháil air. Ach níor fhill...

Tháinig an geimhreadh arís, trí bliana ina dhiaidh sin. Lá breá, an spéir glan, an ghrian ag soilsiú, teas san aer. Bhí an sealgaire ina sheasamh in aice leis an chrann sceiche ag breathnú amach ar an loch, a ghunna lena thaobh in éadan stoc an chrainn. I bhfad uaidh chonaic sé rud éigin ag bogadh ina threo, é ag tarraingt air go fadálach státúil. Cad é a bhí ann? Bhí sé cosúil ... cosúil le tom. Theann sé a chuid súl. Ní hea. Ní thiocfadh dó a bheith fíor. Ach bhí sé fíor. Tom, ag sleamhnú ionsair. An raibh sé ar bhád agus é ina shuí chomh híseal sin nach raibh an bád le feiceáil aige? Ní raibh. Agus é anois níos cóngaraí dó chonaic se go soiléir é. Sceach gheal a bhí ann agus í ina suí ar bharr an uisce, ag sleamhnú chuige... aus chomh maith leis sin, bhí baill éadaigh, sciorta, blús agus rudaí eile caite uirthi le triomú. Ní fhaca sé a leithéid riamh roimhe.

Ós rud é go raibh an tom anois iontach cóngarach dó chonaic sé, chomh maith leis na héadaí, sceachóirí dúdhearga, duilleoga teanna glasa, craobhacha deilgneacha tanaí, agus, go díreach faoin dromchla, ag tabhairt taca don tom, bhí an liús ollmhór é féin, é thar a bheith mór agus ar dhath an airgid.

"Maise," ar seisean, é ar crith le tréan iontais, "mar sin, na sceachóirí sin a scaoil mé, d'fhréamhaigh siad."

Tháinig an liús ní ba dheise dó.

"An bhfuil cuimhne agat cad é 'tharlaigh anseo?" arsa an sealgaire. "An é sin an fáth a dtáinig tú?"

Ní bhfuair sé freagra agus cad chuige a bhfaigheadh, cé gur shíl an sealgaire ina chroí gur cheart dó a bheith ag dúil go dtiocfadh an t-iasc ollmhór ar ais go dtí an áit ar scaoileadh é, cé go mb'fhéidir go raibh sin seafóideach.

Bhí an liús go díreach in aice leis an bhruach agus é ag bogadh go fadálach comhthreomhar leis an bhruach chéanna, mar a bheadh sé ag iarraidh go dtabharfadh an sealgaire leis ceann de na baill éadaigh a bhí ag triomú ar an sceach gheal a bhí ag fás as a dhroim.

“Cad chuige nach ndéanfainn sin?” arsa an sealgaire. “Le go mbeidh rud agam le seo a choinneáil i mo chuimhne.” Sciob se leis ciarsúr cáimrice. Bhí dath galánta uachtair air agus fáithim curtha go deismir air.

“Tá sé agam, a Uasail Liús, nár lagaidh Dia thú,” arsa an sealgaire.

Ar chuala an liús é? Ní fios. Ar mhothaigh an liús an sealgaire nuair a sciob sé an ciarsúr? Ag Dia atá a fhios? Tá an méid seo cinnte, gur thiontaigh an liús ar an bhomaite sin agus gur thosaigh sé a shnámh ón áit, ag tarraingt ar an áit i lár an locha as ar tháinig sé agus gur fhan an sealgaire ag coimhéad air go dtí nach raibh an tom le feiceáil níos mó aige. Leis sin thóg an sealgaire cuid de na sceachóirí den chrann, lig sé dóibh titim isteach sa chiarsúr cáimrice agus chuir sé an dá rud isteach ina phóca. Choinneodh sé iad sin i mbosca beag mar a mbíodh rudaí luachmhara i dtaisce aige, mar shampla ribí gruaige lena chéad bhean chéile a bhí anois ar shlua na marbh, agus an triúr páistí a bhí acu a bhí ar shlua na marbh fosta. La éigin amach anseo dá gcluinfadh daoine faoin liús a raibh an tom ag fás as a dhroim, b’fhéidir go dtaispeánfadh sé iad. B’fhéidir go n-inseodh sé a scéal. B’fhéidir é. Ina dhiaidh sin féin, b’fhéidir nach n-inseodh. Má tá an fhírinne rud beag ródheacair a chreidiúint, is fearr in amanna í a choinneáil ina rún nó an rud fíor a bhí deacair a chreidiúint, bhí an cáineadh gránna mar thoradh air i gcónaí. “Chum sé’n rud uilig... Tá sé ag iarraidh airde, sin é... Is bréagadóir é.” Thug an sealgaire leis a ghunna foghlaireachta agus ar aghaidh leis. Ba dheas lacha a fháil anois. Ach b’fhearr dhá cheann. Rud éigin don phota. Bhí sé ag dúil go mbeadh an t-ádair air agus i ndiaidh dó an méid seo a fheiceáil bhí cineál de bharúil aige go mbeadh







# An Fáinne

*The Ring was collected by Michael J. Murphy from George Sheridan, Florencecourt, County Fermanagh, September 1974.*

*This squib speaks of an impoverished society where retailers are so routinely duplicitous that buyers long for a full proof way to know the truth before they buy. No doubt a ring with properties like the one in this tale would have been much valued. It might also have put a lot of people out of business.*

*NFC 1861: 211.*

Bhí an oíche ann, áit éigin faoin tuath, bóthar uaigneach. Bhí Andaí Mac an tSagairt ag siúl chun an bhaile. Bhí iomlán gealaí ann. Bhí a scáth éadrom le feiceáil aige ag bogadh roimhe agus é ag siúl. Bhí bliain agus fiche go díreach slánaithe aige.

“A Andaí Mhic an tSagairt!”

Seanbhean a bhí ag caint agus í ina suí ag taobh an bhealaigh mhóir. Bhí sí ag baint taca as cloch mhíle ar a léiríodh cá mhéad míle go Sligeach i dtreo amháin agus cá mhéad míle go hInis Ceithleann sa treo eile.

Níor thug Andaí Mac an tSagairt an bhean seo faoi deara agus é ag tarraingt uirthi agus ní nach ionadh bhí a sháith iontais air bualadh léi anois. Cá has ar tháinig sí? Cad chuige nár thug sé faoi deara í? Mhottaigh sé go raibh a bhosa tais. Bhí a leasracha

mar a bheadh uisce ann. B'fhéidir go raibh sí aosta ach mar sin féin bhí cineál d'eagla air.

"A Andaí Mhic an tSagairt," arsa an tseanbhean, "Tá rud inteacht agam duit. Seo duit!"

Chaith an tseanbhean rud éigin ar an bhóthar. Chuala Andaí Mac an tSagairt cling. Ansin chuala sé rud éigin ag rolladh.

"Ar aghaidh leat," arsa an tseanbhean. "Tóg é. Ní bhainfidh sé greim asat."

Chuaigh Andaí Mac an tSagairt a chuardach an ruda a bhí caite aici. Sa deireadh leag sé a shúil ar rud éigin a bhí ag lonrú. Chrom sé síos gur thóg sé é. Fáinne a bhí ann. Bhí sé déanta de mhíotal trom de shórt éigin.

"Sin fáinne draíochta," arsa an tseanbhean, "agus ná ceannaigh thusa feoil gan amharc uirthi ar dtús trí lár an fháinne sin."

Cad é a bhí sí a mhaíomh? Níor chuala sé a leithéid riamh. "Cad chuige a ndéanfainn sin?" arsa Andaí Mac an tSagairt. "Níl ciall ar bith leis sin."

"Beidh ciall leis nuair a rachas tú chuig siopa'n bhúistéara amárach," arsa an tseanbhean.

Ar chluinstin na bhfocal seo, mhothaigh Andaí Mac an tSagairt a bosa níos taise, agus a leasracha níos uisciúla. Cad é mar a bhí a fhios aici? Lá arna mhárach cad é a tharla ach go raibh sé ag dul go hInis Ceithleann a cheannach feola dá mháthair le stobhach a dhéanamh. Bhí an t-airgead don fheoil sa bhaile dó ar an mhatal. Trí pingine. Bhí síob socraithe aige fosta ar chairt a bheadh ag dul go hInis Ceithleann ar a deich a chlog.

"Tabhair thusa leat an fáinne amárach," arsa an tseanbhean, "agus sula gceannaí tú feoil ar bith cuir sin le do shúil agus amharc fríd ar a' rud atá tú ag smaoineamh a cheannach. An dtuigeann tú? Beifear ag stánadh ort, tá mé á rá leat, tarlochaidh rudaí a chuirfeas do sháith iontais ort agus sula mbeidh deireadh leis an lá amárach, beidh tú buíoch díom, geallaim sin duit."

D'éirigh an tseanbhean ina seasamh agus d'imigh sí léi sa treo ar tháinig sí as. Choimhéad Andaí Mac an tSagairt í ar feadh tamaill, bhí an fáinne i gcúl a dhoirn aige i rith an ama, ansin thiontaigh sé



ar a sháil agus thug aghaidh ar an bhaile.

Mar a bhí socraithe roimhe, fuair Andaí Mac an tSagairt a shíob go dtí an baile mór an lá arna mhárach agus chuaigh a fhad le siopa an bhúistéara a mbíodh a mhamaí i gcónaí ag plé leis. Bhí boladh na fola agus na mine sáibhe san áit. Chuaigh sé isteach sa scuaine. Ar an leac chonaic sé an fheoil stobhaigh – bhí sé gearrtha i gciúbanna lán fola – bhí sé féin anseo le cuid acu sin a cheannach. Bhí an fáinne ina phóca aige. Thóg sé amach é gur bhreathnaigh sé trína lár ar an mholh fhuilteach.

Taobh istigh d'ímlíne an fháinne chuaigh an fheoil ar crith agus d'imigh sí as radharc agus ina háit chonaic sé sean-asal lom tanaí, a chorp clúdaithe le cneánna agus gearba. Bhí an t-asal á tharraingt le rópa cáidheach isteach i seamlas, ina dhiaidh sin bhí sraith thapa de phictiúir inar taispeánadh sceadamán an asail á ghearradh, a sheithe á fheannadh, a chonablaigh á ghearradh ina phíosáí, agus ciúbanna á ndéanamh dá cuid feola fuiltí. Mar sin is asal a bhí san fheoil seo a bhí ar díol? Ba léir sin. Bhuel, ní raibh seisean ná a mháthair ag dul a ithe sin.

D'ísigh Andy Mac an tSagairt an fáinne agus ar seisean, “Maise, cad é'n dóigh a dtearn mé dearmad?” Bhí an chuma air go raibh sé go díreach i ndiaidh cuimhneamh ar rud fiorthábhachtach. Is cinnte, gur bhreá an cur i gcéill é. Ansin thiontaigh sé ar a sháil agus d'éalaigh sé.

Agus é amuigh ar an phríomhshráid, arsa Andaí Mac an tSagairt leis féin, “B'fhearr dom triail a bhaint as búistéir eile. Is cinnte gur fearr an t-ádha a bheas orm sa chéad áit eile.”

Chuaigh sé suas go dtí an chéad siopa eile agus chrom sé isteach go ndeachaigh sé isteach sa scuaine. Bhí boladh na fola agus na mine sáibhe anseo fosta. Ar an leac chonaic sé feoil stobhaigh den chineál a bhí sé ag iarraidh a cheannach.

Chuir sé an fáinne lena shúil agus d'amharc sé uirthi. Taobh istigh dá chruth chuaigh an fheoil ar crith agus d'imigh sí ar crith agus d'imigh sí as radharc agus ina háit chonaic sé conablaigh, lán cruimheanna agus dath glas air mar go raibh sé lofa agus bhíothas á ghlanadh le scuab shreinge agus á ghearradh ina chiúbanna ina

dhiaidh sin. Mar sin bhí an fheoil seo a bhí ar díol bréan? Ba léir sin. Bhuel ní raibh seisean ná a mháthair ag dul a ithe sin.

Arís eile, d'ísligh Andaí Mac an tSagairt an fáinne agus ar seisean, “Maise, cad é'n dóigh a dtearn mé dearmad?” Leis sin thiontaigh sé ar a sháil agus as go brách leis.

“Bainfidh mé triail as an chéad siopa búistéara eile,” ar seisean, nuair a bhí sé amuigh ar an tsráid arís. “Bíonn an tríú huair sona.”

Shiúil sé suas go dtí an áit, shleamhnaigh sé isteach agus chuaigh isteach sa scuaine. Tuilleadh fola agus tuilleadh min sáibhe. Ar an leac chonaic sé ciúbanna d'fheoil stobhaigh. D'amharc sé trí lár an fháinne uirthi. Mar a tharla roimhe chuaigh an fheoil ar crith agus d'imigh sí as radharc agus ansin nocht sí arís, mar a bhí sí roimhe, ach anois bhí fear ina sheasamh ag amharc anuas uirthi. Bhí naprún búistéara air clúdaithe le fuil agus bhí sé ag stealladh sruth de mhún crua buí galach ar na ciúbanna a bhí ina gcarn. Mar sin bhí an fheoil seo a bhí ar díol ar maos i mún? Ba léir sin. Bhuel ní raibh seisean ná a mháthair ag dul a ithe sin. Ní raibh sé ag dul a thabhairt luach trí pingine den rud seo chun an bhaile leis.

“An chéad duine eile,” a scairt an búistéir.

Bhí seal Andaí Mhic an tSagairt ann, d'ísligh sé an fáinne óna shúil.

“Anois,” arsa an búistéir, “cad é' tá tú a iarraidh?”

“Tá mé buartha,” arsa Andaí Mac an tSagairt, “Tá mé san áit chontráilte.”

Thiontaigh sé ar a sháil agus d'imigh se leis chuig siopa an mhangaire éisc. An oíche sin d'ith sé féin agus a mháthair eascann.







# Dé Luain Dé Máirt

*This story is well known across the country, and indeed internationally. The context for this particular version was given to me by Cahir McKeown of Enniskillen (1924-2015) who knew some of the old Enniskillen tailors in his young days. It appears in Irish Sagas and Folk-Tales by Eileen O'Faoláin (1954) and musician Rossa Ó Snodaigh tells me he heard a version of the story in Japan.*

Sa tseanam sula raibh siopaí ann ba ghnách le táilliúirí cultacha a dhéanamh, seacaidí, bristí agus veisteanna. D'oibir siad ó dhubh go dubh, ón Máirt go dtí an tSathairn ach a oiread le gruagairí an lae inniu bhí lá saor acu ar an Luain nó bhídís ag obair go mall ar an tSathairn le go mbíodh na cultacha réidh d'Aifreann an Domhnaigh. Agus maidin Luain nuair a bhí lá saoire acu ba ghnách leo siúil amach chomh fada le Coill na nGealbhán, áit a bhfuil an t-óstán mór anois, cultacha maithe agus babhlaeir orthu.

Theastaigh an siúlóid seo go géar uathu, na créatúir, nó bhí siad righin creapálta i ndiaidh obair an seachtaine. Ní raibh aon solas leictreach ann an t-am sin is ba ghnách leo suí i bhfuinneog an tsiopa faoi sholas na gréine agus an dá chois trasna ar a chéile acu, ag sníomh agus ag gearradh. Agus nuair a chuaigh táilliúr anonn in aois d'érig sé cromtha creapalta agus tháinig cruit air

nach raibh aon leigheas air nó ní raibh aon iomrá ar osteopaths nó chiropractors an t-am sin.

Ar aon nós, tharla gur chaith tailliúr áirithe lá iomlán ag obair ar chulaith éadaí le haghaidh duine uasail. Lá breá samhraidh a bhí ann agus d'oibrigh sé go dtí a haon déag a chloig sa tráthnóna leis an obair a chríochnú. Agus ansin le clapsolas d'imigh sé amach ag siúil agus shiúil sé leis amach bóthar an Iompú Deisil agus chuaigh sé suas fhad leis an Gharbhaire. Ansin thiontaigh sé isteach ar chlé ar bhóithrín tuaithe agus shiúil sé leis. Bhí an oíche ann faoin am seo ach bhí an ghealach go hard sa spéir agus bhí gach duine eile ina luí.

Shiúil sé leis agus bhí sé chomh sona sásta ann féin gur bhraith sé gur chuala sé ceol ina chloigeann istigh. Ach de réir mar a chuaigh sé ar aghaidh chuaigh an ceol in airde agus thuig sé nach ina chloigeann a bhí sé ach sa pháirc in aice leis. Chuaigh sé fhad leis an fhál agus d'amharc sé idir na duilleoga agus bhí dubhiontas air nuair a chonaic sé go raibh daoine sa pháirc is go raibh siad ag damhsa. Agus na daoine seo a bhí os a chomhair, níorbh fhada gur aithin sé gurb iad na daoine beaga, na síoga, a bhí iontu.

Bhí eagla a chraicinn air ach stáin sé orthu amhail is go raibh sé faoi gheasa acu. Bhí amhrán a chanadh acu:

Ó Dé Luain, dé Máirt, dé Luain, dé Máirt

Dé Luain, dé Máirt –

Agus ansin stop siad gan choinne agus bhí cuma míshásta orthu. Ansin chuir siad tús leis an damhsa arís ach tharla an rud céanann céanna. Tharla seo cúpla uair agus thuig an tailliúr cad é a bhí cearr – bhí focail an amhráin dearmadta acu is mar sin de nuair a thosaigh siad athuair –

Ó Dé Luain, dé Máirt, dé Luain, dé Máirt,

Dé Luain, dé Máirt, –

bhéic sé 'Dé Chéadaoin' agus lean an damhsa ar aghaidh.

Nuair a bhí an damhsa thart thosaigh na daoine beaga ag déanamh comhghairdeasa lena chéile, nó shíl gach duine acu gurb é an duine a bhí taobh leis nó léi a chuimhnigh na focail.

Diaidh ar ndiaidh d'aithin siad nár dhuine acu féin ach stráinséar

éigin a thug na focail dóibh is nuair a thuig siad sin scaip siad amach ar fud na páirce ag iarraidh teacht ar an duine sin nó is é an rud atá ann nach maith leis na daoine beaga go bhfeicfeadh mise nó tusa iad.

Fuair siad greim ar an táilliúr bhocht agus rinne siad é a tharraingt isteach go lár na páirce. Sheas siad i gciorcal thart timpeall air. An fear bocht, bhí sé ar aon bharr amháin creatha, agus é ag gabháil a leithscéalta leo, a rá leo nach raibh ann ach cruiteachán de shean-táilliúr ó Inis Ceithleann a bhí amuigh ar a choiscéim i ndiaidh dó lá mór oibre a chur isteach. Ní raibh sé riamh i gceist aige aon dochar nó spíodóireacht a dhéanamh orthu ach mheall an ceol é is nuair a d'aithin sé go raibh dearmad déanta acu ar na focail b'éigin dó cuidiú a thabhairt dóibh.

D'fhan siad ina dtost ar feadh tamaill. Ansin labhair Rí na Síog.

'Tá an chuma ar an scéal go bhfuil tú ag insint na fírinne agus ó tharla gur chuidigh tú linne ba chóir dúinn cuidiú a thabhairt duit.'

Agus gan a thuilleadh moille bhain sé an chruit dá dhroim agus chroch sé suas ar chrann é.

Agus dúirt siad leis gabhail abhaile go hInis Ceithleann, ach gan an scéal a insint d'aon duine.

Agus níor scaoil sé a rún bíodh gur aithin na táilliúirí eile gur shiúil sé anois mar a bheadh oifigeach airm ann nuair a chuaigh siad amach go Coill na nGealbhán gach Luain. D'fhiafraigh siad dó cén leigheas a d'úsáid sé ach ba shaothar in aisce acu é. Ach ansin tharla sé bliain agus lá i ndiaidh na hoíche sin gur pósadh a iníon agus bhí cúpla deoch aige agus nuair a bhí sé amuigh i lár an urláir ag damhsa chuir duine éigin ceist air cá fhoghlaím sé na coiscéimeanna breátha damhsa a bhí aige agus sular aithin sé cad é a bhí déanta aige bhí an scéal ar fad inste aige d'athair an fhir óig, seantáilliúr eile ó Inis Ceithleann.

An oíche dar gcionn chinn an táilliúr eile seo gabháil ar shiúlóid amuigh bóthar an lompú Deisil agus suas cnoc Gharbhaire. Nuair a bhain sé an barr amach thiontaigh sé isteach ar chlé. Bhí an oíche dubh dorchá go dtí go dtáinig an ghealach amach ó chúl scamail. Ansin mheas sé gur chuala sé ceol.

Lean sé ar aghaidh go dtí go raibh an ceol le cloisteáil go soiléir agus bhí an fhios aige go raibh sé san áit cheart is go raibh a chara ag insint na fírinne. D’amharc sé isteach sa pháirc agus chonaic sé iad, na síoga, agus bhí siad ag damhsa go meidhreath.

Ó Dé Luain, dé Máirt, dé Luain, dé Máirt,

Dé Luain, dé Máirt, dé Chéadaoin!

Bhí lúcháir an domhan air an damhsa seo a fheiceáil, nó an dtuigeann tú, bhí cruit ar an fhear bhocht seo fosta. D’fhan sé go dtí go raibh cúpla véarsa eile ceolta acu is go raibh an damhsa faoi lán tseoil agus ansin scairt sé amach in ard a ghutha –

‘DÉARDAOIN!’

Agus baineadh tuisle as na síoga uilig agus thit siad ar mhullach a chéile.

Agus shíl seisean go raibh cuma an-ghreannmhar orthu agus thug sé bualadh bos mór dóibh agus scairt sé ‘Maith sibh!’

Ach níor shíl na síoga go raibh sé ar dhóigh ar bith greannmhar.

Rith siad anonn chuige, rug siad greim air agus tharraing siad é isteach go lár na páirce agus rinne siad ciorcal thart air.

‘Abair lion anois, ‘arsa Rí na Síog. ‘Cé thusa, agus cad é atá ar bun agat anseo?’

‘Á maise, nach bhfeiceann tú gur cruiteachán bocht táilliúra mé ó Inis Ceithleann agus chonacthas domh gur theastaigh lámh cuidiú uaibh leis an damhsa seo agaibh.’

‘Ní theastaíonn aon chuidiú uainn,’ arsa Rí na Síog.

‘Ó chruiteachán bocht táilliúra fiú amháin?’ a d’fhiafraigh sé agus aoi bh leathan ar a aghaidh.

Agus tháinig aoi bh ar aghaidheanna na síog chomh maith.

Agus rith duine acu fhad leis an chrann agus thóg sé cruit an chéad táilliúra anuas den chrann agus chuir sé é ar dhroim an dara táilliúr!

Agus ansin chuir siad an ruaig air agus b’éigin don fhear bhocht pilleadh ar Inis Ceithleann agus dhá chruit air mar a d’fheicfeá ar dhroim chamail!









# An Ropaire Ocrach

*The Hungry Highwayman was collected by Patrick Magee from John McManus, retired postman, Irvinestown, August 1938.*

*It's a familiar trope – words spoken openly to communicate hidden truths even while an enemy is listening.*

*John McManus's version courtesy of Patrick Magee, on which my text is based, gives no indication of why the servant girl can't speak out once the man of the house goes off to fetch the yeomen. So for this reason I added a third party, the wife of the man of the house, and introduced the notion that she's tasked with keeping the highwayman there, in the kitchen, until the yeomen arrive. Proinsias Dubh was an historical figure though this story may be apocryphal rather than true.*

*NFC 559: 303-4*

Tráthnóna séimh. Bhí boladh rud beag cosúil le boladh an fhéithlinn san aer.

In áit éigin cóngarach do Bhaile an Irbhinigh, ar shiúl giota ón bhealach mhór, teach dhá stór a raibh sclátaí air a bhí ar dhath an cholúir agus doras tosaigh dearg.

Sa chistin bhí fear an tí agus a bhean chéile ina suí ag tábla. Feirmeoir láidir a bhí ann agus chan ionann agus na spailpiní a bhí ar fostú aige bhí sé ar a acmhainn tábla a cheannach.

Ar an taobh eile den chistin bhí craos tine a raibh gráta ann a d'fhóirfeadh do chócaireacht. Bhí cailín aimsire ann a bhí ina cónaí san áit, naprún uirthi breac le spotaí gréisce agus a haghaidh te agus dearg. Bhí sise ag friochadh scadán agus ag bruith prátaí. Bhí doras na cistine oscailte agus bhí boladh galánta an ime the agus na bprátaí ag sileadh amach san aer...

Ar an bhóthar os comhair an tí a raibh na sclátaí liatha air agus an doras dearg, nocht an ropaire, Proinsias Dubh agus stad sé.

Thosaigh sé a smúrthacht. Cad é an boladh sin a bhí san aer? Thosaigh Proinsias Dubh a smúrthacht arís. D'aithin sé an iarraidh seo é.

“Scadáin agus prátaí,” ar seisean.

Thar a bheith blasta.

“Tá ocras orm ...”

Thug Proinsias Dubh léim go dtí an doras tosaigh dearg agus bhuail cnag air.

Tháinig fear an tí go dtí an doras. D'aithin sé mo dhuine ar an bhomaite agus lig sé air féin nár aithin. Níor dheacair d'fhear an tí dallamullóg a chur ar dhaoine lena aghaidh mhór dhúnta chothrom.

“Bhuel,” arsa fear an tí, “cad é atá 'e dhíth ort?”

“Tá ocras orm,” arsa Proinsias Dubh.

“Tá'n t-ádh ort,” arsa fear an tí go mín síodúil. “Agus tá'n t-ádh orm féin fosta,” ar seisean ina dhiaidh sin, ach dúirt sé na focail sin leis féin amháin ina intinn. Nó bhí a fhios gur aige gur tairgeadh luaíocht mhór ar eolas ar bith a chuideodh leis an ropaire a ghabháil. Dá n-imreodh sé an cluiche mar is ceart is aige a bheadh an t-airgead sin.

“Tá ocras ort,” arsa fear an tí le Proinsias Dubh, “agus tá muidinne ar tí ithe. Goitse isteach agus ith an suipéar linn.”

Stiúraigh fear an tí Proinsias Dubh isteach sa chistin.

“Tá cuairteoir againn,” arsa fear an tí lena bhean agus é ag caochadh a shúile. Ní fhaca an ropaire sin ach chonaic sise é. “Tá sé ag dul a bheith ag ithe linn.”

“Tá, bhuel,” arsa an bhean ag caochadh a súile ar ais leis. Le

blianta fada d'fhoghlaim sí féin agus a fear an dóigh le labhairt le chéile le gothaí agus le comharthaí nach dtabharfadh daoine eile faoi deara. Ba é sin an rún a bhí taobh thiar dá gcuid séitéireachta agus dá gcuid bobaireachta agus ba í an tséitéireacht agus an bhobaireacht, ar a seal, a d'fhág saibhir iad.

“Bhfuil ár sáith bia againn?” arsa bean fhear an tí ag scairteadh anonn chuig an tine, agus déarfadh cluasa Phroinsias go raibh sé ag iarraidh a bheith fáiltiúil i ndáiríre.

Bhí an cailín aimsire ag obair ag an tine agus le meall a boise scuab sí ar shiúl an ghruaig a bhí ag greamú de chlár a héadain a bhí tais.

“Nach cinnte go bhfuil ár sáith againn,” a d'fhreagair sí agus thug sí a haghaidh arís ar an fhriochtán agus ar an sciléad a bhí ag boilgearnach. Chroith sí an friochtán gur baineadh croitheadh as na scadáin a bhí á bhfrioachadh air, agus de réir mar bhí na scadáin ag titim agus ag casadh bhí an t-im ag giosáil.

“B'fhearr domh an beart a dhéanamh, nárbh fhearr?” arsa fear an tí lena bhean.

“B'fhearr,” ar sise. Bhí sí chomh géar ag aithint rudaí agus a bhí an fear s'aici cúpla bomaite roimhe sin nuair a d'oscail sé an doras tosaigh do Phroinsias Dubh.

“Imeocha' mé mar sin,” arsa fear an tí. “Bhéarfa' tusa aire don chuairoteoir, nach dtabharfaidh, a thaiscidh?”

“Thig leat a bheith a' brath ormsa é a choinneáil sásta,” ar sise.

D'éalaigh fear an tí amach an doras cúil agus bomaite ina dhiaidh sin chonaic Proinsias Dubh é ag dul thart leis an fhuinneog agus é ag tabhairt aghaidh ar an tsráid chun tosaigh.

“Nach suífidh tú?” arsa bean fhear an tí.

Chuaigh Proinsias Dubh go dtí an stól in aice leis an tine mar a raibh an cailín aimsire ag cócaireacht. Shuigh sé.

“Dia duit,” arsa Proinsias Dubh léi.

Bhí sí ag tiontú na scadán ar an phanna le spadal adhmaid. Lig sí uirthi féin nár chuala sí an forrán.

“Scádán dána, nach bhfuarthas greim boilg ariamh air,” ar sise. Le giosáil an ime níor chuala ach Proinsias na focail a dúirt sí, agus

shíl sé go raibh siad cineál ... bhuel, aisteach.

“Scadán dána, nach bhfuarthas greim boilg ariamh air,” arsa Proinsias Dubh leis féin. Frása saoithiúil. Cad é a bhí sí a mhaíomh? “Scadán dána nach ...” Ó, sin é ... thuig sé anois é ... is mar gheall ar a bholg a cheapfaí é ... sin an rud a bhí sí a mhaíomh. Ach ní thiocfadh léi sin a rá. Ní go hoscailte. Ar ndóigh, ní thiocfadh. Dá ndéarfadh chluinfeadh bean fhear an tí í. Agus ansin thiocfadh na gíománaigh. Dar le Proinsias Dubh go raibh fear an tí anois ar shiúl lena bhfáil. Thiocfadh siadsan agus nuair a d’fheicfeadh siad go raibh Proinsias Dubh ar shiúl chuirfí i leith an cailín gur chuidigh sí leis éalú. Dhéanfaí í a tharraingt ar shiúl chun na beairice agus ansin ... níor dheas sin a shamhailt.

“Scadán dearg nach bhfuarthas greim boilg ariamh air,” arsa Proinsias go ciúin. Chlaon an cailín a ceann ina threo ach choinnigh sí a haghaidh leis an urlár le nach mbeadh a fhios ag bean fhear an tí cad é a bhí ag tarlú, nó is cinnte go raibh sí ag coimhead.

“Mo dhálta féin,” arsa Proinsias Dubh. Chlaon an cailín aimsire a cheann. Ní mó ná go mothófa a ceann ag bogadh. Cé nár casadh riamh ar a chéile iad go dtí seo thuig siad a chéile chomh maith agus dá mbeadh aithne i rith a saoil acu ar a chéile.

“Mo dhálta féin,” arsa Proinsias Dubh arís. Sheasaigh sé agus le trí choiscéim bhain sé an doras cúil amach.

“Is lena bhéal foscailte a gheibh iasc bás,” ar seisean de ghlór ard le bean fhear an tí, a raibh a sáith iontais uirthi, “ach chan an ceann seo.”

D’oscail sé an doras de phlab agus thug sé léim síos na céimeanna agus faoin am ar nocht na gíománaigh, bhí sé i bhfad bhfad ar shiúl, bhí bean fhear an tí ar deargbhuile agus bhí an cailín aimsire ag fanacht ag an tine leis an tsuipéar a chur ar an tábla.









# Guí an tSeanmhná

*A story told by subject's daughter Rose Howe, (80), April 1955 to Sandy McConnell, NFC 1403: 96.*

Rinne seanbhean Uí Ultacháin a seál a chuir thart timpeall uirthi féin, chuir sí bróga troma ar a cosa agus bhuail sí chun bóthair. Bhí séipéal an tSeisigh dhá mhíle ar shiúil agus drochmhaidin stoirmiúil a bhí ann. Bhí gála ag séideadh san aghaidh aici. Rinne sí an seál a casadh thart ar a cloigeann sa dóigh is nach raibh ach an dá shúil le feiceáil. Bhí sí cromtha in éadan na gaoithe agus ba ar éigin gur éirigh léi cos amháin a chur os comhair na coise eile. Bhí eagla a craicinn uirthi go n-ardódh an ghaoth í ón bhóthar is go gcaithfeadh sé í isteach sa díog a bhí lán le glóthach frog.

Theastaigh uaithi mallacht a chur ar an ghaoth ach thuig sí nár chóir di a leithéid a dhéanamh, agus í ar a bealach chuig an aifreann ach go háirithe. Ach bhí an ghaoth ag cur moill uirthi agus bhí eagla uirthi nach mbeadh sí in am don aifreann. Nach mór an difear a dhéanfaidh sé dá laghdódh an ghaoth rud beag. Nárbh iontach an rud é le fírinne dá dtiontódh an ghaoth is go mbeadh an ghaoth lena droim? Thug an smaoineamh seo dóchas di agus thug an dóchas seo misneach di agus lean sí léi.

Faoi dheireadh bhain sí an séipéal amach, bhí sí go díreach

in am don aifreann agus shuígh sí isteach sna suíocháin leis na daoine eile.

Bhí a haird fós ar an ghaoth i rith an aifrinn agus thug sí paidir go dtiontódh an ghaoth.

Nuair a bhí an t-aifreann thart rinne sí an seál a cheangail thart uirthi féin arís agus nuair a bhuail sí chun bóthair fuair sí amach gur éistíodh lena guí. Bhí an ghaoth anois ag séideadh sa treo eile is bheadh sé san aghaidh aici ar a bealach ar ais abhaile.









# An Bhanaítra Cíche

*The Wet Nurse was collected by Patrick Magee from John McManus, retired postman, Irvinestown, August 1938.*

*The Archdale family originally came from Staffordshire. John Archdale (1578-1621) was an 'undertaker' in the Ulster plantation. He arrived in Ireland in 1612, received grants of land in Fermanagh and Tyrone, and built Castle Archdale near the shores of Lough Erne in 1615. John's son, Edward Archdale (1604-41) was killed along with his wife and family, probably when rebels took Castle Archdale in the Irish rebellion of 1641. Only his youngest son, William Archdale (c.1640-1722), survived, reputedly saved by his nurse.*

*There are several variants of this story in the NFC Fermanagh papers but I liked this one the best even though it departs from the facts the most (in this version the Archdale adults survive and it's not even clear if the Archdale heir is killed or just spirited away by the Irish rebels, which was certainly not what happened in real life) and is also quite implausible: a mother, even a mother who relies on a wet nurse would hardly mistake a baby of over a year old who is not her own for her own, I think. However, what you get with this version if you're prepared to overlook the violation of historical fact and the implausibility issue (which I am and which presumably early listeners also were) is the deeply comforting notion that an outlier, albeit by accident, can become a member of the ruling caste, or, if you prefer, that a Catholic can become a planter. Finally, in its indirect way, the story may also be a way of acknowledging that intimacy did occur between the different confessions without actually having to show any.*

*NFC 559: 346-7.*

Gruaig rua a bhí uirthi, bricíní uirthi agus súile gorma uisciúla. Bhí sí beag, cnámhach, corróga leathana aici agus cíocha troma. Nic Aodha an sloinne a bhí uirthi. Tharla lá gur ofráil diallaiteoir pingin a thabhairt di dá luífeadh sí i bpáirc leis. Thoiligh sí. Nár mhaith an rud pingin. Ach nuair a bhí a ngnó déanta acu rith se ar shiúl gan íoc. Naoi mí ina dhiaidh sin rugadh gasúr di.

Bhí post de dhíth uirthi anois le tacú léi féin agus lena leanbh. Chuala sí go raibh leanbh fireann de chuid chlann Archdale i ndiaidh teacht ar an tsaol i gCaisleán Archdale, an áit a raibh an chlann ina gcónaí. Is eisean a gheobhadh le huacht an caisleán agus a thailte. Chuaigh sí chuig an chaisleán agus dúirt go mbeadh sí toilteanach a bheith ina banaltra cíche aige. Mhothaigh Bean Archdale, máthair an linbh, go raibh sé furasta ag an chailín seo cothú brollaigh a thabhairt do pháistí nó bhí sí ag tabhairt na cíche dá leanbh nuabheirthe féin le linn a n-agallaimh agus de réir cosúlachta bhí leanbh sa bhreis aici. Mar sin ghlac sí í mar bhanaltra cíche dá mac féin cé gur Chaitliceach í agus nach raibh Béarla ar bith aici...

Tús an gheimhridh. Maidin Dé Domhnaigh. Ina háit féin, cois tine, a leanbh féin ina chodladh i gcliabhán ag a cosa agus oidhre chlann Archdale teannta lena cíoch chlé agus í á chothú chuala an bhanaltra fhliuch – ba sin an t-ainm a baisteadh uirthi – chuala sí an tUasal Archdale agus a bhean agus a gcuid searbhóntaí Protastúnacha sa halla os a cionn ag sleamhnú amach agus ansin ag cur glas ar an doras ina ndiaidh. Bhí siad ag dul chun na heaglaise. Bhí sí léi féin sa chaisleán agus a luaithe a d'éirigh léi leanbh Archdale a chur a chodladh, bhí sí ag brath sleamhnú isteach i seomra leapa a máistreása, rud a rinne sí go minic roimhe nuair a bhí gach duine ag an eaglais go dtriailfeadh sí uirthi a cuid gúnaí cé go raibh siad rómhór aici ...

Tamall ina dhiaidh sin, taobh amuigh, chuala an bhanaltra cíche, crúite capall ag bualadh ar an talamh, scairteanna gairgeacha ag fir cheannairceacha agus greadadh na gcasúr ar dhoirse an chaisleáin.

Osclaíodh doras na cistine go tobann agus isteach le beirt de

shaighdiúirí Fhéilim Uí Néill de sciurd. Bhí sciath agus claíomh gairid le gach duine acu. Gheit an bhanaltra cíche, í ag brath teitheadh ach sular éirigh léi éalú uathu sciob an dá shaighdiúir oidhre Archdale as a lámha agus dheifrigh siad leo leis an leanbh isteach sa halla an áit a raibh a gcomhshaighdiúirí ag plódú isteach, iad i ndiaidh an doras a réabadh. Gan smaoineamh, sciob an bhanaltra fhluch a leanbh féin agus shleamhnaigh sí amach ar an doras ar tháinig an dá shaighdiúir isteach air.

Sa chlós tháinig an bhanaltra cíche ar shaighdiúirí Éireannacha ag lódáil cairte leis an éadáil a fuarthas. Bhí na sladaithe chomh gnóthach sin nár thug siad faoi deara an bhanaltra cíche bheag chnámhach sciobtha. D'éalaigh sí agus theith si isteach sna coillte agus d'fhan sí i bhfolach ansin i measc na gcrann lena mac.

An lá arna mhárach d'fhill an bhanaltra cíche ar Chaisleán Archdale. Tháinig sí ar shaor adhmaid ag an chúl a bhí ag déanamh doras úr le cur in áit an chéad chinn a ndearna na ceannarcaigh Éireannacha smionagar de. Isteach léi. Bhí an chistin ina ciolar chiot. Bhí smionagar déanta ag na hÉireannaigh nuair a ransaigh siad an caisleán an lá roimhe. Bhí Bean Archdale, an mháistreás s'aici cois na tine. Ó tharla go raibh sí féin agus a fear céile agus na searbhóntaí Protastúnacha ar shiúl ag an eaglais nuair a tháinig na hÉireannaigh, tháinig siad slán.


Nuair a chonaic an mháistreás a banaltra cíche ag teacht isteach, léim sí suas.

“Shábháil tú é,” arsa Bean Archdale os ard. “Shábháil tú mo leanbh.” Bhris an caoineadh uirthi, sciob sí an leanbh, an leanbh s'aici féin dar léi, sciob sí é as greim na banaltra cíche, agus thosaigh sí á phógadh. “agus in onóir an ruda atá déanta agat,” ar sise, “bíodh a fhios agat go mbeidh duine de chlann Mhic Aodha i gcónaí i gCaisleán Archdale agus ní ligfear choíche do dhuine de Chlann Uí Neill a bheith ag obair anseo.”

As siocair nach raibh Béarla ar bith ag an bhanaltra cíche níor thuig sí an rud a dúradh agus ní raibh sí ábalta a mhíniú cad é a tharla agus faoin am ar thuig sí é bhí sé rómhall. Níor de chlann Mhic Aodha a thuilleadh a leanbh ach de mhuintir Archdale, rud

a d'fhág ina oidhre é, cé go raibh sise fós ina banaltra cíche aige, agus féadann tú a rá go raibh sí ina máthair aige fosta ar gach uile dhóigh.

Ní raibh leanbh ar bith eile ag an Uasal Archdale agus a bhean agus nuair a fuair siad bás fuair mac na banaltra cíche an caisleán agus an talamh mar oidhreach. Bhí a máthair ansin sa chaisleán i gcónaí. Níltear cinnte ar inis sí riamh dó gurbh ise a máthair. Táthar den bharúil go mb'fhéidir gur inis sí an fhírinne dá mac i gcogar nuair a bhí sí ag saothrú an bháis, ach b'fhéidir nach bhfuil ansin ach cumraíocht.











# An Mac Tíre agus a Eireaball

*Collected by Sandy McConnell from Tom Kellagher, aged 82, the Brook, Enniskillen April 1958.*

*NFC 1403: 65-8.*

Fadó, fadó, bhí bua na cainte ag na hainmhithe, agus lá amháin bhí fear ag gabháil tríd an choill nuair a thosaigh mac tíre ag impí air:

‘Scaoil saor mé, a dhuine chóir, nó tá m’eireaball imithe i bhfostó idir chraobhacha an chrainn gabhalaigh seo.

Bhí trua ag an fhear don mhac tíre agus rinne sé é a scaoileadh saor ón tsáinn in a raibh sé. Ach a luaithe is a bhí an mac tíre saortha aige thosaigh an mac tíre ag rith thart timpeall ar an fhear a rá, ‘tá mé stiúgtha, tá mé stiúgtha leis an ocras, tá mé chun tú a ithe.’

Bhí eagla a chraicinn ar an fhear agus d’impigh sé ar an mhac tíre a bheith trócaireach leis. ‘Ná habair go bhfuil sé i gceist agat mé a ithe, mise a shabháil do bheatha?’

‘Maith go leor,’ arsa an mac tíre. ‘Fágfaidh muid an scéal faoi

bhreithiúnas an chéad triúr ainmhí a chasfar orainn.'

Shiúil an fear agus an mac tíre ar aghaidh agus níorbh fhada gur casadh seanmhadadh ar thrí chos orthu. Chuir siad forrán ar an mhadadh agus d'inis siad an scéal ar fad dó.

'Bhuel,' arsa an madadh. 'Chaith mé dhá bhliain déag le mo mháistir. Rinne mé a theach a chosaint agus rinne mé na caorigh agus an t-eallach aige a stiúradh agus dúirt sé nach raibh madadh ar dhroim an domhain a bhí inchurtha liom agus chreid mé é. Ach ansin ar maidin chuir sé an ruaig orm amach as an teach agus dúirt sé 'Imigh leat anois mar níl maitheas ar bith ionat a thuilleadh. Agus seo mé, mar sin.' Ansin d'ardaigh sé a chos agus dhírigh sé é ar an fhear agus dúirt:

'Ith é, ith é, nó ba chóir go n-íosfaí na fir seo uilig!'

'Uimhir a haon!' arsa an mac tíre, ag lígh a liopaí.

Lean an fear agus an mac tíre ar aghaidh go dtí gur casadh seanchapall liath orthu agus arís eile d'inis an beirt acu an scéal dó.

'Bhuel,' arsa an capall. 'D'oibrigh mé go dian ar feadh fiche bliain faoi fheirmeoir a bhfuil cónaí air go díreach taobh leis an choill seo. Rinne mé an talamh a threabhadh, chuir mé an síol, agus agus dúirt sé nach raibh mo sharú le fáil ar dhroim an domhan agus chreid mé é. Ach ansin ar maidin thug sé mé isteach sa choill seo agus thug ordú dom gan pilleadh ar an fheirm ó tharla nach raibh aon mhaitheas ionam a thuilleadh. Agus mar bharr ar an donas thóg sé bata mór agus thug sé buille fíochmhar dom.'

Is nuair a bhí a scéal inste ag an seanchapall thiontaigh sé chuig an mhac tíre agus dúirt:

'Ith é, ith é, nó ba chóir go n-íosfaí na fir seo uilig.'

'Uimhir a dó' arsa an mac tíre, ag lígh a liopaí arís.

Ar aghaidh leo arís agus thit croí an fhir nuair a chonaic sé an chéad ainmhí eile chucu – madadh rua. Arís eile rinne siad an scéal ar fad a insint dó agus d'éist an madadh rua leo go cúramach.

'Bhuel anois,' arsa an madadh rua nuair a bhí an scéal críochnaithe acu. 'Leis an fhírinne a rá, ní fhéadfainn breithiúnas a thabhairt go dtí go bhfeicfinn an sáinn ina raibh tú.'

Mar sin de chuaigh siad ar ais chuig an chrann ghabhalach.

‘Caithfidh tú d’eireaball a chuir ar ais san áit a raibh sé go bhfeice cad é mar a bhí sé,’ arsa an madadh rua agus rinne an mac tíre amhlaidh.

‘Anois,’ arsa an madadh rua leis an mhac tíre. ‘An féidir leat d’eireaball a scaoileadh saor?’

‘Ní féidir liom’ arsa an mac tíre.

‘An bhfuil tú cinnte?’

Rinne an mac tíre iarracht eile é féin a scaoileadh saor.

‘Ní féidir liom,’ a dhearbhaigh sé.

‘Maith go leor,’ arsa an madadh rua agus thug sé bata mór trom don fhear agus rith sé uaidh. Ansin scairt sé:

‘Maraigh é, maraigh é, nó ba cheart go marofaí na mic tíre seo uilig!’







# An Cat

*The Cat was collected by Patrick E. Brady, Meenaghan, Bawnboy, Co. Cavan (student at Maynooth College) from Peter Donohoe (aged 65), Gortaneddan, Derrylin, July 1948.*

*Stories which describe how one neighbour shape-shifts into an animal (a cat, a hare or a badger among others) to steal milk from another neighbour, thus simultaneously gaining nourishment while impoverishing the victim (because lost milk means lost butter means lost revenue) are commonplace in Irish folklore. Presumably, in an impoverished and precarious agricultural culture (like that of the small Irish farmer) such stories were a way of safely ventilating anxiety about neighbourly malfeasance. This variant, however, attracted me because it goes further than others in that it allows us to know that the family of the culprit are in on the crime thereby magnifying the idea of neighbourly malfeasance. What also struck me about the source material was that nothing was explained to the young principal protagonist, which said something, to me at least, about rural Irish silence and its colossal capacity to inhibit communication.*

*NFC 1159: 106-7.*

Baile fearainn Chorr Locha... móinéir dhoimhneacha ... fáлта sceach ... cosán caol agus féar ag fás suas trína lár... teach stór go leith ar a raibh díon claonta agus fuinneoga beaga bídeacha ... sraith de sciobóil chloiche de réir an nóis ... Seo an áit chónaithe a bhí ag clann Mhic Gafraidh, clann a mbíodh bainne i gcónaí acu le maistriú agus gach Satharn bhíodh go leor tobáin ime acu le díol ag an Mhargadh Ime in Inis Ceithleann.

In aice le Corr Locha, bhí baile fearainn Bhaile Líomáin... móinéir dhoimhneacha ansin fosta... fáлта sceach ... cosán caol agus féar ag fás suas trína lár... teach stór go leith ar a raibh díon claonta agus fuinneoga beaga bídeacha ... sraith de sciobóil chloiche de réir an nóis ... Seo an áit chónaithe a bhí ag clann Mhic Thaidhg, clann nach mbíodh in am ar bith go leor bainne acu le maistriú agus gach Satharn ní raibh mórán tobáin ime acu le díol ag an Mhargadh Ime in Inis Ceithleann agus in amanna ní bhíodh ceann ar bith acu.

Bailte fearainn taobh le chéile, na coinníollacaha céanna acu, ach bhí im ag doirteadh as ceann amháin agus ní raibh as an cheann eile. Mistéir ...

Maidin amháin ag tarraingt ar dheireadh Mhí na Bealtaine nuair a bhí an sceach gheal faoi iomlán blátha. Bhí Bean Mhic Thaidhg sa chistin ag cothú na tine. Ní raibh mórán i mbosca na móna.

“Imigh leat amach,” ar sise lena mac Taimín. Bhí sé ina shuí ag an tábla ag ithe píosa d’arán tirim a raibh glóthach fia-úll air. Ní raibh im air ar ndóigh. “Tabhair isteach móin.”

“Cad chuige? Tá mé ag ithe,” arsa Taimín. “Nach ndéanfaidh duine de na cailíní sin?”

“Ní dhéanfaidh, imigh thusa,” arsa an mháthair. “Agus ná bí ag cur isteach orm.”

Thóg Taimín an cliabh agus amach leis. Bhí sé luath ach é te cheana féin. Ón tom fiúise ag an doras cúil bhí dordán na mbeach le cluinstitín, na scórtha acu ag smúrthacht sna trumpaí dearga.

D’imigh sé leis trasna an chlóis. Bhí na ba s’acu rompu ina seasamh thart sa loca os comhair a mbóithigh – chuala sé a athair á dtabhairt isteach ón fhéarach cúpla bomaite roimhe sin. Bhí



siad ag géimneach leo go híseal mar is nós le ba nuair a bhíonn a n-úthanna lán nó nuair a bhítear á bhfolmhú. Mar sin féin ní raibh iomrá ar bith ar a athair. Rud aisteach. Ba léir go raibh sé ar shiúl le gnó éigin tábhachtach agus b'fhéidir mistéireach.

Bhog rud éigin ag taobh an bhóithigh. Cad é a bhí ann? Luchóg mhór? Bhí luchóg mhór sa chlós. Bhí Taimín ag iarraidh greim a fháil uirthi le fada. Brúid mhór dhonn a bhí inti agus eireaball uirthi a bhí chomh fada léi féin. Bhí an t-eireaball fada agus bándearg agus fáinneach. B'fhéidir go mbeadh an lá le Taimín?

D'fhág sé uaidh an cliabh, thug sé sciúird chun tosaigh agus san am chéanna, theann sé a chuid súl le breathnú roimhe. Níorbh ea. Níorbh í an luchóg mhór a bhí ann. Cat a bhí ann. Bhí dhá rud thanaí acu, ceann bán agus an ceann eile breac, gan maith ar bith i gceachtar acu ag breith ar luchóga móra, ach is rud eile a bhí anseo. Bhí sé ciardhubh i dtús báire, i bhfad níos mó agus níos raimhre ná na cinn s'acusan agus, an difear is mó ar fad, in áit sciurdadh mar a dhéanfadh na cait s'acusan bhogfadh an ceann seo go corrach, agus in áit deifriú mar a dhéanfadh na cait s'acu bheadh an ceann seo ag sodar go malltrialach mar a dhéanfadh ainmhí a bheadh ag iompar ualach millteanach trom, rud a bhí le tuiscint óna bholg fhíor-ata.

"Beidh an cat sin agam," arsa Taimín gan smaoineamh. Ní raibh a fhios aige riamh cad chuige a ndearna sé an cinneadh sin, a dúirt sé leis féin ina dhiaidh sin. Rinne sé é agus ba sin é.

Bhí cloch ina luí ar bhalla. Thóg Taimín í agus ar shiúl leis ar cosa in airde ag tarraingt ar a chreach. Lean an cat dubh ar a bhealach, go réchúiseach agus de réir cosúlachta ar nós cuma liom faoi Thaimín a bheith ag teacht ach chomh maith leis sin bhí a bholg a oiread sin as a riocht nach raibh sé ábalta bogadh giota ar bith ní ba ghasta ná a bhí.

Nuair a thomhais Taimín go raibh sé cóngarach go leor, tharraing sé siar a sciathán gur chaith sé an chloch. Rinne sí a bealach cuarach go deismir tríd an aer agus plimp! Buaileadh an cat ar an chloigeann ar chúl na cluaise clé. Stad an cat de bheith ag dul chun tosaigh. Cad é a tharlódh anois? An dtiocfadh sé slán

ón bhuille agus an mbogfadh sé ar aghaidh? Nó an é go dtitfeadh sé? Níorbh fhéidir a thomhas ar an bhomaite sin go cinnte cad é a tharlódh ina dhiaidh. Ansin soiléiriú. Mar a thitfeadh cuirtín, thit an t-ainmhí ar lorg a thaoibhe. Freagraíodh an cheist. Bhí a beart déanta ag an chloch.

Rith Taimín anonN gur bhreathnaigh sé síos. Bhí an cat ina luí ar an talamh ar a thaobh, bhí a chloigeann smeartha le fuil gheal dhearg ar chúl a chluaise clé an áit ba léir a bhuail an chloch. Bhí a bholg ata ag bolgadh amach, agus a theanga uilig geal bán le bainne ag crochadh amach fosta. Ar an talamh, go díreach thíos faoina bhéal, bhí tuilleadh bainne, slodán beag de bhainne, bán agus buí agus saibhir. Rinne Taimín a mhachnamh. Cá has ar tháinig sin? Ansin thuig sé. I bhfaiteadh na súl. Ba leo féin an bainne, ar ndóigh? Cinnte. A fhad is a bhí a dtréad ag fanacht os comhair an bhóithigh le go bhfillfeadh a athair lena mblí, caithfidh sé gur shásaigh an cat seo é féin gur ól sé go díreach as a n-úthanna. Ar ndóigh. Cad é an míniú eile a bheadh ar an scéal? Ní raibh ceann ar bith eile a d'fhéadfadh sé a shamhailt. Chuala sé roimhe faoin chineál seo ruda roimhe.

Thóg Taimín an cliabh arís agus líon sé é. Ansin ar ais leis gur amharc sé ar an chat arís. Bhí súile an chait oscailte ach folamh. Ní raibh rud ar bith le feiceáil ag na súile céanna. Thug sé faoi deara anois go raibh corp an ainmhí níos ciúine ná rud ar bith dá bhfaca sé roimhe. Cinnte, bhí spiorad a bheatha i ndiaidh teitheadh. Ní raibh amhras ar bith nach raibh. Bhí an t-ainmhi marbh agus ba eisean a mharaigh é.

Chuaigh Taimín ar ais chuig an chistin agus d'inis sé dá mháthair faoin chat mharbh a raibh an teanga bhainniúil aige agus faoin tslodán bheag bainne ar an talamh os a chomhair. Ní dúirt sé cárph as a shíl sé ar tháinig an bainne. Choinnigh sé sin aige féin.

“Taispeáin dom,” arsa an mháthair.

Chuaigh siad chuig an doras cúil. Chonaic Taimín a athair a bhí i ndiaidh filleadh as cibé áit a raibh sé roimhe. Chonaic sé go raibh sé sa bhóitheach agus go raibh sé ag blí leis. Thug sé leis a mháthair trasna an chlóis go dtí an áit a raibh corp an chait dhuibh

roimhe, ach nuair a bhain siad an áit amach bhí an corp ar shiúl ach bhí an slodán beag bainne ina luí ar an talamh i gcónaí rud a chruthaigh do Thaimín go raibh sé san áit cheart.

“B’fhéidir nár mharaigh mé é,” arsa Taimín, ach leis an fhírinne a rá, níor chreid sé sin. “B’fhéidir nach raibh ann ach gur fágadh gan mhothú é agus nuair a bhí mise istigh sa teach ar ball beag gur éirigh sé agus gur imigh sé.”

Thaispeáin sé an bealach a bhí an cat dubh ag dul, agus ba é sin i dtreo an gheata bhig ar imeall an chlóis, an geata chuig an chosán go teach Mhic Gafraidh.

“Anois, a Thaimín Mhic Thaidhg,” arsa an mháthair. “Imigh leat agus nigh d’aghaidh. Beidh tú mall ag an scoil mura mbogfa’ tú. Tá mise ag dul go labharfa’ mé le d’athair faoin rud a tharla.”

“Bhfuil mé i dtrioblóid?” arsa Taimín.

“Níl ar chor ar bith,” arsa máthair Thaimín, ach ní raibh seisean cinnte.

Nuair a tháinig Taimín ar ais an tráthnóna sin bhí a gúna bróin ar a mháthair. Bhí an t-ábhar a raibh sé déanta as trom agus righin. Bhí sé mar a bheadh stán ann, a shíl Taimín.

“Tá Bean Mhic Gafraidh i ndiaidh bás a fháil,” arsa a mháthair. “Bhéarfa’ muid cuairt ar an teach faire ar ball,” ar sise, “le hómós a thabhairt di.” Dar le Taimín go raibh a mháthair neirbhíseach agus b’fhéidir imníoch. Cad chuige sin? An rud a tharla an mhaidin sin ba chúis leis, nárbh é sin é?

Nuair a blíodh an t-eallach tráthnóna chuaigh Taimín agus an chuid eile den teaghlach lena dtuimitheoirí tríd an gheata agus amach ar an chosán gur bhain siad teach Mhic Gafraidh amach. Bhí cuid den dream a bhí ag an fhaire ina seasamh taobh amuigh ag caitheamh píopaí. Bhí doras tosaigh Mhic Gafraidh oscailte. Isteach le muintir Mhic Thaidhg. Bhí an chistin ar thaobh na láimhe deise agus í plódaithe le comharsana ag caint gos íseal, agus bhí an seomra maith, an seomra suí, ar thaobh na láimhe deise. Bhí doras an tseomra suí druidte. Bhí Taimín den bharúil gur sin an áit a raibh corp Bhean Mhic Gafraidh. Ní fhéadfadh sé a bheith in áit ar bith eile.

Isteach sa chistin le muintir Mhic Thaidhg. D'ól siad tae. D'ith siad ceapairí. D'ith siad siolchíste. I rith an ama sin, bhí comharsa a raibh taom trom cráifeachta inti ag seoladh leathdhosaen de na cuairteoirí ar a seal isteach sa tseomra eile leis an chorp a fheiceáil. Sa deireadh, tháinig seal mhuintir Mhic Thaidhg. Thug an chomharsa phostúil trasna an halla iad agus threoraigh isteach sa tseomra suí iad. Bhí an seomra beag. Bhí na cuirtíní druidte. Bhí gathanna geala gréine ris ar na himill. Bhí solas na gcoinne ag rince. Bhí clann iníonacha Mhic Gafraidh ina suí ar chathaoireacha, a gceann crom, Coróin Mhuire ina lámha acu ag monabhar paidreacha. Dar le Taimín go raibh an monabhar cosúil le fearthainn éadrom samhraidh ag titim ar sclátaí.

De ghiúis a bhí an chónra déanta agus d'fhág boladh an roisín a bhlas i mbéal na gcuairteoirí. Bhí an chónra ina suí ar thristéil smolchaite. Bhog muintir Mhic Thaidhg chun tosaigh le hamharc agus le hurnaí a dhéanamh, Taimín ar dtús. Chonaic sé Bean Mhic Gafraidh ina luí sa chónra, taiséadach bán uirthi, a lámha ar a brollach agus Coróin Mhuire idir na méara. D'amharc Taimín ar a haghaidh: dar leis go raibh sí ciúin suaimhneach. Bhí fáinní cluaise óir ar Bhean Mhic Gafraidh. Rith sé le Taimín gur chur amú é í a adhlacadh agus iad uirthi. Nach raibh siad déanta d'ór agus nach raibh an t-ór luachmhar? Bhí cuid gruaige Bhean Mhic Gafraidh scríobtha siar agus corntha. Bhí sin déanta go galánta. Ar thaobh na láimhe deise dá cloigeann, ar an uisinn os cionn na cluaise bhí marc gránna corcra an áit ar buaileadh buille, ba léir.

“Hé!” Duine de chlann iníonacha Mhic Gafraidh a d'amharc aníos agus a chonaic Taimín ag amharc ar a máthair sa chónra – ise a labhair. “Tusa, a Thaimín Mhic Thaidhg, amach leat” ar sise ag screadach.

Nuair a chuala a cuid deirfiúracha na focail sin d'oscail siad a gcuid súl agus thug siad léim ina seasamh.

“Is ea, tusa, a Thaimín Mhic Thaidhg” a scread siad le Taimín. “Tusa a mharaigh máthair s'againne. Amach leat as seo, amach leat as seo ...”

Bhí an chomharsa phostúil ansin i gcónaí. D'oscail sí doras an

tseomra suí.

“Sílim gur chóir daoibh imeacht,” arsa an chomharsa phostúil.

Thainig dath an bháis ar mhuintir Mhic Thaidhg. Theann siad a liopaí ar a chéile agus amach leo as an tseomra suí go sciobtha, síos an halla agus amach as teach na faire ar an doras tosaigh. Rinne siad a mbealach arís síos an cosán ag tarraingt ar an fheirm s’acu féin.

“Bhí Bean Mhic Gafraidh ag goid an bhainne s’againne,” arsa athair Thaimín, “agus ag Dia atá fhios cá fhad? Ar scor ar bith, tá sé i mbéal an phobail nach mbeidh siad ag iarraidh a bheith mór linn agus ní bheidh muidinne ag iarraidh a bheith mór leo ach oiread. Ní bhaineann tú le daoine a ghoid do chuid bainne. An dtuigeann sibh sin?” Leis na páistí a bhí sé ag caint.

Chlaon Taimín agus an chuid eile acu a gceann agus rinne siad monabhar. Thuig siad. D’fháisc máthair Thaimín gualainn a mic ansin, go díreach lena thaispeáint dó nach raibh sé i dtrioblóid.

Nuair a bhain siad an baile amach, fuair athair Thaimín slabhra agus glas fraincín. Chuir sé glas ar an gheata chuig an chosán go teach Mhic Gafraidh agus dhruid sé an glas fraincín. Ansin chuaigh sé gur theilg sé an eochair isteach i lár an chairn dramhaíola an áit a mbíodh créafóg na hoíche acu.

Sna laethanta ina dhiaidh sin mhothaigh muintir Mhic Thaidhg go raibh i bhfad ní ba mhó bainne acu ná ba ghnách le maistriú agus an Satharn ina dhiaidh sin agus gach Satharn ina dhiaidh sin arís, bhí i gcónaí go leor tobáin bainne acu le díol







# An Céad Punt Taistil

The Travelling Hundred, *supplied "From my own knowledge" by Alex McConnell, Toneyloman, Bellanaleck, Enniskillen, February 15 1956.*

*This story of uncharacteristic optimism (though I would like to believe it is true) illuminates a difficult truth about Irish subsistence farming. Because there was a lack of capital and because it was hard to wrest wealth from the land (the two problems were interconnected, obviously), marriage was a fiendishly complicated business. Those hoping or planning to marry had understandings to meet and obligations to discharge, and unless these matters could be resolved they couldn't marry. Twenty-first century house-buyers and sellers in a housing chain find themselves in a similar position but with one crucial difference. In the modern world, sales and purchases of real estate must happen simultaneously, whereas in the Irish rural matrimonial world, events unfolded sequentially. Thus, in this story, it is over several decades that a single cash parcel is able to work its magic for many people, though this is only possible (and presumably this is the story's message) because all parties accept their obligations and behave responsibly. If one greedy person had kept "The Travelling Hundred", those further down the line would not have prospered. In other words, in an economically marginal society you have duties to those around you that you cannot shirk. What ever you might want to do, you must always meet your obligations first. This tale teaches and*

*valorizes that principle.*

*Interestingly yet not unsurprisingly, this type of story (and its message) is still in circulation. One modern version, which I have heard told as an anecdote, goes as follows: An American tourist pays a \$100 deposit to book a room in a Mexican hotel. The hotel owner pays the butcher, the butcher pays the farmer, the farmer pays the farm supply shop, et cetera, et cetera, and the last man in the chain clears his slate at the hotel bar. Then the American decides he does not want the room and the deposit is returned to him.*

*NFC 1481: 226-7.*

Bhí an tUasal Mac Mánaís agus Bean Mhic Mhánaís ina gcónaí ar Inis Mór ar Loch Éirne Uachtair, áit a raibh feirm bheag acu agus beirt pháistí, Eoin agus Cáit.

Nuair a bhí na páistí san fichidí sheol Mac Mhánaís agus Bean Mhic Mhánaís ó Inis Mór go tír mór ina gcoite Fhear Manach, bád fada éadomhain nach raibh a leithéid ann ach i Loch Éirne.

Níor tharla rud ar bith iontach ar an turas anonn. Níorbh amhlaidh an turas ar ais. D'éirigh stoirm agus chuaigh an coite s'acu go tóin poill. Ní raibh snámh ag ceachtar den dá thuismitheoir, rud a bhí coitianta san am, agus bád an bheirt. Ní raibh de shólás ag a bpáistí, Eoin agus Cáit, ach go raibh uacht déanta ag Mac Mánaís agus a bhean, níorbh ionann agus go leor feirmeoirí eile. Sa tsocrú, fuair Eoin an fheirm agus fuair Cáit céad punt a bheadh mar spré aici ...

D'imigh an bhliain dobróin a bhí éigeantach i ndiaidh bhás a dtuismitheoirí agus anois, faoi dheireadh, bhí faill ag Eoin agus Cáit plé a dhéanamh ar an tsaol a bhí rompu. Bhí Pilib Ó Loinín, baitsiléir a bhí ocht mbliana is tríocha d'aois, ina chónaí le taobh an locha os comhair fheirm Mhic Mhánaís ar Inis Mór. Bhí tuiscint le fada idir é féin agus Cáit go bpósfadh siad a chéile. Ní thiocfadh leisean sin a dhéanamh, áfach, ach dá mbeadh faill ann an saol a bhí i ndán dá dheirfiúr, Connaí, a shocrú. Bhí Connaí í féin ag dúil



le hUinseann Mac Craith, feirmeoir eile de chuid Fhear Manach ach bhí beirt deirfiúracha ag Uinseann, Máire agus Sinéad, agus dálta Philib ní thiocfadh leisean pósadh mura mbeadh sé ar a acmhainn iad a fhágáil socraithe agus ina gcónaí slán sábháilte in áit éigin eile. Agus mura mbeadh siad socraithe, ní bheadh sé ábalta Connaí a phósadh. Bhí sé uilig iontach casta.

Mar sin ...

Phós Cáit Pilib Ó Loinín rud a d'fhág gurbh ise Bean Uí Loinín. Fuair a fear céile an céad punt de spré a bhí léi. Thug seisean an t-airgead sin dá dheirfiúr, Connaí. Agus an t-airgead sin mar spré ag Connaí, phós sise Uinseann Mac Craith.

Rinne Uinseann dhá chuid de chéad punt Chonnaí. Thug sé leathchéad dá dheirfiúr, Máire, agus leathchéad punt dá dheirfiúr Sinéad. De thairbhe go raibh a spré anois ag Máire, phós sí Séamas Ó Ruanaidh, rud a bhí sé i gcónaí ag iarraidh a dhéanamh, agus le hairgead Mháire cheannaigh Séamas pasáiste a dhearthár, Pádraig, go Nua-Eabhrac nó thuig sé riamh anall go mbeadh air sin a dhéanamh.

Ní raibh rún ar bith pósta ag Sinéad agus chuir sí a leathchéad punt i dtaisce do lá na coise tinne, agus rinne sí a machnamh ar an chéad rud eile a dhéanfadh sí. Ó tharla anois go raibh an deartháir agus an deirfiúr s'aici pósta, Uinseann Mac Craith ar Chonnaí, agus Máire ar Shéamas Ó Ruanaidh, shocraigh sí go bhfágfadh sí an baile agus an áit a fhágáil ag a deartháir agus a bhean chéile. Ach cá rachadh sí? Bhí Eoin Mac Mánaís ar Inis Mór ina chónaí leis féin ó phós a dheirfiúr Pilib Ó Loinín agus bhí bean tí á lorg aige. D'fhiosraigh sí an scéal. B'fhéidir go mbeadh spéis aige inti. D'fhreagair sé gan mhoill. Bhí spéis aige inti cinnte ach ní hamháin mar bhean tí. Bhí bean chéile de dhíth air agus bhí fear céile de dhíth uirthise fosta, agus, as siocair go raibh an bheirt acu díomhaoín, chuir sé ceiliúr pósta uirthi. Thoiligh Sinéad agus pósadh iad agus fuair seisean an leathchéad punt a bhí i dtaisce aici mar spré uaithi, agus ar ndóigh ba é sin leathchuid den chéad a fágadh ar dtús san uacht do Cháit, deirfiúr Eoin, i ndiaidh bhá a dtuismitheoirí ag tús an scéil mhóir fhada seo.

Agus an leathchéad eile? Bhuel, an bhfuil cuimhne agat ar Phádraig Ó Ruanaidh a chuaigh anonn go Nua-Eabhrac? Bhí iníon aige, Veronica i ndiaidh dó dul anonn, agus blianta ina dhiaidh sin, nuair a d'fhás sí aníos ina bean óg, tháinig sí ar ais go Fear Manach, agus phós sí mac Eoin agus Sinéad (ní raibh acu ach an t-aon mhac amháin) agus mar spré aici bhí an leath eile den chéad punt a fuair Cait mar spré ar dtús, rud a shíl gach duine a bhí thar a bheith greannmhar. Agus mar sin, i ndiaidh don chéad punt taistil uilig obair iontach a dhéanamh ar fud an domhain, bhí sé anois sa bhaile sa deireadh san áit ar thosaigh sé ar Inis Mór.









# Iasc an duine

*Collected by Sandy McConnell from Hugh Macken, 79, Drumbargy, NFC 1403: 28-9 (1955)*

Le linn an drochshaoil bhí fear de mhuintir Uí Mhaolchiaráin ina chónaí i nDroim Barr Gaoithe. Bhí bean agus ceithre pháiste aige. Lá amháin ní raibh greim bia fágtha sa teach agus dúirt a bhean leis gabháil síos chuig an abhann ar an seans go bhfaighfeadh sé iasc.

‘Bíodh ciall agat,’ arsa Críostóir. ‘Níor iascaigh le héinne riamh an tráth seo bliana.’

Ach chuaigh sé síos go bruach na habhann ar aon chuma.

Ní luaithe gur chaith sé a line isteach ná go bhfuair sé péirse beag breá. Chaith sé an líne amach arís agus fuair sé an darna cheann. Lean sé leis go dtí go raibh sé iasc aige. Chaith sé an line amach arís agus ní bhfuair sé a dhath. Chaith sé uair a chloig cois abhainn ach ní bhfuair sé an seachtú iasc.

‘Bhuel, sin iasc an duine,’ a dúirt sé, agus chuaigh sé abhaile.

Chuaigh sé amach an lá dar gcionn agus tharla a rud céanna. Lá i ndiaidh lae a tharla sé go dtí go bhfuair an leanbh is óige bás.

An lá dar gcionn ní bhfuair sé ach cúig iasc agus sin mar a bhí an scéal go dtí go raibh bia ar fáil go flúirseach sa cheantair athuair.





# Ri na gCearrbhach

*The Champion Card Player was collected by Liam Ó Briain (1895 – 1972) from Pat McGeever who personally experienced all the phenomena described.*

*Details of “The Dead Coach” itself are from Ó Briain, NFC #1710, pps 390-391, and were supplied to Ó Briain by Pat Carty.*

*Ó Briain, a native of Kilcoo, Garrison, was a national school teacher and folklore enthusiast who supplied the NFC in 1944 with a vast body of folkloric material which he’d amassed over his lifetime.*

*NFC 1014: 76-7.*

Seomra príobháideach gan síleáil ar chúl síbín. Faoi chreataí an tí bhí baicle fear, agus rí na gcearrbhach ina measc ina suí ag tábla. Ba í seo an chéad oíche dá gcomórtas trí oíche. Céad sabhran óir an duais a bheadh ann agus bhí sin i mála éille ar chúl an bheáir. Ar eagla go ndéarfadh duine éigin go raibh duine eile ag baint do na cártaí, bhí sé aontaithe go dtabharfadh gach imreoir a phaca féin leis agus go ndéanfaí gach lámh a imirt le paca imreora éagsúil. Bhainfí úsáid as paca gach imreora ar a sheal.

Bhí sé ag éirí mall. Tharla go raibh siad ag imirt le paca rí na gcearrbhach. I rith na hoíche go dtí seo ní raibh na cártaí a fuair sé ach go measartha. Dá gcaillfeadh sé an lámh seo bheadh a

chosa nite. Bheadh air an lámh seo a bhaint le go mbeadh seans ar bith aige an scéal a athrú. Ach nuair a chonaic sé nach raibh mórán maith sna cártaí a fuair sé an t-am seo, ba bheag seans go dtarlódh sin.

“Nár mhaith dá dtarlódh rud inteacht a chuirfeadh deireadh leis an chluiche,” arsa rí na gcearrbhach leis féin. “Ansin bheadh orainn toiseacht athuir, bheadh orm lámh úr a roinnt agus ansin b’fhéidir go mbeadh seans níos fearr agam baint ...”

D’fhabhraigh an frása sin agus thosaigh sé á rá arís agus arís eile ina cheann. “Stop an cluiche, stop an cluiche ...”

“An gcluín tú sin?” arsa duine de na himreoirí eile.

Bhí rothaí iaranncheangailte cóiste le cluinstitín taobh amuigh.

“Cad é ’tá ar bun ag cóiste amuigh anseo?” arsa imreoir eile. “Ní bhíonn cóistí againne amuigh anseo in am ar bith, an mbíonn?”

Chuala gach duine tormán na rothaí, gliogarnach na srianta, agus fuip an tiománaí ag pléascadh ach níor chuala rí na gcearrbhach rud ar bith mar go raibh sé ag rá arís agus arís eile leis féin, “Stop an cluiche, stop an cluiche ...”

Ní fhaca aon duine thíos an coileach ag nochtadh. Níorbh fhéidir a rá cá has ar tháinig sé. Ar an rachta go díreach os cionn na n-imreoirí agus an tábla a bhí sé.

Lig sé “Coc-a-dúdal-dú” as féin, rud a thug ar gach duine amharc suas, rí na gcearrbhach chomh maith le duine. Leis sin léim an t-éan mór anuas agus thuirling sé i lár thábla na gcártaí. Plab!

Tharraing na himreoirí siar agus thit na cártaí as a lámha lena linn sin. Baineadh geit as an choileach chomh maith. Ba bheag a shíl sé go dtarlódh san áit seo é i lár tábla cártaí agus fir thart air.

Thosaigh an coileach a rith thart, é ag glaoch go trodach agus ag scaipeadh cártaí ar fud na háite. Ba é rí na gcearrbhach a bhí ag iarraidh go dtarlódh rud éigin, rud a d’fhág nach raibh a oiread iontais air is a bhí ar na daoine eile nuair a thit rud éigin amach. Scuab sé an coileach den tábla, d’oscail sé an doras agus ruaig amach é. Ansin bhailigh rí na gcearrbhach na cártaí scaipthe ó na háiteanna ar thit siad.



Nuair a bhí an paca iomlán aige labhair sé leis na hiomaitheoirí eile.

“Ní mó ná go gcreidim é, ach bhí’n coileach sin ’na shuí ansin ag amharc anuas orainn ’rith an ama agus muid ag imeacht,” ar seisean ar nós cuma liom, ó tharla go raibh sé ag dúil lena leithéid tarlú. “Cad é ’dhéanfas muid anois, bhur mbarúil?”

“Bhuel, ní thig linn dul ar ais go dtí’n áit a raibh muid, ’dtig linn?”

“Tá’n ceart agat,” arsa rí na gcearrbhach. Ar ndóigh, ní thiocfadh. Ní raibh de rogha acu ach tosú as úire, lámh úr, tús aigesean, an rud díreach ba mhaith leis. Ach ní thiocfadh leisean an cinneadh a dhéanamh ar son gach duine. Chaithfeadh siadsan. Chaitheadh siadsan a chreidiúint go raibh siad i mbun cúrsaí.

“Cad é ’dhéanfas muid?” arsa rí na gcearrbhach.

“Roinn na cártaí arís,” arsa duine de na himreoirí eile.

“Roinn arís?”

“Roinn arís,” arsa gach duine d’aonghuth.

Roinn rí na gcearrbhach na cártaí arís agus an iarraidh seo bhí lámh i bhfad ní b’fhearr aige. Bhain sé an babhta agus b’fhearr an t-ádh a bhí air ina dhiaidh sin. Ag deireadh na hoíche ba eisean an buaiteoir ...

Tháinig an dara hoíche den chomórtas. An síbín céanna, an tábla céanna, na fir chéanna. Bhí siad ag imirt le paca rí na gcearrbhach arís. Bhí a chuid cártaí in ord ag rí na gcearrbhach ina lámh. I lár an ghaothráin chonaic sé an tAon Hart. Ní sin an cárta a bhí de dhíth air ar an bhomaite sin. An Cúig Muileata a bhí de dhíth air agus dá mbeadh an cárta sin aige bhí a fhios aige go mbainfeadh sé an lámh agus an oíche.

“Tá’n Cúig Muileata ’e dhíth orm,” arsa rí na gcearrbhach leis féin. “Domh an Cúig Muileata.”

“An gcluín sibh sin?” arsa duine de na himreoirí eile.

Bhí rothaí iaranncheangailte cóiste le cluinistin taobh amuigh.

“Cad é ’tá ar bun ag cóiste amuigh anseo?” arsa imreoir eile. “Ní bhíonn cóistí againne amuigh anseo in am ar bith, an mbíonn? Ach aréir bhí, agus arís anocht cluin muid ceann eile ag dul thart.

Nach aisteach sin ...”

Chuala gach duine tormán na rothaí, gliogarnach na srianta, agus fuip an tiománaí ag pléascadh ach níor chuala rí na gcearrbhach rud ar bith mar go raibh sé ag rá arís agus arís eile leis féin, “Domh an Cúig Muileata.”

Stán rí na gcearrbhach ar a lámh agus na focail ag bualadh ina cheann. Thosaigh an tAon Hart a bhí aige ag éirí doiléir agus chuaigh sé ar crith. D’imigh an comhartha dearg agus an uimhir dhearg go hiomlán. D’éirigh an cárta bán. Thíos faoin dath bhán bhí rud éigin ag nochtadh. Bhí sé mar a bheadh rud éigin ag teacht aníos as faoi uisce. Muileata dearg a bhí ann, cúig dearg. In áit rud imeacht as radharc mar a tharla roimhe bhí a mhalairt ag titim amach ... ní ba dheirge, ní ba láidre, ní ba shoiléire os a chomhair, ina lámh, bhí an cárta a bhí de dhíth air, an Cúig Muileata, an meall mór.

Bhí an cóiste ar shiúl. Bhí gach duine eile ag breathnú ar rí na gcártaí. Ba é seo a sheal.

“Na-nach bhfuil tú ag dul a imirt?”

“Chan amháin go bhfuil mé ’g imirt,” arsa rí na gcearrbhach. “Tá mé a’ baint.”

Tharraing sé an Cúig Muileata amach as an ghaothrán agus d’fhág sé síos go bog i lár an tábla é.

Bhí na himreoirí eile ag gearán agus ag clamhsán.

“Is liomsa’n oíche,” arsa rí na gcearrbhach ...

Tháinig an tríú hoíche den chomórtas. An síbín céanna, an tábla céanna, na fir chéanna. Bhí paca rí na gcearrbhach san imirt arís agus ba é seo an lámh dheireanach den oíche. Bhí gach rud ag brath ar an chluiche seo. Dá mbainfeadh rí na gcearrbhach anois, thabharfadh sé leis chun an bhaile na sabhrain óir sa mhála éille.

Thosaigh rí na gcearrbhach a roinnt na gcártaí. Roinn sé iad go fadálach stuama agus gan aon gheáitsí. Ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh sé le maíomh ag duine ar bith de na himreoirí go raibh sé ag caimiléireacht ar dhóigh éigin leis an dóigh a raibh sé ag roinnt na gcártaí. Agus de réir mar a bhí sé ag roinnt na gcártaí bhí sé ag rá na bhfocal seo ina intinn:

“Caithfidh mé baint, caithfidh mé baint ... bainfidh mé, bainfidh mé... Leis an lámh seo bainfidh mé ...”

“An gcluín sibh sin?” arsa duine de na himreoirí eile.

Bhí rothaí iaranncheangailte cóiste le cluinstitín taobh amuigh.

Cad é 'tá ar bun ag cóiste amuigh anseo?” arsa imreoir eile. “Ní bhíonn cóistí againne amuigh anseo in am ar bith, an mbíonn? Ach dhá oíche ó shin bhí agus aréir arís. Nach aisteach sin, fíoraisteach ...”

Chualagach duine tormán na rothaí, gliogarnach na srianta, agus fuip an tiománaí ag pléascadh ach níor chuala rí na gcearrbhach rud ar bith mar go raibh sé ag roinnt leis agus ag rá leis féin i rith an ama, “Caithfidh mé baint ... Bainfidh mé ... Leis an lámh seo bainfidh mé...”

Roinneadh na cártaí uilig. Thóg gach duine de na himreoirí eile a lámh agus thosaigh siad uilig á gcur in ord. Ní raibh bogadh ar bith ina n-aghaidheanna, aghaidheanna nárbh fhéidir a léamh ná a thuiscint. Ní raibh siad ag ligint a rúin le duine ar bith. Níor thóg rí na gcearrbhach a chártaí. Ina áit sin, d’amharc sé ar a chártaí ina luí béal fúthu ar an tábla, go díreach mar a roinn sé iad. Ar dhóigh éigin, áfach, cé nach raibh a fhios aige cén dóigh, bhí a fhios aige go bhfuair sé an rud a bhí sé a iarraidh. Bhí lámh aige a bhainfeadh an cluiche agus bhí sin ina luí os a chomhair, ní raibh le déanamh aigesean ach í a thógáil.

“Ta mé ag dul a bhaint, bíodh a fhios agaibh,” a d’fhógair rí na gcearrbhach.

Stad na himreoirí eile de bheith ag sórtáil a gcuid cártaí agus d’amharc siad air.

“An bhfeiceann sibh an lámh sin,” arsa rí na gcearrbhach agus é ag leagan a láimhe ar na cártaí a bhí os a chomhair, “tá’n lámh sin ar fheabhas Éireann. Glanfaidh sí amach sibh, an t-iomlán agaibh. Tá a fhios agam sin. Ní fhaca mé na cártaí go fóill ach tá a fhios agam go mbeidh ’n bhuaidh agam. Cinnte le Dia, tá sé thart, a fheara, mar sin glacaigí mo chomhairle. Caithigí uaibh na cártaí, géilligí, agus sábhálaigí sibh féin ar phianpháis.”

“Arú stad de sin ... Níl sé thart go fóill ... Tóg do chuid cártaí

agus imir leat,” arsa na himreoirí eile faoina n-anáil.

Thóg rí na gcearrbhach a chuid cártaí agus d’amharc sé ar a an rud a bhí aige.

“Is ea,” ar seisean, “is ea cinnte, tá an ceart agam.”

Agus bhí. Bhain sé an cluiche. Bhain sé an oíche sin. Bhain sé an comórtas. Bhain sé na sabhain óir sa mhála éille ...

Leis an airgead a bhain sé i bpóca amháin agus a chuid cártaí sa phóca eile, d’fhág rí na gcearrbhach an síbín agus thug sé aghaidh ar an bhaile. Bhí an ghealach gheal sa spéir ag soilsiú a bhealaigh dó. Lean sé an bealach. Dhreap sé thar gheata agus chuaigh sé trasna páirce. Tháinig sé a fhad le habhainn bheag. Ar an taobh thall a bhí an teach s’aige. Bhí clochán thar an uisce ó bhruach amháin go dtí an bruach eile. Ní raibh le déanamh aige ach bogadh ó chloch go cloch agus taobh istigh de chúpla bomaite bheadh sé thall ar an taobh eile. Ansin suas an bruach thall agus ar ghiota de chosán agus bheadh sé sa bhaile.

Leag rí na gcearrbhach a chos ar an chéad chloch agus ansin ar an dara cloch agus an tríú ceann, agus bhí sé ar tí a chos ar an cheathrú ceann, leath bealaigh trasna, nuair a nocht tábla sa chosán air. Bhí sé beag. Bhí coinneal ar an tábla a raibh a lasair iontach beag agus lag sa dorchadas. Agus bhí duine éigin ina shuí thall ar an taobh eile den tábla ach ní fhaca rí na gcearrbhach a aghaidh nó bhí cochall á folach.

“Cad é ’tá tú a iarraidh?” arsa rí na gcearrbhach. S h í n  
an duine a mhéar i dtreo an tábla.

“ ’Bhfuil tú ag iarraidh imirt?”

Chlaon an duine a cheann agus lena linn sin rith sé le rí na gcearrbhach go gcaithfeadh sé imirt. Ní raibh an dara suí sa bhuaile ann.

Chuir rí na gcearrbhach a lámh isteach ina phóca. Mhottaigh sé a phaca. Bhí sé cleachta leis na cártaí. D’aithin sé le mothú a láimhe iad, a n-imill sheanchaite, a n-aghaidheanna agus a gcúil mhíne. Ach bhí sin intuigthe nó d’imir sé leo le blianta. Déanta na fírinne, bhí sé chomh cleachta leo gur chreid sé go raibh siad beagnach mar chuid dá chorp féin, dála a lámh nó a aghaidhe.

Tharraing sé an paca amach as a phóca. Shín an duine dorcha a lámh amach. Bhí sé ag iarraidh an phaca. Bhí sé ag iarraidh roinnt. “Ó,” arsa rí na gcearrbhach. Rith an dara smaoineamh leis. Ní bhainfeadh sé choíche in éadan an chéile comhraic seo. Bhí sé ag dul a chailleadh. Agus ansin nuair a chaillfeadh sé gheobhadh sé bás. Sin mar a tharlódh. D'imríodh siad i dtús báire, ansin gheobhadh sé bás.

Bhuail an duine buille dá chuid alt ar an tábla. Bhí an paca de dhíth air. Bhí sé de dhíth air anois. Sin an chiall a bhí leis sin. Thuig rí na gcearrbhach sin. Ach ní raibh sé féin ag iarraidh imirt. Cé a bheadh ag iarraidh imirt, an mbeadh an t-eolas aige a bhí aige féin? Ar an drochuair, ní raibh an dara rogha aige. Ní thiocfadh leis teacht slán mura n-imreodh siad an cluiche. Bhí sé i gcruachás. Nó an raibh? B'fhéidir nach raibh. Rith an tríú smaoineamh leis. Dá bhfaigheadh sé réidh lena phaca, ní bheadh siad ábalta imirt, an mbeadh? Ba é sin an freagra s'aige. An paca. Ní bheadh le déanamh aige ach fáil réidh leis an phaca. Ní bheadh le déanamh ach é a chaitheamh ar shiúl. Nuair a bheadh sin déanta aige, bheadh an cás réitithe. D'imeodh mo dhuine, d'imeodh an cruachás agus bheadh sé ábalta bogadh ar aghaidh.

Lig rí na gcearrbhach do na cártaí titim san abhainn agus d'imigh an tábla agus an duine dorcha go díreach mar a bhí a fhios aige a tharlódh.

Lean rí na gcearrbhach an chuid eile de na clocha trasna na habhann, dhreap sé an bruach ar an taobh thall agus lean sé an cosán go dtí an doras ar chúl an tí. Fuair sé greim ar an mhurlán agus chuir sé a ordóg ar phláta na hordóige. Bhrúigh sé síos ach ní bhogfadh pláta na hordóige. Ba chuma cé chomh crua agus a bhrúfadh sé ní bhogfadh sé. Chroith sé an doras, é ag sílsteán go raibh rud éigin i bhfostú taobh istigh a scaoilfí dá dtabharfadh sé croitheadh don doras. Ach ní raibh maith ann. Ní bhogfadh an pláta agus nuair nach mbogfadh, ní thiocfadh leis an barra a thógáil taobh istigh leis an doras a oscailt. Bhí sé glasáilte taobh amuigh dá theach féin de réir cosúlachta.

Thug rí na gcearrbhach céim siar agus chuardaigh sé ar an

talamh ag iarraidh teacht ar chloch. Tháinig sé ar cheann. Chaith sé leis an fhuinneog í agus bhuaill an ghloine. Ba ghéar an tormán a bhain an chloch as an fhuinneog. Bhí a sheomra leapa ar an taobh thall den fhuinneog. Bhí a bhean bheag thoirteach ina codladh ina leaba bhog chluímhach.

Bhí moill bheag ann agus ansin osclaíodh an fhuinneog agus sháith bean rí na gcearrbhach a cloigeann amach. Bhí dath bán ar a guailí. Bhí gúna oíche uirthi.

“Dia ár sábháil,” ar sise.

“Ní eisean atá ann, ach mise, d’fhear céile,” arsa rí na gcearrbhach. “Ta rúd inteacht cearr leis an doras cúil. Ní bhogfa’ sé. An dtiocfa’ tú anuas go ligfidh tú isteach mé?”


Tháinig a bhean anuas. D’oscail sí an doras. Isteach leis. Chuir sé an glas ar an doras. Lean sé a bhean suas an staighre. Isteach léi sa leaba. Isteach leisean sa leaba. Chaith sí a lámha thart air agus phóg sí a mhuineál.

“Bhí mé i lár brionglóid mhillteanach,” ar sise, “nuair a mhuscail a’ chloch sin in éadan na fuinneoige mé. Sa bhrionglóid bhí mé ’mo chodladh, tá’s agat go dtig leat a bheith i do chodladh i mbrionglóid? Ansin musclaíodh mé. Ba é an rud a mhuscail mé tormán an Chóiste Mhairbh ag dul thart leis an teach s’againn, tormán as na rothaí, na srianta ag gliogarnach, agus fuip an tiománaí ag pléascadh. Agus sa bhrionglóid d’oscail mé mo chuid súl agus thionta’ mé chuig an áit a raibh tusa ’do luí ar a’ leabaidh in aice liom. Agus bhí tú ansin ach ní chuala mé tú ag anáil. Bhí tú go hiomlán ciúin. Níor thaitin sin ar chor ar bith liom. Mar sin shín mé amach mo lámh agud leag mé ar d’aghaidh í. Ní raibh tú fuar, bhí tú te go fóill, ach bhí’s agam go raibh tú marbh. Bhí’s agam nuair a mhotha’ mé do chorp, go raibh tú ar shiúl, go raibh fórsa na beatha i ndiaidh tú a fhágáil. Agus bhí’s agam fosta go bhfuair tú bás in aice liom an bomaite sin a raibh an bhrionglóid agam fán Chóiste Mhairbh. Agus ba sin an bomaite céanna ar bhuaill do chloch an fhuinneog agus ar mhuscail sí mé.”

Ar maidin an lá arna mhárach chuaigh rí na gcearrbhach ar ais chuig an abhainn go bhfeicfeadh an raibh cuid ar bith dá

chuid cártaí ansin go fóill. Bhí cuid acu ansin go fóill i bhfostú sa bhruach agus gach ceann acu agus a aghaidh go hiomlán dubh. Ar a fheiceáil seo do rí na gcearrbhach baineadh geit as ach thuig sé cad é a chiallaigh sé agus thuig sé cad é a chaithfeadh sé a dhéanamh agus rinne sé sin go toilteanach.

Thug sé an mála éille a bhí lán de shabhrain óir don tsagart le cuidiú le bochta an pharóiste. Níor cheannaigh sé paca úr in ionad an chinn a chaith sé san abhainn. Níor leag sé barr méire ar chárta arís, agus níor imir sé cártaí riamh arís ina dhiaidh sin, ach oiread. A oiread agus uair amháin.









# Sleepy Pendoodle

*A version of this story was collected by Henry Glassie and children's author Malachy Doyle has also made a delightful book of it. This version of mine has grown and evolved through many tellings up and down the country.*

Bhí seandúine agus seanbhean ina gcónaí i dteach beag in aice linn anseo. Bhí raibh ann ach an beirt acu is bhí siad sona sásta san áit a raibh siad. Bhí madadh mór dubh acu chomh maith, seanmhadadh a chaith an chuid is mó den lá ina luí istigh faoi thábla na cistine.

Ach ansin lá amháin thug siad faoi deara go rud éigin ag cur as don mhadadh. Thosaigh sí ag dreapadh suas ar na cathaoireacha is ag gabháil isteach fúthu. Bomainte amháin bheadh sí ag iarraidh greim a fháil ar a heireaball is an chéad bhomainte eile bheadh sí ag rolladh os comhair na tine. Ba léir don tseanleanúin go raibh rud éigin cearr leis an mhadadh. Shíl siad go mb'fhéidir go raibh dreancaidí ag cur as di agus fuair siad an púdar is chuir siad uirthi é ach ní dhearna sé aon mhaitheas. I ndeireadh na dála chinn siad ar an mhadadh a thabhairt chuig an tréidlia in Inis Ceithleann.

Chuaigh an triúr acu isteach ar an bhus agus chuir an tréidlia an madadh suas ar an tábla agus thug sé uirthi a béal a oscailt agus a

teanga a shá amach. Dhíriigh sé solas isteach i gcluas amháin agus amach as an chluas eile. Chuir sé a lámha ar bholg an mhadaidh, rinne sé a heireaball a ardú agus d'amharc ar bhaill nár mhaith linn amharc orthu.

Ansin sheas sé siar agus d'fhógair sé:

'Tá nuacht agam fá bhur gcoinne.'

Agus bhí eagla mhór ar an seanleanúin nó bhí siad cinnte gur drochscéala a bheadh ann.

'Dea-scéal atá ann. Tá an madadh seo ag iompair clainne.'

'Ó nach iontach an scéal é,' arsa an seanbhean. 'Tá muid fíorbhuíoch duit.'

'Sin caoga punt,' arsa an tréidlia, agus ní raibh siad díreach chomh buíoch céanna dó.

Phill siad ar an teach beag agus chóirigh siad leaba compordach don mhadadh faoi thábla na cistine.

Gach lá i ndiaidh sin nuair a d'éirigh an seanduíne chuaigh sé caol díreach chuig tábla na cistine agus d'amharc sé isteach sa leaba féachaint an raibh na coileáin tagtha ar an saol.

Ach lá i ndiaidh lae ní raibh iomrá ar bith ar na coileáin agus níorbh fhada gur imigh an spraoi as an tsaol is gur thosaigh an seanleanúin ag argóint is ag clabhsáin nó bhí caoga punt tugtha acu don tréidlia is ní raibh coileáin, ní raibh coileáin ar bith acu.

Ach ansin maidin amháin nuair a d'éirigh an seanduíne is nuair a chuaigh sé isteach sa chisteanach shíl sé go bhfaca sé rud éigin ag bogadh i leaba an mhadaidh is nuair a d'ardaigh sé an plaincéad cad é a chonaic sé ach coiléan beag bídeach amháin, créatúirín ghleoite le teanga deargbhan agus eireabailín a bhí ag croitheadh go gasta an t-am ar fad.

Bhí lúcháir an domhan ar an seanleanúin. Ní raibh ann ach an t-aon choileán amháin ach tá coiléan amháin míle uair níos fearr ná coiléan ar bith. Níor luaíodh an caoga punt a thuilleadh.

Anois, b'fhéidir nach bhfuil a fhios agat ach nuair a thagann coileáin ar an tsaol bíonn na súile s'acu druidte agus fanann siad taobh lena máthair an t-am ar fad. Is amhlaidh mar a bhí an coiléan seo a rugadh ar an Luan. Bhí an scéal mar an gcéanna ar an Mháirt

agus ar an Chéadaoin, ní nach ionadh.

Ansin Déardaoin thosaigh an seanduine ag éirí mí-shocair.

‘Nach bhfuil sé in am don choileán seo a shúile a oscailt?’

Agus chuir sé an cheist seo ar féin arís is arís eile agus de hAoine dhirigh sé an cheist chéanna ar an seanbhean is níorbh fhada go raibh sí ag éirí bréan den cheistiú seo, bíodh go raibh an cheist chéanna ina hintinn istigh aici féin i gcónaí.

Dé Sathairn shocraigh an seanduine ina intinn nach n-osclódh an coileán a shúile choíche agus de Domhnaigh thosaigh sé ag éagaoín is ag ólagán fá’n choileán bhocht dall seo a bhí aige.

‘Dall, dall, tá mo choileán bhocht dall! Agus cad is féidir le coileán dall a dhéanamh? Ní féidir liom bata a chaitheamh le madadh dall. Ní bheadh maitheas ar bith ann mar gharda nó mar mhadadh caorach. Samhlaigh madadh dall ar thaobh an tsléibhe ag iarraidh tréad caorach a threorú! Ní féidir leis mo shlipéirí a thabhairt chugam tráthnóna fiú amháin.’

Ní dhúirt an seanbhean a dhath ach bhí na smaointe céanna ag rith trína hintinn.

Bhuel, maidin dé Luain níor oscail an coileán a shúile. Agus ba ghnách leis an seanduine gabháil isteach to hlnis Ceithleann ar an bhus leis an siopadóireacht a dhéanamh ag tús na seachtaine. Ach bhí drochchuimhne aige is dá bharr sin ba ghnách leis an bheirt acu suí ag tábla na cistine agus liosta a dhéanamh amach, liosta mór fada, liosta a bhí chomh fada le rolla páipéir leithris.

Ach an bhfuil a fhios agat, chuaigh sé isteach go hlnis Ceithleann agus rinne sé dearmad ar an liosta!

Ach ba chuma i ndáiríre nó cheannaigh sé na rudaí ceanann céanna sna siopaí céanna gach seachtain. Chuaigh sé go Asda agus ansin go Tesco. Ansin chuaigh sé go Dunnes agus as sin go Lidl. Agus nuair a bhí an méid sin déanta aige bhí dhá mhála mhór aige a bhí lán go béal le hearraí grósaera.

Agus ó tharla go raibh sé in Inis Ceithleann mheas sé go raibh sé chomh maith aige siúil isteach go lár an bhaile ar an seans go mbuailfeadh sé le duine dá lucht aitheantais. Bhuel níor casadh éinne air i Sráid Belmore, nó Sráid an Bhéil Mhóir mar a thugann

muid air, áit na bhfuil na fiaclóirí lonnaithe, agus shiúil sé leis thar an droichead, thar halla an bhaile, go dtí go dtáinig sé fhad le teach tábhairne, agus ó tharla go raibh tuirse agus tart air shíl sé go mbeadh sé chomh maith aige gabháil isteach le haghaidh deoch amháin.

Anois dá gcreidfeá a bhfuil sna fógraí teilifíse bhéifeá den bharúil go bhfuil tábhairní na hÉireann ag cur thar maoil le ceol agus craic agus bainseó-anna, agus daoine óga ag béicigh go meidhreach agus cailíní deasa ag liú go lúcháireach. Ach ní sin mar atá, in Inis Ceithleann ag am lóin Dé Luain, ar aon chuma. Ní raibh istigh roimhe ach seandaoine gruama agus gach ólagán astu. Agus nuair a chuaigh an seandaoine s'againne isteach bhí cuma níos measa air ná mar a bhí ar aon duine acu seo.

‘Tá mo choileán bhocht dall! Tá mo choileán bhocht dall!’

Tugadh deoch dó agus agus shuígh sé, na deora ag titim isteach sa phionta.

Ní raibh sé i bhfad istigh go dtáinig fear dá lucht aitheantais isteach, fear breá croíúil.

‘Á, cad é mar atá tú, a mhic-ó? Dar Dia, tá cuma ghruama chráite ort. Ná habair go bhfuil duine muinteartha leat i ndiaidh bás a fháil?’

‘Á, tá sé níos measa ná sin. Tá mo choileáinín bhocht dall! Dall a deirim!’

‘Coileán dall? Cad é atá i gceist agat?’

D’inis sé an scéal ar fad, an madadh, an tréidlia, an caoga punt agus an coileán beag a tháinig ar an tsaol nuair a bhí dóchas caillte acu.

Bhris aoibh mhór leathan ar aghaidh a charaid.

‘Éist liomsa, níl an coileán sin dall, ná baol air. An bhfeiceann tú an madadh caorach sin atá agam, madadh a d’fheicfeadh caora ar an taobh thall de Chnoc Ninnidh, bhuel bhí an madadh sin dall nuair a rugadh é agus bhí mé iontach buartha mar gheall air. Agus bhí bean ag gabháil thart ag díol ticéidí – an chéad duais saoire seachtaine i nDoire Ó gConaíle – an dara duais coicis i nDoire Ó gConaíle – agus d’inis mé mo scéal di. Bhuel, an bhfuil a fhios agat,

thosaigh sí ag gáire is dúirt sí liom nach raibh a dhath ar bith cearr leis an choileán is go raibh leigheas na faidhbe aici. ‘Níl le déanamh agat,’ a dúirt sí, ‘ach an madadh beag a thógáil i mbaclainn do láimhe mar a bheadh babai ann agus suantraí a canadh, agus ansin na focail draíochta seo a rá – Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle!’ Agus caithfidh tú sin a rá trí huair i ndiaidh a chéile.’

‘I ndáiríre?’

‘Má dhéanann tú sin geallaim duit go n-osclóidh sé a shúile.’

‘Bhuel nach iontach an scéal é sin. Nach maith an rud go dtáinig mé isteach anseo inniu. ‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle!’ Caithfidh cuimhniú air sin. Ach seo an rud, tá drochchuimhne agam. D’fhág mé mo liosta siopadóireachta ar an tábla ar maidin.’

D’amharc sé thart agus chuir sé ceist ar na seandaoine dearóla eile.

‘An bhfuil peann ag aon duine agaibh?’

Ní raibh peann ag oiread is duine amháin – nó an dtugeann tú sin miotas eile a scaiptear fá thábhairní na tíre seo, go bhfuil siad lán go doras le filí agus scríbhneoirí. Bhí peann ag fear an bhéair ach bhí fonn mailíseach air is choinnigh sé a pheann i bhfolach.

‘Seo an rud a dhéanfaidh tú,’ a mhol sé don seandúine. ‘Nuair a théann tú amach as seo abair ‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ os ard arís is arís eile go dtí go mbaineann tú an teach amach.’

‘Maith thú,’ arsa an seandúine. ‘Sin an rud a dhéanfaidh mé.’

D’ardaigh sé an dá mhála siopadóireachta agus chuaigh sé amach sa sráid.

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle, oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ go barr na sráide go dtí go raibh sé in aice le Halla an Bhaile.

Agus ansin casadh Meiriceánach air.

‘Howdy, old timer,’ a dúirt an Meiriceánach. ‘I was wondering if you could direct me to the city hall of Enniskillen? You see, old timer, my ancestors they left the Emerald Isle at the time of the great potato famine when all the potatoes died and they sailed across the wild Atlantic in a coffin ship and when they reached the New World they done good, they done real good, and here I

am back to search for my ancestors in all the old records in the City Hall. You know, the Births, Marriages and Deaths, or as we call them in the United States, the Hatched, Matched and Dispatched! So tell me old timer just where is the City Hall?’

Agus thiontaigh an seandúine i dtreo Halla an Bhaile agus d’ardaigh sé a lámh.

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘I beg your pardon, old timer?’

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘Oh you mean that quaint little building over there? Well, thank you Sir, and have a nice day!’

Agus chuaigh an Meiriceánach fhad le Halla an Bhaile agus lean an seandúine ar aghaidh, ‘oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ á rá amach os ard aige i rith an ama.

Aisteoir an chéad duine eile a casadh air.’

‘Excuse me, my dear fellow, I wonder if you could possibly point me in the general direction of the Ardhówen Theatre. I’m here for the Beckett festival, you know.’

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ arsa an seandúine agus dhírigh sé a mhéar i dtreo na hamharclainne.

‘Pardon, what was that you said?’

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle’

‘Oh, I see, you mean it’s over there. Jolly good. Thank you.’

Agus dheifrigh an t-aisteoir leis, é den bharúil gur casadh duine fíoraisteach air agus dheifrigh an seandúine leis agus é den bharúil gur casadh duine fíoraisteach air fosta.

Lean sé ar aghaidh go dtí go dtáinig sé fhad le staisiún na mbusanna agus go díreach ag an bhomaite sin tháinig bus mór dearg agus bán isteach, i ndiaidh dó teacht an bealach ar fad ó Bhaile Átha Cliath. Agus ar an bhus seo bhí bean óg ón Fhrainc a tháinig go hÉirinn le Béarla a fhoghlaim. Bhí trí huair go leith caite aici ar an bhus seo a stop i ngach baile agus sráidbhaile agus ag gach crosbhóthar agus timpeallán agus poll sa chlaí. Agus san áit a bhfuil sé de nós againn agus muid ar thuras bus criospaí a ithe agus liománáid a ól go dtí go n-éiríonn muid tinn is é nós na

bhFrancach fíoruisce a ól. Agus anois, ó tharla go raibh trí huair go leith caite ag an bhean óg seo ag ól fíoruisce bhí sí i gcruachás.

‘Excusez moi, ou est la toilette, s’il vous plait?’ a dúirt sí leis an seandúine. Buuel, anois, ní raibh Francís ar churallam na bunsoile trí scór bliain ó shin agus fiú dá mbíodh bheadh glandearmad déanta aige air. Mar sin féin d’aithin sé cad é a bhí ag cur as di, shín sé a mhéar i dtreo na leithrise agus dúirt:

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘Merci beaucoup,’ arsa an bhean agus dheifrigh sí léi isteach. Nuair a bhí sí réidh thóg sí amach leabhar nótaí agus scríobh sí síos ‘Is é an Béarla atá ar ‘tá an leithreas thall ansin’ ná ‘oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

Tháinig bus eile isteach agus chuaigh an seandúine isteach ar bord.

D’iarr an tiománaí ticéad air.

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ arsa an seandúine agus thaispeán sé a phás taistil dó.

Suígh isteach ag cúl an bhus,’ arsa an tiománaí, nó d’aithin sé go raibh an seandúine rud beag trína chéile agus b’fhearr leis nach gcuirfeadh sé isteach ar na paisinéirí eile. Bhí an seandúine buartha go ndéanfadh sé dearmad ar na focail agus shuígh sé ar a shuíochán agus é ag gabháil do ‘oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ i rith an ama, agus bhí na paisinéirí eile ag stánadh air, iad den bharúil go raibh é ólta nó ag rámhailí leis.

Agus nuair a tháinig luas faoin bhus agus é ag imeacht amach ó bhaile Inis Ceithleann thosaigh na seanamhráin ag teacht isteach ina intinn is ag briseadh isteach ar na focail draíochta.

‘The wheels of the bus go round and round, round and round’ agus scairt sé ‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘Stop the bus I want a wee, wee, stops the bus I want a wee, wee ...’ agus bhéic sé ‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘Oh ye cannae shove yer granny off the bus, oh ye cannae shove yer granny off the bus,’ agus bhéic sé ‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

A leithéid de thuras is a bhí aige. Shíl sé nach mbainfeadh sé

a theach féin amach go deo ach i ndeireadh na dála scairt an tiománaí amach ‘Sin tusa anois,’ agus bhí sé sa bhaile.

D’oscail sé an geata, chuaigh sé suas an lána, d’oscail an doras, chuaigh sé isteach sa chistineach agus leag sé an dá mhála siopadóireachta ar an tábla.

‘Bhuel,’ arsa an seanbhean. ‘An bhfuair tú na pónairí agus na hispíní?’

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle, a dúirt sé go grod.

‘Anois, ná bí ag caint liom mar sin!’ a dúirt sí agus shiúil sí amach as an seomra.

Chrom an seandúine síos agus thóg sé an coileán beag suas i mbaclainn a láimhe. Thosaigh sé ag canadh. Agus ansin dúirt sé na focail draíochta:

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle.’

Agus ní luaithe go raibh na focail sin ráite aige ná gur oscail an coileán beag a shúile agus rinne sé aghaidh an tseandúine a lígh.

Bhí lúchair an domhan ar an tseandúine agus scairt sé ar a bhean teacht isteach.


Ní raibh sise róshásta acch tháinig sí isteach ar aon chuma. Bhuel nuair a chonaic sí an coileán beag ag rith thart agus na súile áilne ar oscailt aige rug sí greim uilline ar an tseandúine agus thosaigh siad ag damhsa agus dá mbídís ar sheó tallainn ar an teilifíse ba leo an lá!

Mar sin de, is é ceacht an scéil, má tá coileán beag dall agat tá a fhios agat anois cad é ba chóir duit a dhéanamh, tóg suas i mbaclainn do láimhe é, can suantraí agus abair na focail draíochta ‘Oscail do shúile, Sleepy Pendoodle,’ faoi thrí agus osclóidh do choileán a shúile.

Agus seo an rud, is féidir leat an leigheas céanna a úsáid ar chat, ar choinín, ar luchóg, gerbil, muc ghuine agus hamster. Ach níl maith ar bith ann i gás capaillín. Agus an bhfuil a fhios agat cén fáth? Mar ní féidir leat capaillín a tógáil i mbaclainn do láimhe. Agus maidir le pearóid? Bhuel, i ndáiríre bheadh leisc orm gabháil



in aice leis ar eagla go mbainfeadh sé an súil de mo chloigeann  
agus má tá iasc órga agat, agus má tá na súile druidte aige bhuel  
... anois ... cad é an dóigh is fearr le seo a rá ... má tá siad druidte is  
baolach nach n-osclóidh sé iad arís choíche nó go deo.







# Mallacht Naomh Íde

The Curse of Saint Ita, *Liam Ó Briain*.

*I don't know if Saint Ita ever visited County Fermanagh though I think it's highly unlikely. What I liked about this story was its engagement with a quirk of topography. The Sillees river, to which this story refers, does indeed rise just south of Lower Lough Erne (it flows from Bunnahone Lough) but then it goes, not north to the Lower Lough Erne as it ought (or as one might imagine it ought), but south, away from Lower Lough Erne, until eventually it flows into Upper Lough Erne some twenty or more miles away. For an explanation for the Sillees' counter-intuitive progress we should look to hydrography, for there, surely, we would find an answer: but if you don't have access to this branch of science then a Saint's curse must suffice as the explanation for the river's unlikely course and behaviour. The original story specifies a deer but I made the animal a stag: if Saint Ita can change a river's direction she can surely get a stag to carry her books, I reasoned.*

*NFC: 1014: 78.*

Bhí Naomh Íde ar a bealach trí Chontae Fhear Manach. Bhí sí ag dul siar ó thuaidh. Ar thaobh na láimhe deise di bhí loinnir i Loch Éirne.

Ní raibh aon duine ag Naomh Íde le cuideachta a choinneáil léi ach bhí a poc léi. Bhí beanna air ar dhath na gcnámh agus craiceann donn agus bhí dhá chliabh ar a dhroim aige a bhí lán leis an mholl mhór leabhar a bhí aici. Bhí an dá chliabh ceangailte ag an bharr de dhiallait adhmaid agus dá chéile. Bhí siad ceangailte fosta ag an bhun, dá chéile, le rópaí tiubha a bhí ina luí trasna faoi bholg an phoic. Bhí na cléibh ceangailte mar sin ar eagla go sleamhnódh siad agus go ndoirtfí leabhair luachmhara Naomh Íde amach ar an talamh.

Seachas na cléibh, ar ndóigh, ní raibh bac ar bith ar an phoc. Ní raibh adhastar ar bith ar an phoc. Ní raibh an poc á stiúradh le srianta ag an naomh. Ní raibh sin de dhíth. Cibé bealach a rachadh Naomh Íde ní bheadh a dhath de mhoill ar an phoc í a leanstan. Is mar seo a bhíodh an bheirt acu, an naomh agus an poc, ag taisteal le blianta fada.

Bhí an naomh agus an poc anois ag tarraingt ar bhrúach abhann, an tSailchis, cé nach raibh a hainm ar eolas ag an naomh go fóill. Bhí an t-uisce domhan. Bhí dath dubh ar an uisce. Leis sin, as áit éigin ar a gcúl tháinig giorria ina rith aníos agus dhá chú sa tóir air.

Bhain an giorria agus na madraí geit as an phoc agus bhog sé ar lorg a thaoibh, shleamhnaigh sé den bhrúach agus thit sé isteach san abhainn. Bhí an t-uisce domhain. Bhí dath dubh ar an uisce.

Idir an dá linn, rith an giorria agus an dá chú leo amach faoin tuath.

San uisce bhí an poc á tharraingt síos faoi ualach an dá chliabh a bhí ag cur thar maoil le leabhair Naomh Íde.

I bhfad ar shiúl bhí tafann na gcúnna le cluinstit.

Rinne an poc iarracht na cléibh a chaitheamh uaidh ach mar gheall ar an dóigh a raibh siad ceangailte níor éirigh leis. Mar sin, síos leis, síos leis, síos leis isteach san uisce dhubh dhomhain.

Anois, ó dhuibheagán modartha na Sailchise, nocht boilgeoga ar bharr an uisce. I dtús báire bhí siad mór. Ansin bhí siad beag. Sa deireadh stad siad go hiomlán de bheith ag teacht. Bomaite

ina dhiaidh sin d'éirigh an poc go dromchla na habhann, a chuid súl oscailte, a theanga amuigh ar a bhéal, agus gan aon amhras bhí sé marbh.

Stán an naomh sa treo a ndeachaigh an giorria agus na cúnna. Bhí an naomh ar an daoraí. Bhí an giorria agus na cúnna i ndiaidh a poc galánta a scanrú agus thit seisean isteach agus bádh é. Ba chóir do na hainmhithe sin a bheith cúramach agus anois nuair nach raibh, bhí rún aici ceacht a theagasc dóibh. Níor chuir an naomh san áireamh nach raibh rún ag an ghiorria agus na cúnna an poc a scanrú agus nach raibh siad ag iarraidh go mbáifí é. Níor shíl sí gur chóir di sin a chur san áireamh.

Dhruid an naomh a cuid súl.

“Tusa, a ghiorria, ní éalóidh tú choíche ón dream atá sa tóir ort,” ar sise. “Agus sibhse, a chúnna, ní bhéarfaidh sibh choíche ar bhur gcreach.”

Bhí an tafann le cluinstin arís, i bhfad níos faide ar shiúl an t-am seo.

“Sibhse, na trí ainmhí a chuir mo phoc san abhainn, mo mhallacht oraibh, mo mhallacht oraibh, mo mhallacht oraibh,” arsa an naomh.

Ní luaithe a bhí na focail sin ráite ná a rinneadh trí chnocán bheaga i bhfad ar shiúl den ghiorria agus de na cúnna.

D’oscail an naomh a súile. An áit nach raibh cnoc ar bith roimhe chonaic sí na trí chnocán bheaga a rinne an mhallacht s’aici. D’fhág an radharc sin sásta í.

Ansin rith an dá sheilgeoir aníos a bhí ar lorg a gcúnna agus an ghiorria a raibh a gcúnna sa tóir air – ar ndóigh, ní raibh a fhios acu go fóill go ndearnadh trí chnocán bheaga díobh.

“An bhfaca tú giorria agus dhá chú sa tóir air?” arsa duine de na seilgeoirí.

Shín an naomh a méar i dtreo a poic ina luí san abhainn, a aghaidh san uisce, agus corleabhar ag preabadach thart air.

“Chonaic, rith siad thart leis seo,” ar sise, “agus scanraigh siad mo phoc agus leis an scanradh a fuair sé thug sé léim isteach san abhainn agus báitheadh é?”

“Ní raibh sé ar intinn ag an ghiorria ná ag na cúnna ach oiread go rachadh do phoc isteach,” arsa duine de na seilgeoirí.

“Ach mar sin féin,” ars an seilgeoir eile, “tá muid iontach brónach.”

Chroith an naomh a cloigeann. Ní hamháin gur chuma léi faoina míniú agus a leithscéalta ach shíl sí nach raibh ciall leo.

“Cad é’n t-ainm atá ar an abhainn seo?” arsa an naomh.

“An tSailchis,” arsa duine de na seilgeoirí.

“Tá mo chomrádaí dílis anois ’na luí marbh sa tSailchis seo agaibh,” arsa Naomh Íde. “Bhuel, ós rud é gur mharaigh sé mo phoc, fágaim mo mhallacht ar bhur Sailchis.”

Go dtí seo is ó thuaidh i gcónaí a rith an abhainn gur shíl sí isteach sa loch íochtair. Ach anois ó tharla gur fágadh mallacht uirthi d’athraigh sí a treo go díreach os comhair dhá shúil an naoimh agus an dá sheilgeoir ar an bhomaite sin, agus thosaigh sí a rith ó dheas.

Agus bhí tuilleadh ann, bhí ní ba mheasa ná sin ann. Go dtí an bomaite seo bhí an tSailchis i gcónaí fial d’iascairí agus fáiltiúil roimh shnámhaithe. Ach cionn is go raibh sí anois ag rith sa treo eile bhí deireadh leis sin uilig. Stad sí de bheith ag tabhairt éisc agus anois bhí sí doicheallach roimh shnámhaithe. Dá rachadh duine ar bith isteach san uisce s’aici thabharfadh sé batráil dó agus bhrúfadh sí síos é, mar a bheadh sí ag iarraidh é a bhá.

Níorbh fhada gur spréigh an scéala gur athraigh cúrsaí. Bhí an toradh intuartha. D’éirigh iascairí as an iascaireacht, agus snámhaithe as an tsnámh sa tSailchis. Tamall de mhíonna ina dhiaidh sin, tháinig an scéala chuig Naomh Íde sa chlochar faoin dóigh a bhí ar an tSailchis.

“Ar fheabhas,” ar sise go gealgháireach. “Ní théann duine ar bith dá cóir, ní bháfar aon duine sa tSailchis uafásach.”









# Mar a d'inis an Cat

*Collected by Sandy McConnell from Hugh Macken, Drumbargy. NFC 1403: 28-9 (1955). This story is well known across the country. There is a version of it from Co. Cork in chapter six of The Tailor and Ansty by Eric Cross.*

Tharla sé tuairim is céad go leith bliain ó shin go ndeachaigh Séamas Ó hUltacháin amach ag cuartaíocht toigh Mhig Uidhir Ros Domhnaigh. I bhfad uaidh chonaic sé cat breá ag teacht ions'air. Nuair a bhí an cat i bhfoisceacht cúpla slat dó chuaigh sí suas ar a cosa deiridh agus dúirt sí:

'Nuair a théann tú fhad le muintir Mhig Uidhir abair le Balgeary go bhfuil Balgary marbh.'

Agus d'imigh sí léi.

Chuaigh Ó hUltacháin ar aghaidh agus nuair a chuaigh sé isteach sa teach bhí cat mór ina suí os comhair na tine.

Chuir bean an tí fáilte roimhe agus d'fhiafraigh sí de an raibh aon nuacht aige.

'Scéal ar bith,' a dúirt sé.

'Agus an bhfuil tusa ag insint domh go ndeachaigh tú go hInis Ceithleann inniu, chuig an mhargadh, is gur chaith tú an lá ar fad thart fá'n bhaile mór is níor casadh éinne ort, is níor chuala tú aon

scéal?’

‘Scéal ar bith, a deirim.’

Bhuel, an bhfuil a fhios agat seo. Tá an lá ar fad caite agam sa teach seo, ag nígh na soithí, ag cócaireacht, ag fúáil is ag cniotáil, ag scuabadh is ag glanadh agus ansin tagann tusa isteach ag dúil le tae agus arán triacla a fháil i ndiaidh duit an lá iomlán a chaitheamh in Inis Ceithleann, gan oiread is scéal amháin leat fá mo choinne!’

D’fhan sé ina thost fhad is gur leag sí na cupáin agus na plátaí ar an tábla agus ansin dúirt sé:

‘Bhuel, tá scéal amháin agam ach tá leisc agam é a insint ar eagla go rachfadh sibh ag magadh fúm. Agus ní thig liom féin bun nó barr a dhéanamh de. Tharla sé agus mé ar mo bhealach anseo gur casadh cat mór orm agus is é an rud a dúirt an cat sin ná ‘Abair Balgeary go bhfuil Balgary marbh.’

Agus leis sin lig an cat scread millteánach as agus dúirt:

‘An créatúr! Agus anois is mise Rí na gCat!’

Léim sé isteach sa tine a thógtha is a bhí sé is chaith sé an griosach ar fud an teallaigh. Ansin léim sé suas ar chúl an dorais agus é fós ag sreadadh in aird a chinn ‘An créatúr! Agus anois is mise Rí na gCat!’

Bhí eagla orthu gabháil in aici leis ach tháinig fear an tí isteach tríd an doras go díreach ansin agus bhí an cat imithe de léim mór amháin agus ní fhaca siad é choíche arís.









# An Sean BhLaincéad

The Old Blanket, collected by Liam Ó Briain (1895-1972) from Pat Cullen.

*According to the source this was a true story and the old woman was a Protestant and so it's entirely possible personal animus against Protestants (or a particular Protestant) was the hummus from which this sprung. On the other hand, it's also a story with a universal Christian message. So perhaps those who encountered this tale when Christianity was dominant took that away from it ("Be charitable ...") rather than the idea that Protestants were uncharitable per se. The story may also be a way of addressing the famine and the relationship between Ireland's different communities at the time without actually mentioning the famine.*

NFC 1104: 135.

An geimhreadh. Bothán in Éirinn, é beag bídeach, néata agus thar a bheith glan. Ní raibh ann ach dhá sheomra: bhí ceann acu ina chistin – ba é sin an áit a raibh an teallach – agus an ceann eile – bhí sé ar an taobh thall de bhalla an tsimléir – ba sheomra leapa é a bhí ní ba lú arís. An bhean a bhí i mbun an tí, ba sheanbhean í a bhí scrupallach, cráifeach, críonna. Ag meán lae an lá seo bhí sí

ina suí ag an tine s'aici. Leathdhosaen fód, curtha go cúramach ar bharr a chéile ar an teallach. Cnag ar an doras.

“Cé sin?” arsa an tseanbhean ag scairteadh anonn chuig an doras.

“Créatúr bocht, lom, gabhlach,” arsa an guth, ba léir gur guth baineann a bhí ann.

D'éirigh an tseanbhean den stól agus chuaigh sí de shiúl trom thar an urlár chrua cré. D'oscail sí an doras. Ba bhean an bhean ag a doras a raibh gruaig uirthi a bhí cáidheach stothallach, a haghaidh salach agus a liopaí glas ó bheith ag ithe féir. Bhí sí lomnocht.

“Cad é 'bhain duit?” arsa an tseanbhean.

“Dhíol mé mo chuid éadaigh uilig,” arsa an bhean a bhí ar leac an dorais. “Dhíol mé a raibh agam le bia a cheannach agus anois tá mé fuar agus ocrach arís.”

“Bhuel, nár chóir duit smaointiú air sin sular dhíol tú do chuid éadaigh,” arsa an tseanbhean.

“An bhfuil a dhath ar bith agat a bhféadfainn mé féin a chlúdach leis?” arsa an bhean ar leac an dorais. Bhí crith ina glór agus labhair sí gos íseal. Bhí an chuma uirthi go raibh sí thar a bheith tuirseach.

“Cóta atá i gceist agat?” arsa an tseanbhean. “Níl cóta ar bith agam.”

“An bhfuil rud ar bith agat,” arsa an bhean ar leac an dorais.

“Fan go bhfeice mé. Fan thusa anseo.”

Dhruid an tseanbhean an doras agus shleamhnaigh sí an bolta trasna. B'fherr a bheith cúramach le lucht siúil.

Isteach léi de ghreadadh cos ina seomra leapa gur thóg sí an clár a bhí ar a bosca éadaigh. D'éirigh boladh géar san aer ó olann thais agus seanlínéadach.

“Fan go bhfeice mé,” ar sise.

Chuardaigh sí síos. Tháinig sí ar bhlaincéid, rudaí troma. Tharraing sí amach iad. D'amharc sí orthu. Ní thabharfadh sí iad seo don bhean a bhí ar leac an dorais. Bhí siad i bhfad rómhaith dá leithéid. Ar ais léi go dtí an bosca agus thosaigh sí a chuardach arís. Thíos ag an bhun ar fad tháinig sí ar bhlaincéad liath capaill

fáithim curtha go garbh air le snáth dearg. Ba lena hathair é nuair a bhí sé sna dragúin agus bhí sé caoga nó seasca nó seachtó bliain d'aois.

Tharraing an tseanbhean amach cóta dragúin a athar, d'oscail sí é agus thóg suas é i dtreo na fuinneoige. Cúpla poll ... déanta na fírinne, a lán poll ... agus trí na poill chonaic sí an solas ar chúl.

“Caithfidh sé gnoithe a dhéanamh,” arsa an tseanbhean. “Is buí le bocht an beagán, nach fíor sin? Ar ndóighe, is fíor. Beidh uirthi glacadh le cá bith a gheobhas sí agus a bheith buíoch go bhfuair sí rud inteacht.”

D'iompair an tseanbhean an blaincéad liath a raibh fáithim curtha air le snáth dearg go dtí an doras tosaigh agus shleamhnaigh sí aniar an bolta. Tharraing sí an doras gur oscail sé.

“Seo duit,” arsa an tseanbhean, “Sin a bhfuil agam.”

Ghlac an bhean ar leac an dorais an blaincéad, chaith faoina guaillí é agus ansin fuair sí greim air chun tosaigh lena lámha lán clábair.

“Go raibh maith agat,” arsa an bhean ar leac an dorais.

Thiontaigh sí agus shleamhnaigh sí ar shiúl, le coiscéimeanna beaga laga. Choimhéad an tseanbhean uirthi agus í ag imeacht, an blaincéad teannta thart uirthi, a craiceann ris trí na poill ina lán áiteanna. Ó tharla go bhfaca an tseanbhean go rabhthas ag baint úsáid as an bhlaincéad b'éigean di a admháil go raibh fíorbheagán ábhair ann agus lear mór poll. Leis an fhírinne a rá bhí sé ní ba mheasa ná a shíl sí nuair a d'amharc sí air ina seomra leapa.

“Ó bhuel, caithfidh sé gnoithe a dhéanamh,” ar sise gos ard. “Is fearr rud éigin, is cuma cad é an rud é, is fearr sin ná a bheith gan rud ar bith. Nach fíor sin?”

Dhruid sí an doras agus ar ais léi go dtí a tine.

Tamall de bhlianta ina dhiaidh sin fuair an tseanbhean bás agus mhúscaill sí in Ifreann. Ghearr diabhal beag a raibh drochanáil aige a cuid éadaigh uilig di le siosúr speisialta a rinneadh ar mhaithe lena leithéid.

“Ní thig leat mé a chur in Ifreann mar seo,” arsa an tseanbhean. “Caithfidh mé rud inteacht a bheith agam le mé féin a chlúdach.”

Chlaon an diabhal beag a cheann agus tháinig aoibh an gháire air. D'imigh sé leis agus tháinig sé ar ais arís. Thug sé ar ais blaincéad liath fillte a raibh fáithim curtha air le snáth garbh dearg. Bhí sé millteanach cosúil leis an bhlaincéad a bhí tráth ag a hathair, an blaincéad a thug sí don bhean a thug créatúr lom, gabhlach uirthi féin. Shín an diabhal beag an blaincéad chuici. D'oscail an tseanbhean é. Gan amhras ba é seo an ceann a thug sí uaithi don bhean a nocht ag an doras s'aici ag iarraidh rud éigin le caitheamh agus níor tháinig athrú ar bith air ó chonaic sí go deireanach é. Poill ba mhó a bhí ann gan mórán ábhair.

D'oscail an diabhal beag doras agus bhrúigh a chloigeann i dtreo an tseomra ar an taobh thall. Bhí sé millteanach mór agus dorcha agus lán tine. Chlúdaigh an tseanbhean í féin leis an bhlaincéad agus shiúl sí anonn tríd an doras. Dhruid an doras taobh thiar di.

Bhí an tseanbhean anois i ndomhan a raibh teas bocht ann. Tháinig spuaiceanna ar an bhomaite ar an chraiceann s'aici a bhí le feiceáil tríd na poill, ach níorbh amhlaidh don chraiceann a bhí clúdaithe ag an bhlaincéad. An raibh dóigh ar bith a bhféadfaí a corp uilig a chlúdach le nach ndófaí í in áit ar bith?

Thosaigh sí a bhogadh an bhlaincéid thart ach bhí poill i gcónaí in áit éigin agus mar sin bhí cuid di i gcónaí nocht agus i bpianpháis.

Agus sin mar a chaith sí an tsíoraíocht, ag síorbhogadh an bhlaincéid ag dúil go dtarlódh míorúilt ach níor tharla mar go raibh poill i gcónaí áit éigin.

I ndiaidh don tseanbhean cur suas leis sin ar feadh tamall fada, ligeadh di filleadh ar Chill Chua ar mhaithe le hoíche amháin faoisimh. Nuair a bhain sí an áit amach casadh bean uirthi a d'aithin í.

“Cad é mar 'tá an chéad saol eile?” a d'fhiafraigh an bhean.

“Tá mé caillte,” arsa an tseanbhean, “caillte go hiomlán. Bhí seans agam blaincéad maith a bhronnadh ar bhean bhocht agus dá ndéanfainn sin bheadh dóigh agam le teas Ifrinn a choinneáil ó mo chraiceann. Ach thug mé di an seanbhlaincéad seo a bhí ag m'athair agus mar a tchí tú tá sé lán poll, agus is cuma cad é'n dóigh a soiprím mé féin isteach ann tá i gcónaí craiceann nach



bhfuil clúdaithe in áit éigin, mar sin tá bealach i gcónaí ag an teas le mé a bhualadh. Ní bhíonn faoiseamh in am ar bith agam ón phian ach sin mar atá. Nach sin mar atá Ifreann? Nach sin an áit a dtéann tú le fulaingt ar son gach drochruda a rinne tú sa tsaol seo?”







# Sliabh Dá Chon

*In Fermanagh when we say that someone has gone to the Dogs it does not mean that they have become disreputable. It simply means that they have gone into the mountains near Derrygonnelly where there is a district known as 'the Dogs.' The Dogs are two summits named after Finn McCool's two favourite hunting hounds, Bran and Sceolán.*

*The Irish name Sliabh Dá Chon (two dog mountain) is mentioned in Dolan's History of Fermanagh (1718) and by Tomás Ó Caiside (An Caisideach Bán) in his memoir c1740. An LP of local traditional music released by Claddagh Records in 1989 called Dog Big and Dog Little featured Ben Lennon, Séamus Quinn, Gabriel McArdle and Ciarán Curran.*

*The following story explains how the place got its name.*

Tharla sé go raibh Fionn Mac Cumhail ar a chamchuairt tríd an cheantair seo nuair a tháinig an dá mhadadh s'aige ar ghiorria agus chuaigh siad sa tóir uirthi. Lean siad í trí choillte agus gleannta agus suas sna cnoic agus ní raibh siad ábalta greim a fháil uirthi. Rith sí léi go himeall na háille agus bhí an oiread sin deifre faoi na madaidh nach raibh siad ábalta stopadh nuair a thiontaigh sí ar leataobh agus chuaigh siad thar áill amach agus briseadh a gcnámhacha ar na carraigeacha thíos.

Bhí fearg mhór ar Fhionn nuair a chonaic sé go raibh na madaidh marbh agus thóg sé cloch agus chaith sé leis an ghiorria é. Bhuail sé í ar thaobh a cloiginn agus d'fhág sé sínte ar an talamh í. Dhroid sé isteach uirthi ach má dhroid, d'oscail an ghiorria a súile agus d'éirigh sí ina seasamh athuair. D'imigh sí léi trasna na páirce agus fuil ag síleadh óna ceann. Thóg sí casán agus chuaigh sí suas fhad le teach beag agus chuaigh sí isteach ann.

Nuair a chuaigh Fionn Mac Cumhail isteach fuair sé seanbhean sínte marbh os comhair na tine agus gortú mór ar thaobh a cinn aici. Thuig sé anois nach giorria a bhí inti ach seanchailleach a d'imir draíocht ar an dá mhadadh, nó ní amháin gur mharaigh sí iad ach go ndearna sí clocha daofa, agus má théann tú go Sliabh Dá Chon tchífidh tú iad.









# An tAilibí

*This unusual story combines sharp critique of the ‘fit-up’<sup>2</sup> with ghoulish content about a graveyard, the bodies of the dead that lie there and having to meddle with these in the dead of night (themselves also well-known tropes). In the original the murder is to happen in Boho, County Fermanagh, while it is in Glenfarne, County Leitrim, that Rattler the robber creates his alibi by performing the gruesome task he performs. I’ve reversed this, so the murder is in Glenfarne and it’s in Boho that Rattler the robber forges his cover story. The shebeen details I’ve lifted from William Carleton.*

*NFC 972: 484.*

---

<sup>2</sup> And who’d have thought this practice, which we associate with Irishmen and women convicted in England of crimes of which they were innocent during the 1970s, has such deep roots in Anglo-Irish history?

---

Bhí Gliogar an gadaí i gcoill taobh thall de Bhotha, Contae Fhear Manach. Eoin Ó Miacháin an t-ainm ceart a bhí air. Bhí tráthnóna beag ann agus bhí tine curtha síos aige agus bhí sé ina shuí ag caitheamh a phiopa cailce agus ag éisteacht leis an éanlaith ag monabhar sna crainn. Bhí sé te, bhí ceiliúr na n-éan galánta agus

bhí an tobac a bhí sé a chaitheamh i ndiaidh é a chur i gcineál de thámh. Is é a bhí sona sásta.

“A Ghliogair,” ba sin an rud a chuala sé, agus chuala sé chomh maith píosa adhmaid ag péascadh faoi chos. D’aithin Gliogar an gadaí an glór. Duine dá chomhghleacaithe a bhí ann. Thóg sé a shúil agus choimhead sé an boc ag siúl go héadrom ionsair. Bhí Turc toirteach agus fadálach agus maide ar iompar aige.

“Cad é ’thug anseo thú?” arsa Gliogar an gadaí nuair a tháinig Torc a fhad leis an tine.

“Drochscéala,” arsa Turc.

“Ná bac le suí mar sin,” arsa Gliogar an gadaí. “Caith asat é.”

“Caithfear fear a mharú ar ball i nGleann Fearna.” Bhí sin i gContae Liatroma.

Thug Turc na mionsonraí: ainmneacha na bhfear a bhí lena dhéanamh(ceathrar acu a bhí ann) agus ainm an duine a bhí le marú acu, feirmeoir a sceith orthu, nó sin an rud a chreid an ceathrar a bhí leis an dúnmharú a chur i gcrích.

“Racha’ siad chuig an teach nuair a bheas mo dhuine ’na chodladh,” arsa Turc, “brisfidh siad an doras isteach, rithfidh siad isteach, dhéanfa’ siad é a tharraingt as a leabaidh, brisfidh siad na fiacra s’aige, stróicfidh siad na cluasa de, gearrfa’ siad an teanga amach, gearrfa’ siad a chluasa agus a ghaosán, brisfidh siad a bhfuil de chnámha ina chorp, bainfidh siad an cloigeann de agus dófa’ siad sa tine é.”

“An sin uilig é?” arsa Gliogar an gadaí. Tharraing sé ar a phíopa ach bhí sé i ndiaidh dul as.

“Cad é ’tá tú a mhaíomh, an sin uilig é?” arsa Turc. Bhí sé dílis ach fadálach.

“Caithfidh mé mo mhachnamh a dhéanamh air,” arsa Gliogar an gadaí, “ach mothaím nuair a bhionn tusa fán áit, a Thuirc, nach dtig liom machnamh. An ndéanfa’ tú gar domh, mar sin? An imeocha’ tú leat?”

“Ó.” D’imigh Turc leis. Las Gliogar an gadaí a phíopa arís agus stán sé isteach sna lasracha.

“Fágfar an dúnmharú seo ormsa,” ar seisean. “Tá’s agam go



bhfágfar. Tá folach 'e dhíth orm.”

Tháinig an clapsholas. Stad an éanlaith dá seinm agus bhí dath dúghorm ar an tsolas a bhí ann. D'éirigh Gliogar an gadaí ina sheasamh agus chuaigh a fhad leis an chrann thall a bhí mar stóras aige. Fuair sé scilling airgid agus chuir sé ina phóca í. Ansin thóg sé amach a chorrán agus cloch faobhair. Shuigh sé ar ais ag an tine agus chuimil sé an chloch suas agus síos, agus suas agus síos.

S ... iú ...s ... iú ... s ...iú ... Bhí fuaim mhailíseach na cloiche faobhair ar mhiotal le cluinstitín san aer.

Nuair a bhí loinnir dheas ar an fhaobhar ag Gliogar an gadaí, d'fhéach sé a chorrán ar ghas ard féir in aice leis go bhfeicfeadh sé arbh fhiú é. Ghearr an lann go géar, gan stró agus d'éirigh an gas féir ní ba ghairide.

“Ó, ar dóigh,” arsa Gliogar an gadaí. “Tá sí chomh géar agus a bheas sé in am ar bith.”

Chuir sé an chloch faobhair ar shiúl, cheangail sé a chiarsúr brád agus chíor sé a chuid gruaige lena mhéara.

Faoin am seo bhí sé dubh dorchá. Ní raibh an ghealach le feiceáil trí cheannbhrat an duilliúir. Bheadh an oíche seo dorchá. Lontach dorchá.

“Agus sin a' fáth ar roghnaigh na dúnmharfóirí sin an oíche seo lena marú a dhéanamh,” arsa Gliogar an gadaí. “Má bhí oíche ariamh ann a bheadh fóirsteanach le marú a dhéanamh, seo an oíche.”

D'imigh Gliogar an gadaí leis. Ba ríchuma faoin dorchadas. Agus é cosnócht fuair sé a bhealach ar an chosán chaol chas trí na crainn agus amach ar an bhóthar chuig Botha. Anois, bhí sé as an choill, ní raibh sé chomh dorchá agus a bhí sé istigh sa choill. Bhí a chosa le feiceáil aige, agus a chorrán, agus ina dhiaidh sin, nuair a bhain sé Botha amach, bhí sé ábalta beanna agus sceimhleacha na dtithe a dhéanamh amach. Ní raibh duine ar bith faoin áit agus níor bhog aon duine agus é ag siúl leis. Chuala sé madra ag tafann. Chuala sé doras ag oscailt agus ag druidim. Chuala sé páiste ag gáire. Bhain sé an síbín amach.

Chuala sé an chogarnach bhog a bhíonn ag na fir amháin agus iad ag ól, bhí sin ag teacht ón taobh istigh.

D'oscail Gliogar an gadaí doras an tsíbín agus thug sé spléachadh isteach. Bhí an fear a bhí i mbun an tsíbín ina sheasamh os comhair an dorais ag tábla lena fhlagúin uisce beatha agus moll de bhlaoscanna uibheacha ina dtugadh sé amach deochanna. Bhí cúpla coinneal ag damhsa in aice leis, a solas buí ar crith. Bhí lucht an óil ina suí thart ar imill an tseomra ar bhinsí agus ar stóil. Bhí tine thíos. Bhí na haibhleoga móna faoi sholas oráiste agus dearg.

“Dia sa teach seo,” arsa Gliogar an gadaí ag scairteadh isteach. Stadadh den chaint. Bhí aithne ag lucht an óil uilig ar Gliogar an gadaí agus bhí rud beag eagla orthu uilig roimhe. Bhí siad cineál faoi dhraíocht aige fosta. Sheas sé isteach. Dhruid an doras ina dhiaidh. An dara coiscéim, an tríú coiscéim. Agus faoina chois rinne sé smidiríni de bhlaosc uibhe. Bhí blaoscanna uibheacha ar fud an urláir i ngach áit. Bhí sé mar sin ar an ábhar go raibh sé de nós ag an dream a bhí ag ól a gcuid blaoscanna a chaitheamh uathu ar an urlár nuair a bhíodh siad réidh leo. Nuair a d’fhaigheadh siad an chéad deoch eile d’fhaigheadh siad blaosc úr agus cé a déarfadh nach mbeadh sí ní ba mhó ná an ceann roimhe agus ar an ábhar sin go rachadh níos mó uisce beatha isteach inti. Leis an fhírinne a dhéanamh, chinntigh fear an tsíbín go ndoirtfeadh sé an méid céanna gach uair agus ar an ábhar sin ba chuma faoi mhéid na blaoisce. Ní dúirt fear an tsíbín rud ar bith faoi sin, áfach. Ar ndóigh, ní dúirt. Síleadh lucht an óil a rogha ruda, a deireadh sé leis féin. Nár chuma leisean?

“Cé anseo atá 'g iarraidh geall a chur?” arsa Gliogar an gadaí gos ard.

“Chan leatsa,” arsa duine éigin, “ó tharlaigh an rud sin ar iompar agat.”

“An seo an rud atá tú a mhaíomh, mo chorrán?” D’ardaigh Gliogar an gadaí an corrán agus tharraing sé tríd an aer é cúpla uair. Thosaigh croí roinnt mhaith de na fir sa tsíbín a bhualadh ní ba ghasta. Ní raibh cuma rómhaith air seo. Cad é a bhí ar bun

ag Gliogar an gadaí?

“Hé, a Ghliogair,” arsa fear an tsíbín. “Cuir sin ar shiúl. Is teach síochánta é seo. Ná bíodh troid ar bith anseo.”

“Ní raibh tú ag éisteacht,” arsa Gliogar an gadaí go teann, “rud nach gcuireann lá iontais orm, nó is nós leat gan bheith ag éisteacht. Déarfa’ mé seo i do láthair arís. Ar luaigh mise rud ar bith fá throid? Maise, níor luaigh. Dúirt mé, ‘Cé anseo atá ‘g iarraidh geall a chur?’ An dtuigeann tú? Agus seo é ... an geall ... cé agaibh a rachas ‘na reilige, anois díreach, a rachas isteach in uaigh, a dhéanfas cónair a tharraingt aníos, a thógfás an cnámharlach amach agus a bhainfeas an bhlaosc de leis an chorrán seo?”

“An bhfuil tusa dáiríre?” arsa guth sa dorchadas. “An sin an rud atá tú ‘g iarraidh ar dhuine againn a dhéanamh?”

“Nach cinnte,” arsa Gliogar an gadaí. Thug sé amach an scilling a bhí curtha aige roimhe sin ina phóca agus choinnigh sé in airde í. “Agus seo’n fhírinne go bhfuil mé dáiríre fán gheall seo. Íocfa’ mé scilling, an scilling airgid seo, leis an fhear a bhainfeas an bhlaosc de chnámharlach agus a bhéarfas ar ais anseo í.”

Bhí glórtha éagsúla le cluinstitín thart ar an tsíbín:

“Ní dhéanfainnse sin ... Ná mise ... Tá rud inteacht ar bun aige ... Cleas atá ann ... Is cinnte gur cleas atá ann ...”

“Chan cleas ar bith é,” arsa Gliogar an gadaí. “Geall atá ann. Scilling ar son blaoisce. Anois cé agaibh atá ag iarraidh na scillinge gleoite seo? Níl le déanamh agat ach dul ‘na reilige, blaosc a ghearradh ar shiúl, agus í a thabhairt ar ais. Cé ‘tá á iarraidh? Chan fhaigheann tú scilling chomh héasca sin arís.”

Níor labhair aon duine.

“Níl aon duine agaibh ag iarraidh an dúshlán a ghlacadh, mar sin?” arsa Gliogar an gadaí. “Bhuel, m’anam le Dia. Chreid mise gur fir chróga sibh. Tchím anois go raibh mé go hiomlán contráilte.”

“Na-nach dtuigeann tú, a Ghliogair?” arsa fear an tsíbín. “Níl an rud tarraingteach acu. Níl siad ag iarraidh glacadh le do gheall.”

“Níl, bhuel,” arsa glór eile.

“Agus, a Ghliogair ...” Seanduine a bhí ina shuí ag an tine a labhair. “Inis seo dúinn. An ndéanfá féin é? An rachá’ thusa ’na reilige le blaosc a bhaint de chnámharlach?”

“Rachainn cinnte,” arsa Gliogar an gadaí. “Domh scilling, a sheanduine, agus dhéanfa’ mé é.”

“Agus cá háit a bhfaighinnse airgead mar sin?” arsa an seanduine. “Níl scilling agam.”

“Níl scilling ag aon duine,” arsa fear an tsíbín agus rith sé leis go mb’fhéidir go gcuirfí airgead maith amú ar an bhomaite sin ar an amaidí seo airgead a d’fhéadfaí a chaitheamh ar uisce beatha a cheannach.

“Má chuireann sibh uilig leathphingin agus feoirling i hata, beidh scilling agaibh go cinnte,” arsa Gliogar an gadaí.

Glórtha éagsúla arís:

“Maise, tá’n ceart aige, má chuireann achan duine rud inteacht isteach ... tá mise toilteanach, an bhfuil tusa? ...

Ar aghaidh linn, déanaimis é ... Seo rud atá mé ag iarraidh a fheiceáil ... Tugadh sé an bhlaosc ar ais ... Beidh scéal againn is féidir a inse dár ngarpháistí ...“

Cuireadh hata thart. Gliogarnach na mbonn. Rinne an seanduine cuntas.

“Seo duit do scilling, bhuel,” ar seisean.

“Bhuel, coinnigh thusa greim air sin agus coinnigh greim ar mo scillingse fosta,” arsa Gliogar an gadaí.

Anonn leis go dtí an seanduine agus sháigh sé a scilling isteach ina lámh.

“Bhuel, cé atá ag iarraidh theacht leis an rud a fheiceáil?” a scairt Gliogar an gadaí. “Bhfuil spéis ag aon duine?”

Níor léirigh aon duine spéis.

“Más mar sin atá, beidh orm brú a chur ar dhuine inteacht.”

Fuair sé greim cába ar an duine ba chónagaraí dó agus chuir ina sheasamh é.

“Dhéanfa’ tusa gnóithe,” arsa Gliogar an gadaí.

“Óch anois, fág mise amach as seo,” arsa mo dhuine. Bhí súile dorcha aige, guailí cruinne agus nádúr cuthail. Is é an obair a bhí

aige ná aoileach a bhailiú.

“Stad den ghearán,” arsa Gliogar an gadaí.

Bhrúigh se an bailitheoir aoiligh gránna trasna an urláir agus amach ar an doras.

“A dhaoine uaisle, beidh blaosc dheas ag teacht ar ais roimh i bhfad.”

Lean Gliogar an gadaí a fhinné amach agus dhruid an doras ina dhiaidh.

Fuadar cainte arís:

“An ndéanfa’ sé é? ... An amhlaidh go bhfaighidh sé blaosc bhur mbarúil? ... Nach eachtrach an oíche é ...”

I gceann tamaill, d’fhill Gliogar an gadaí leis an bhailitheoir aoiligh agus ní blaosc amháin a bhí leis ach trí cinn. Bhí siad sean agus dath buí orthu agus iad salach le cré.

“Amharcaigí orthu seo,” arsa Gliogar an gadaí.

Shín sé na blaoscanna chuig fir éagsúla agus ansin anonn leis chuig an tseandúine a raibh na geallta aige.

“Creidim go bhfuil mé le mo scilling a fháil ar ais móide an oiread céanna arís.”

“Tá’n ceart agat,” arsa an seandúine.

“Bhuel, le go mbeidh’s agat an mianach atá ionam, glac mo scillingse agus glac do scillingse agus tabhair an dá rud d’fhear an tsíbín agus ná stadaimis go raibh luach an dá scilling ólta againn.”

“Ó, ar dóigh,” arsa fear an tsíbín agus gliondar ina chroí nó go dtí sin bhí gruaim air ag smaoineamh go gcaillfí scilling a d’fhéadfadh a bheith aige féin ach anois chonaic sé go mbeadh dhá scilling aige nach raibh sé ag dréim leo, rud a d’fhág breá sásta é.

D’ól Gliogra an gadaí agus custaiméirí an tsíbín ar feadh na hoíche. Am éigin, go hiontach luath ar maidin, tháinig baicle de na gíománaigh isteach de rúid.


“Anois,” arsa captain na ngíománach de srcead. “Amach leat, a Ghliogair. Tá’s againn cad é ’rinne tú i nGleann Fearna aréir. Rinne tú búistéireacht ar chréatúr bocht, sin a’ rud a rinn’ tú. Ná

habair nach dtearn. Rinn' tú é. Sin na fíricí. Ar aghaidh leat, mar sin, goitse go ciúin, tá's agat cad é 'tharlós anois. Tá tú i ndiaidh fear a dhúnmharú, agus crochfar thú dá bharr."

Thosaigh na glórtha:

"Ná leagaigí lámh ar Ghliogar ... Ní thearn sé rud ar bith i nGleann Fearna ... Ní raibh sé i nGleann Fearna ar chor ar bith ... Bhí sé abhus anseo i mBotha i rith na hoíche ... Tháinig sé anseo tráthnóna inné, thairg sé geall ... Scilling d'fhear ar bith a thochlódh cnámharlach aníos agus a bhainfeadh an bhlaosc de ... Níor ghlac aon duine leis an gheall agus mar sin chua' sé 'na reilige é féin leis an bhailitheoir aoiligh anseo agus amharc, nár thochail sé aníos na trí bhlaosc seo ... Inseochaidh'n bailitheoir aoiligh an chuid sin den scéal... Ansin tháinig sé féin agus an bailitheoir cánach ar ais agus ar ndóighe bhí na trí bhlaosc leo... agus ón am sin chaith muid an oíche ag ól na ngeallta ... Ní raibh, ní raibh Gliogar i nGleann Fearna ar chor ar bith, agus ní fhéadfadh sé'n dúnmharú seo a dhéanamh atá tú a chur ina leith ... Ní thiocfadh, ní thiocfadh leis sin a dhéanamh ... Bhí sé anseo an oíche ar fad, sa reilig nó abhus anseo sa tsíbín ..."

Chuir an gíománach cuid mhór ceisteanna. Ar dtús ní raibh sé ag tabhairt isteach don méid a bhíothas ag insint dó ach bhí na glórtha chomh diongbháilte sin, agus bhí na daoine ar aon ghuth, gurbh éigean dó sa deireadh glacadh leis go raibh Gliogar an gadaí ansin an oíche ar fad mar a dúirt gach duine. Mar sin le breacadh an lae nuair a thosaigh na coiligh a ghlaoch, thug sé a dhíorma ar ais leis chun na beairice agus a shiúl in aisce aige.











# Mag Uidhir agus an Diabhal

*This story was collected by Andrew Farry of Bigh, Tempo from his 80 year old mother who lived at Carnaguiltagh in 1949. It appears in NFC 1253: 386-7.*

Shuigh an Tiarna Mag Uidhir ina oifig sa teach mór s'aige ar an lompú Deiseal gach lá ag léamh trí chuntaisí an eastáit ar eagla go rachadh oiread is pingin rua amú. Bhí rún aige airgead mhór a bhailiú sa dóigh is go bhféadfadh sé a theach a mhéadú agus an t-eastát a fhorbairt. Sa tráthnóna nuair a bhíodh a chuid oibre déanta aige shuíodh sé sa leabharlann s'aige agus dheineadh sé ábhar léitheoireachta de shaghas eile a tharraingt chuige féin. Bhí seanleabhair aige ina raibh scéalta dorcha le léamh, scéalta mar gheall ar an healaí dhubha. Agus chuaigh na scéalta seo i bhfeidhm air agus thuig sé uathu go raibh dóigheanna ann le hairgead a ghnóthú nach maithfeadh sagart nó ministéar dó. D'fhoghlaim sé go ndéanadh an Diabhal féin airgead a chur ar fáil dá ndéanadh duine margadh leis ach go mbeadh praghas le híoc ar ball. Ach bhí seisean ag smaoineamh ar an túr a thogfadh sé le go bhféadfadh sé súil a choinneáil ar an eastát ar fad, ar na

gairdíní áilne a leagfadh sé amach, ar na stáblaí a bheadh aige le haghaidh na gcapall agus ar na héisc a bheadh aige sa loch a bhí os comhair an tí. Agus dúirt sé leis féin gurb fhiú dó margadh a dhéanamh leis an Diabhal.

Cúpla lá i ndiaidh sin bhí sé amuigh ag foghlaeireacht agus gunnán ina ghlac aige. Ansin baineadh tuisle as, thit sé agus scaoileadh an gunnán. Ach má scaoileadh an gunnán níor goineadh Mag Uidhir. Bhí sé fós ina luí ar an talamh nuair a d'aithin sé go raibh fear ina sheasamh roimhe, fear ard caol a raibh aghaidh bhán tanaí air. An Diabhal a bhí ann.

‘Nach ortsá a bhí an t-ádh! Bhí sé i gceist agam tú a thabhairt liom inniu ach bhí suim agam sna pleananna atá agat le haghaidh an eastáit seo. Mar sin de, seo an rud a dhéanfaidh mé. Bhearfaidh mé míle punt agus seacht mbliain duit. Ach nuair a bheidh an seacht mbliain sin istigh tiocfaidh mé ar ais fá do choinne.’

Agus smaoinigh Mag Uidhir ar an mhíle punt, is níor smaoinigh sé gur achar goirid ama é seacht mbliain i saol an duine agus rinne sé an conradh a chuir an Diabhal os a chomhair a shíniú agus an lá dar gcionn fuair sé litir a thug le fios dó go raibh duine muinteartha leis i ndiaidh bás a fháil agus go raibh míle punt fágtha aige san uacht aige.

Chuaigh Mag Uidhir i mbun oibre, thóg sé túr, ghlan sé amach an loch is chuir sé éisc ann agus thóg sé stáblaí ar chúl an tí. Ach ar chúis éigin ní raibh sé sásta nó sona ann féin agus tráthnóna amháin nuair a bhí sé ina shuí ina leabharlann agus leabhar trom dubh a léamh aige tharla gur ardaigh sé a shuíl ón leathanach agus chonaic sé de gheit go raibh fear ard i gcóta dubh sa chathaoir eile agus aoibh mhór air.

‘Tá an t-am istigh,’ a dúirt sé. ‘Caithfidh tú teacht liom anois. Cuimhnigh go bhfuil conradh eatrainn.’

‘Is maith agus is cuimhin liom,’ arsa Mag Uidhir. ‘Fan go bhfaighidh mé mo chóta.’

Chuaigh sé chuig an doras agus ghlaoigh sé ar a shearbhónta. Dúirt sé leis an cóta fada dubh leis an bhóna bhán a fháil, an scáth fearthainne agus an hata ard.

Agus thuig an searbhónta gurb é an sagart a bhí i gceist aige. Agus d'imigh sé ar luas lasrach fána choinne.

Thosaigh Mag Uidhir ag insint don Diabhal fá'n obair mhór a bhí déanta aige thart fá'n teach agus bhí siad fós ag caint nuair a shiúil an sagart isteach agus cros ina lámh aige.

'Cén gnóithe a thug anseo thú?' a d'fhiafraigh an sagart den Diabhal.

'Tá conradh déanta agam leis an fhear seo. Sin a bhfuil uaim.'

'Taispeáin domh é,' a d'ordaigh an sagart.

Lig an Diabhal don chaipéis titim ar an urlár. Sháith an sagart bior an scáth fearthainne sa chaipéis agus d'ardaigh sé ar an dóigh sin é. Thug sé sraithfhéachaint air agus chuir sé é ina phóca.

'Imigh leat amach as seo anois.'

Thuig an Diabhal go raibh bob buailte ag an sagart air.

'Ni thig liom imeacht ón áit seo anocht gan beatha éigin a thabhart liom,' arsa an Diabhal.

'Tig leat an madadh caorach a thabhairt leat, má's mar sin atá an scéal,' arsa Mag Uidhir.

'Déan sin,' arsa an sagart 'agus imigh ar ais chuig an áit a dtáinig as.'


Sheas siad ag príomhdhoras an tí agus lig Mag Uidhir fead.

Tháinig an madadh ag rith ina threo ach nuair sé an Diabhal thiontaigh sé agus rith sé i dtreo an locha agus chuaigh an Diabhal sna sála air. Isteach leis an bheirt acu go bun an locha.

Bhí tintreach ann a shoilsigh aghaidheanna Mhig Uidhir agus an tSagairt agus bhí toirneach ann a bhain creathadh astu.

Thiontaigh siad agus chuaigh siad isteach sa leabharlann arís.

'Anois,' arsa an Sagart, 'tá airgead agat orm.'





# Críoch an Talaimh

*Liam Ó Briain got this from his father. This strange allegorical story speaks (at least to me) of the way a rural community can thwart itself just as much as the forces that oppress it.*

*NFC 1014: 168.*

Tráthnónta fada samhraidh ba ghnách le cuid de sheandaoine an tsráidbhaile suí faoin ghrian cóngarach don reilig agus a gcomhrá a dhéanamh. An tráthnóna áirithe seo is é críoch an talaimh an t-ábhar comhrá a bhí acu. Ar feadh a n-eolais, bhí críoch an talaimh giota siar ón tsráidbhaile s'acu.

“Bhí’s againn i gcónaí go bhfuil críoch ag an talamh,” arsa duine de mhuintir an tsráidbhaile. Peadar an t-ainm a bhí ar an duine a labhair na focail seo. “Ach cad chuige nach dteachaigh muid ariamh ar a lorg? An dtig le duine’r bith sin ‘inse domh?”

“Mar go bhfuil eagla orainn go dtitfidh muid di má thig muid uirthi,” arsa duine eile. Pól a bhí ar an fhear seo.

“Ach dáiríre, nuair a smaointíonn tú air, cad é ‘chuirfeadh eagla orainn?” arsa Peadar. “Dá rachá’r lorg chríoch an talaimh agus dá dtiocfá uirthi, bheadh’s agat go gcaithfeá ‘bheith cúramach, nach mbeadh a fhios? Is cinnte nach rachá a fhad léi agus tú ag rá, ‘Maise, seo críoch an talaimh’ agus go dtitfeá di ansin. Is cinnte

nach ndéanfaí sin. Mar sin is amaideach an mhaise dúinne eagla a bheith orainn go dtitfidh muid di. Níl seans ar bith go dtitfeadh. Na-nach bhfuil a fhios sin againn?”

Dar leis na daoine a bhí ina suí thart ag éisteacht go raibh go leor céille sna focail sin agus dúirt siad, “Tá’n ceart agat.”

“Más mar sin atá,” arsa Peadar, ó tharla gur chuir sé ina luí ar na daoine a bhí ag éisteacht nach dtitfeadh siad den domhan thapaigh sé an deis, “bíodh cruinniú de mhuintir an bhaile againn, agus molfa’ mise mar rún go ndéanfa’ muid turas taiscéalaíochta a reáchtáil le theacht ar chríoch an talaimh. Cad é bhur mbarúil?”

Dar le gach duine gur smaoineamh iontach a bhí ann. Mar sin rinneadh cruinniú a reáchtáil agus cuireadh an moladh ar vóta. Bhí freagra d’aon ghuth ann. Chuirfeadh an sráidbhaile taiscéalaithe amach le teacht ar chríoch an talaimh. Ní raibh le déanamh anois ach na daoine a roghnú a rachadh. D’éirigh Peadar ina sheasamh.

“Cé ‘chuirfeas a ainm chun tosaigh?” a d’fhiafraigh sé.

Cuireadh suas a raibh de lámha sa teach.

“Tá go maith,” arsa Peadar, “scríobhfa’ mé ainm achan duine sa bhaile ar ghiota páipéir agus cuirfidh mé uilig i hata iad agus ansin tógfa’ mé amach dhá cheann déag acu,” ar seisean. “Agus sin a’ grúpa a chuirfeas muid amach. Dhá aspal déag le teacht ar chríoch an talaimh.”

D’aontaigh gach duine air sin. Roghnaíodh dháréag de mhuintir an tsráidbhaile mar an dá aspal déag. Bhí seisean ban ann agus seisean fear. Mar a tharla, bhí Peadar ar na fir a roghnaíodh le dul, agus Pól duine eile acu.

Ar maidin an lá arna mhárach rinne an dá aspal déag réidh. Chuir siad uilig snas ar a gcuid bróg go raibh loinnir astu. Ní thig le duine ar bith dul go críoch an talaimh mura bhfuil snas ar a bhróga. D’aontaigh gach duine air sin. Ansin chuir gach aon fhear acu air a chulaith Dhomhnaigh agus a chóta fada dubh agus a hata lena dhuilleog leathan agus chuir gach aon bhean uirthi a gúna Dhomhnaigh agus a hata dubh agus a boinéad tuí. Ní thig le duine dul go críoch an talaimh mura bhfuil a chulaith Dhomhnaigh air. Bhí a fhios sin ag an tsaol mhór. Ansin bhailigh siad le chéile

an méid a bhí de dhíth orthu don turas – rópaí, tuanna, sceana, spáda, blaincéid, brioscaí coirce, cáis, mil agus uisce beatha. Ní thig le duine dul go críoch an talaimh mura bhfuil na riachtanais chearta aige. Bhí a fhios sin ag an tsaol mhór. Ansin tháinig an dá aspal déag le chéile ag ceann thiar an bhaile lena gcuid uirlisí agus a gcuid soláthairtí. Bhí an chuid eile de mhuintir an tsráidbhaile ansin lena mbeannacht a chur leo.

“Slán libh, a dhá aspal déag,” an glaoch a bhí acu, “agus go n-éirí libh in bhur dtóir ar chríoch an talaimh.”

“Agus ádh mór oraibh féin,” arsa an dá aspal déag, agus ansin shiúil siad i dtreo an iarthair gur imigh siad as radharc ...

Shiúil an dá aspal déag leo gan stad. I ndiaidh trí lá tháinig siad a fhad le balla. Bhí an balla déanta de bhrící a coinníodh le chéile le moirtéal buí. Chomh fada agus a bhí gach duine ábalta a dhéanamh amach bhí sé a bheag nó a mhór chomh hard le ceathrar aspal curtha in ord i líne ar bharr a chéile, agus bhí barr an bhalla leathan agus cothrom agus leathan go leor le go dtiocfadh le duine seasamh air gan trioblóid.

“Creidim gur chóir dúinn dréimire a dhéanamh,” arsa Pól a bhí ina tháilliur agus corruair ina dhéantóir puball, agus mar sin de bhí sé deaslámhach agus maith ag déanamh rudaí, “agus ansin cuirfidh muid duine suas go bhfeice sé cad é atá le feiceáil.”

D’aontaigh na haspail d’aon ghuth ar an phlean seo.

Thángthas ar dhá chrann arda, chomh hard leis an bhalla. Gearradh anuas iad agus bearradh iad. Ina dhiaidh sin, rinneadh tacaí coise agus greamaíodh iad agus ina dhiaidh sin iompraíodh an dréimire go dtí an balla agus cuireadh ina áit é. Chuaigh sé a fhad leis an bharr go sásúil.

“An dtig liomsa dul suas,” arsa Pól, “ó tharlaigh gur agamsa a bhí an smaintiú an dréimire ‘dhéanamh agus chomh maith leis sin is mise’s mó a rinne an dréimire?”

Bhí fírinne sa mhéid a dúirt Pól. Eisean a rinne an chuid ba mhó den obair.

“Maith go leor,” arsa na haspail eile. “Gabh thusa suas mar sin, ó tharlaigh gur dhúirt tú mar sin é.”

Dhreap Pól suas. Nuair a bhain sé an barr amach tháinig sé den dréimire gur stán sé ar cibé a bhí ar an taobh thall. D’amharc na haspail aníos air agus chonaic siad aoibh iontach ar a aghaidh. Ní fhaca aon duine acu aoibh riamh cosúil leis an cheann a bhí ar aghaidh Phóil.

“Cad é ‘tchí tú?” arsa na haspail ag scairteadh ag bun an dréimire.

“Cad é ‘tchím?” arsa Pól mar a bheadh sé ag brionglóideach. Chroith sé a ghuailí agus léim sé gur imigh sé as radharc.

“Cad é? ...” arsa an t-aon aspal déag i sean-ard a gcinn. “Tá sé i ndiaidh léim a ghearradh go dtí’n taobh thall ... cad é ‘tá ar bun aige ...?”

Ar feadh tamaill ina dhiaidh sin scread an t-aon aspal déag a bhí fágtha agus thosaigh siad a chur tharstu le tréan feirge. Ansin, ní nach ionadh, d’éirigh siad tuirseach agus chonaic Peadar a sheans.

“Éistigí liomsa anois,” arsa Peadar. “Is agamsa a bhí’n smaintiú an turas seo a bheith againn an chéad lá ariamh. Agus bhí teachtaireacht shoiléir agam ón tús. Rachadh muid amach, thiocfadh muid ar chríoch an talaimh, agus rachadh muid ar ais lena inse de mhuintir an bhaile cad é ‘fuair muid. Ba sin an plean i gcónaí a fhad’s a bhain sé liomsa. Ní raibh sé sa phlean go rachadh muid go críoch an talaimh agus go leanfadh muid ar aghaidh ina dhiaidh sin.

“Seo’n rud a mholaimse mar sin. Cuirigí mise suas anois. Tchífidh mé cad é ‘tá ar an taobh thall. Ansin tiocfa’ mé anuas. Agus cad é mar atá’s agaibh go dtiocfaidh? Tá sin simplí. Tá aithne agaibh orm ‘rith bhur saoil. An raibh am ar bith nach dtearn mé’n rud a dúirt mé a dhéanfainn? Ní raibh, ariamh. Rinne mé i gcónaí an rud a dúirt mé a dhéanfainn, mar go ndéanaim i gcónaí an rud a deirim a dhéanfa’ mé. Tá’s agaibh uilig sin. Tá’s agaibh go dtiocfa’ mé anuas agus go n-inseocha’ mé’n rud a chonaic mé. Tá’s agaibh go n-inseocha’ mé’n fhírinne. Ar ndóighe, má tá aon duine agaibh ag iarraidh an rud a fheiceáil sibh féin, bhuel féadfaidh sibh spléachadh beag a bheith agaibh i mo dhiaidh. Féadfaidh sibh



uilig spléachadh beag a bheith agaibh i mo dhiaidh ó dúirt mé é. Agus ansin beidh muid uilig ábalta dul ar ais 'na tsráidbhaile agus a inse dóibh cad é 'fuair muid. Cad é bhur mbarúil?"

"Tá cuma maith go leor air sin," arsa an deichniúr eile de na haspail gos íseal. "Tá aithne againn ar Pheadar cinnte ... tá's againn nach dtéann sé siar ar a fhocal ... tá's againn go bhfuil sé iontaofa. Ceart go leor ... plean maith ... cuirimis Peadar suas."

Dhreap Peadar suas. Nuair a bhain sé an barr amach tháinig sé den dréimire agus sheas sé ar an bhalla gur stán sé ar cibé a bhí ar an taobh thall. D'amharc na haspail aníos air agus chonaic siad aoibh iontach ar aghaidh Pheadair. Ní fhaca siad aoibh mar seo riamh roimhe ach nuair a bhí Pól ag an bharr ag amharc ar an taobh thall.

"Cad é 'tchí tú?" arsa na haspail ag scairteadh ag bun an dréimire.

"Cad é 'tchím?" arsa Peadar mar a bheadh sé ag brionglóideach. Chroith sé a ghuaillí agus léim sé gur imigh sé as radharc.

"Cad é? ..." arsa an t-aon aspal déag i sean-ard a gcinn. "Tá sé i ndiaidh léim a ghearradh go dtí'n taobh thall ... cad é 'tá ar bun aige ...?"

Ina dhiaidh sin chuaigh an naoú haspal suas gur léim sé ... ansin an t-ochtú haspal ... ansin an seachtú haspal ... an séú haspal ... go dtí sa deireadh ní raibh ach aspal amháin fágtha, seanbhean bheag a raibh súile donna aici a raibh scáth fearthainne léi darbh ainm Bríd.

"Má théimse suas," ar sise, "léimfidh mise den bhalla sa deireadh. Bhuel, rinn' achan duine eile é agus ar ndóighe is cinnte go ndéanfa' mise'n rud céanna. Agus ansin cad é mar 'bheas muid fágtha? Mur' dté duine'r bith ar ais, beidh muintir an bhaile croíbhriste. Déarfa' siad, 'Cad chuige nach dtáinig duine'r bith de haspail ar ais lena inse dúinn cad é 'fuair siad?' Agus ansin déarfadh cuid de na cloigne móra, 'Nár bh fhearr dúinn buíon chuardaigh a chur amach?' Agus déarfadh achan duine eile, 'Cinnte, sin smaintiú breá.' Mar sin de cuirfidh siad dháréag eile. Tiocfa' siad. Gheobha' siad a' dréimire. Duine i ndiaidh'n duine dreapfa' siad uilig suas

agus ansin duine i ndiaidh'n duine léimfidh siad uilig. Agus ansin, nuair nach dtiocfaidh'n dara buíon chuardaigh ar ais, baileochaidh muintir an tsráidbhaile an tríú buíon chuardaigh agus ní thiocfa' siadsan ar ais ach oiread. Mar sin cuirfidh siad an ceathrú buíon chuardaigh nach dtiocfaidh ar ais ar ndóighe, agus leanfaidh sin ar aghaidh agus ar aghaidh go dtí sa deireadh nach mbeidh aon duine fágtha sa bhaile mar go dtáinig achan duine, gur dhreap siad go dtí'n barr agus gur léim siad den bharr. Maise, ní thig linn glacadh le sin ar chor ar bith, mar sin seo'n rud a dhéanfas muid. Dhéanfa' mé smidiríní den dréimire seo agus ansin ní bheidh duine'r bith eile ábalta dreapadh suas agus léim a thabhairt den bharr. Agus ansin caithfidh mé achan rud ar shiúl sa dóigh nach dtig le duine'r bith dréimire a dhéanamh. Caithfidh mé na soláthairtí ar shiúl fosta. Ní choinneocha' mise ach an méid atá 'e dhíth orm don turas 'na bhaile. Agus ansin siúlfa' mé ar ais go n-insí mé daofa ..." thost Bríd. "Cad é 'inseochas mé daofa?" Mhachnaigh Bríd agus i ndiaidh cúpla bomaite bhí a fhios aici cad é a d'inseodh sí don chuid eile de mhuintir an tsráidbhaile nuair a thiocfadh sí ar ais. "Is ea, maith an plean, a Bhríd," ar sise. "Tá sin ar fheabhas."

Ghearr Bríd an dréimire ina phíosáí, chaith gach rud ar shiúl agus shiúl chun an bhaile. Nuair a nocht sí sa tsráidbhaile, amach le gach duine as a dtithe agus phlódaigh siad thart uirthi. Thosaigh an scairteach ansin.

"A Bhríd, cad é 'tharlaigh? ... cá'l na haspail? ... Ar bhain sibh críoch a' talaimh amach? ... Cad é 'chonaic sibh?"

"Níor bhain, leoga," arsa Bríd. "Níor bhain muid críoch a' talaimh amach."

"Cad é 'tharlaigh?"

Bhí a scéal ullmhaithe ag Bríd agus bhí sé á chleachtadh agus í ag siúl chun an bhaile agus ní raibh le déanamh aici anois ach é a chaitheamh amach aisti.

"Bhí'n oíche ann agus bhí muid uilig sa choillidh," ar sise. "Chuir muid síos tinidh agus luigh muid ar a' talamh, soiprithe inár gcuid blaincéad. Níorbh fhada gur thit an t-aon duine déag eile 'na gcodladh ach ní tháinig liomsa néal codlata a fháil ar chúis éigin."

B'fhéidir go raibh a fhios agam cad é 'bhí a' teacht. Níl a fhios agam.

“Ar scor ar bith, d'éirigh mé agus thoisigh mé a shiúl thart. Chonaic me lasracha na tineadh a' léimnigh i bhfad uaim. Ansin chonaic mé cruthanna, iad mór dubh, ag streachailt as measc na gcrann. Bhailigh siad thart ar an tinidh, an áit a raibh na daoine eile 'na gcodladh, ansin thug siad léim ar an mhuintir a bhí 'na gcodladh, a' drannadh agus a' gearradh lena gcrúba agus a' priocadh lena bhfiacra. Béir a bhí iontu. Bhí an screadach uafásach. Ní raibh seans ar bith ag na haspail. Dhreap mé suas crann sa dóigh's nach bhfeicfeadh na béir mé agus choimhéad mé iad ag marú achan duine agus ansin á n-ithe. Bhain sé'n oíche ar fad astu, agus an lá uilig 'na dhiaidh sin an obair sin a dhéanamh, agus i rith an ama sin uilig d'fhan mé thuas ar a' chrann, an áit a raibh mé. Ansin d'fhág na béir agus tháinig mé anuas. Bhí'n tinidh as. Seachas corchnámh, ní raibh a dhath ar bith fágtha de na haspail. A dhath ar bith. Rinne mé an méid a bhí fágtha a adhlacadh agus theith mé. Agus anois tá mé anseo.”

Sa scaifte thosaigh gaolta na marbh a chaoineadh agus san am chéanna bhí smaointe ag rith trí intinn dílleachta óig nach raibh baint ar bith aige leis na mairbh.

“Nach iontach sin,” ar seisean leis féin, “tharlaigh go díreach go raibh Bríd ar shiúl ón tinidh nuair a tharlaigh'n

t-ionsaí? Ní dócha go dtarlóadh sin. Agus ansin, í 'bheith i bhfolach thuas ar chrann? Nach dtig le béir crainn a dhreapadh? Thig, cinnte. Agus cá fhad a bhí sí ar shiúl? Bhuel, chan chomh fada sin. Nach bhfaigheadh na béir a boladh? Nó nach bhfeicfeadh siad í? Dhéanadh cinnte. Agus 'na dhiaidh sin tá sí ag iarraidh go gcreidfídh muid nach dtáinig béar ar bith agus nár dhreap sé suas ina diaidh? Bhuel, an scéal seo ag Bríd, tá cuma na cumraíochta air ...”


Ach ar ndóigh ní raibh seisean ag dul a rá go raibh cuma na cumraíochta air. Beag an baol. Mar sin rinne sé amach go ndéarfadh sé rud éigin eile.

“Níor bhain sibh críoch a' talaimh amach, mar sin?” ar seisean.

“Níor bhain,” arsa Bríd, “níor bhain muid críoch a’ talaimh amach. Agus rud eile, ní shílím dá siúlfaidh muid linn an chuid eile dár saol go mbainfeadh choíche. Seo an fhírinne agus tá’s agam seo cionn is go raibh mé amuigh agus chonaic mé an rud a chonaic mé domh féin, níl críoch a’ talaimh ann. Ní ann dó.”

Is lú a chreid an dílleachta óg an méid seo ná a chreid sé an scéal faoi na béir ag marú na n-aspal. Déanta na fírinne, nuair a chuala sé an rud a dúirt Bríd, bhí an dílleachta óg cinnte dearfa anois go raibh críoch an talaimh ann, agus chomh maith leis sin bhí sé cinnte go bhfaca Bríd é ach ní raibh sé ag dul a rá rud ar bith faoi mar gheall ar cibé rud a tharla amuigh ansin. Mar sin féin, cionn is nach raibh ann ach gasúr óg, ní raibh sé ag dul a rá in am ar bith cad é a shíl sé mar go raibh a fhios aige dá ndéarfadh nach mbeadh ar a shon aige ach smitín agus ansin go gcuirfí a luí é gan suipéar ar bith, agus ní raibh sé ag iarraidh smitín ná dul a luí agus ocras air. Mar sin de, ní dúirt an dílleachta óg rud ar bith. Ina áit sin smaoinigh sé ar an rud ba mhaith leis a rá, rud nár chuala aon duine mar nach dtig le duine ar bith smaointe páistí a chluinstin.

“Nuair a fhásfas mise aníos,” ar seisean leis féin, “fágfa’ mé’n áit seo agus imeocha’ mé liom go dtiocfa’ mé ar chríoch a’ talaimh.”





## Nóta faoi na hÚdair & Léiritheoir

**Séamas Mac Annaidh** - is scríbhneoir dátheangach agus scéalaí é atá ina chónaí i mBéal Cú, Co. Fhear Manach. Bhí sé ina scríbhneoir cónaithe in Ollscoil na Ríona, Ollscoil Uladh agus Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Tá sé úrscéal foilsithe aige i nGaeilge agus *A History of Ireland* sárdhiola i mBéarla. Tá sé gníomhach i giorcail staire áitiúla i bhFhear Manach agus leanann sé ar aghaidh le sceideal gnóthach de léachtaí, scéalaíocht, scríbhneoireacht agus eagarthóireacht. Tá sé ag taighde agus taifeadadh bhéaloideas agus stair bhéil Fhear Manach le blianta fada.

**Carlo Gébler** - tá sé ina chónaí taobh amuigh de Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach. Is iad na foilseacháin is deireanaí aige (gach ceann acu ó New Island) ná *The Projectionist, the Story of Ernest Gébler*, beathaisnéis a athar, *The Wing Orderly's Tales*, agus *Aesop's Fables: The Cruelty of the Gods* (comhshaothar leis an ealaíontóir Gavin Weston). Bíonn sé ag teagasc i gColáiste na Tríonóide agus sa Choláiste Mheiriceánach, Baile Átha Cliath, agus go dtí mí Aibreáin réachtáil sé Club an tSathairn do phríosúnaigh óga fhireanna agus bhaineanna i gColáiste Hydebank (Ionad Ógchiontóirí Hydebank roimhe seo). Is ball é de Aosdána. Cuirfear a dhráma, *The Hydebank Testimonials* (bunaithe ar fhianaise phearsanta príosúnach), ar an stáitse níos moille i mbliana.

**James Killian** - is ealaíontóir é as an Bhóthar, Co. na hIarmhí. Fuair sé céim in Institiúid Ealaíona, Dearadh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le Céadonóracha san ealaín in 2019. Is le greanadh adhmaid traidisiúnta a chruthaítear a chuid léaráidí. Seo an chéad choimisiún aige.



*Téann Seanscéalta ó Fhear Manach go croí dubh  
an chontae cois locha. Tá na scéalta áitiúla seo ag cur thar  
maoil le craos fola, díoltas, draíocht agus carachtair aisteacha.*

Tá athshamhlú déanta ag Séamas Mac Annaidh agus Carlo Gébler  
ar scéalta a bailíodh ag Coimisiún Bhéaloideas Éireann agus atá a  
fhoilsiú anseo don chéad uair.

Is cuid de Artsland, mhóorthógra forbartha ealaíona, a mhair dhá  
bhliain agus a dhírigh isteach ar chuimsiú, traidisiúin chultúrtha  
agus ar cheirdealaíona tuaithe é *Seanscéalta Fhear Manach*.  
Rinne Comhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann agus Comhairle  
Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí comhfhaoiniú air.



Fermanagh & Omagh  
District Council  
Comhairle Ceantair  
Fhear Manach agus na hÓmaí



LOTTERY FUNDED

ISBN 978-0-9540727-1-1



9

780954

072711